Radiological Protection Institute of Ireland

An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch

An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS CUNTAIS 2013

Don Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Lánscoradh an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch ar an 1 Lúnasa 2014 faoi ionstraim reachtúil de bhun an Achta um Chosaint Raideolaíoch, 2014. Ar an lá sin aistríodh a feidhmeanna uile chomh maith lena sócmhainní, a dliteanais agus a foireann chuig an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

De réir cheanglais an Achta um Chosaint Raideolaíoch (Forlálacha Ilghnéitheacha), 2014, is mór an onóir dom Tuarascáil Bhliantúil agus Ráiteas Cuntais na hInstitiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2013 a chur faoi do bhráid.

Ard-Stiúrthóir (EPA)

Ráiteas Misin

"A chinntiú go ndéantar muintir na hÉireann a chosaint ó éifeachtaí dochracha na radaíochta."

© 2015 An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Arna fhoilsiú ag
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
An Oifig um Chosaint Raideolaíoch
3 Cearnóg Chluain Sceach
Baile Átha Cliath 14.

Teileafón: 01-2680100.
www.epa.ie

Tá an tuarascáil seo ar fáil i mBéarla ag www.epa.ie

ISBN: 978-1-84095-588-0

Clár Ábhair

Cé muid agus cad a dhéanaimid	2
Tosaíochtaí straitéiseacha don RPII 2011-2013	3
Buaicphointí le haghaidh 2013	4
Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh	5
Rialáil agus ceadúnú	13
Nochtadh phobal na hÉireann don radaíocht	22
Seirbhísí tomhais radaíochta	31
Socruithe náisiúnta le haghaidh éigeandálaí	33
Sábháilteacht áiseanna núicléacha thar sáile	38
Caighdeáin agus gníomhaíochtaí idirnáisiúnta	42
Seirbhísí corparáideacha	46
Ár rialachas	52
Struchtúr na foirne	56
Ráitis Airgeadais	58

Cé muid agus cad a dhéanaimid

Is eagraíocht náisiúnta í an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch (RPII) atá freagrach as a chinntiú go ndéantar pobal agus comhshaol na hÉireann a chosaint ó éifeachtaí dochracha na radaíochta ianúcháin.

Comhlíonann an RPII a cúraimí trí rialú láidir, éifeachtach a dhéanamh orthu siúd uile a bhaineann úsáid as foinsí radaíochta agus trí bheith ag obair i gcomhar le húdaráis rialála eile. Déanann an RPII monatóireacht ar a mhéid atá daoine faoi lé radaíochta. Chomh maith leis sin, cuireann an eagraíocht comhairle ar fáil don phobal agus don Rialtas maidir le foinsí radaíochta, agus maidir leis na rioscaí a bhaineann leosan agus conas bainistiú a dhéanamh orthu. Tá ról lárnach ag an RPII in ullmhacht na hÉireann dá dtarlódh timpiste núicléach thar lear agus déanann an eagraíocht monatóireacht freisin ar fhorbairtí i ndáil le saoráidí núicléacha thar lear. Níl aon ról ag an eagraíocht sa chumhacht núicléach nó eile a chur chun cinn.

Tá an RPII tiomanta do bharr feabhais na heolaíochta, agus tá a chomhairle bunaithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta chomhaontaithe agus ar thaighde a bhfuil piarmheasúnú déanta air.

Bunaíodh an RPII sa bhliain 1992 faoin Acht um Chosaint Raideolaíoch, 1991, agus faigheann sé maoiniú i bhfoirm deontais ón Státchiste agus i bhfoirm ioncaim ó tháillí ceadúnais agus ó sheirbhísí tomhais radaíochta. Is é nó is í an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil a dhéanann na táillí ceadúnais agus seirbhísí tomhais a fhaomhadh.

Is údarás rialála neamhspleách é an RPII.

Tosaíochtaí Straitéiseacha don RPII 2011-2013

Tá straitéis shoiléir forbartha ag an RPII le cosaint radaíochta in Éirinn a neartú thar an tréimhse trí bliana 2011 go 2013. Tá seo leagtha amach ina iomláine i *bPlean Straitéiseach an RPII 2011–2013*.

Tá an RPII tar éis ceithre thosaíocht straitéiseacha a fhorbairt don tréimhse amach romhainn, agus tá cuspóirí ar leith ann do gach tosaíocht, atá ag teacht i ngach cás leis na príomhthéamaí de luach poiblí, trédhearcacht, cumarsáid agus inbhuanaitheacht. Is iad seo a leanas na ceithre thosaíocht straitéiseacha sin:

Saineolas, cumas teicniúil agus faisnéis a chur ar fáil atá riachtanach chun pobal na hÉireann agus an comhshaol a chosaint

Faoin tosaíocht straitéiseach seo áirítear roinnt de phríomhfheidhmeanna an RPII – monatóireacht a dhéanamh ar na leibhéil radaíochta sa chomhshaol, daoine a chur ar an eolas maidir le torthaí ár dtaighde agus comhairle a chur ar an bpobal agus ar an Rialtas maidir leis na himpleachtaí a bhaineann le daoine bheith faoi lé radaíochta. Is léiriú iad na cuspóirí seo ar thábhacht na ngníomhaíochtaí seo don chosaint ó radaíocht in Éirinn. Féachfaidh an RPII le formhór na hoibre seo a dhéanamh é féin, ach féachfaidh sé freisin le faisnéis agus seirbhísí a sholáthar go seachtrach, i gcás go bhfuil sin ina luach níos fearr ar airgead gan cur isteach ar an gcaighdeán foriomlán.

Rialú a dhéanamh ar úsáid shábháilte, shlán na radaíochta ianúcháin in Éirinn ar bhealach inbhuanaithe, trédhearcach

Faoin tosaíocht straitéiseach seo áirítear córas rialála, ceann de phríomhfheidhmeanna reachtúla an RPII. Cé go nglactar leis go bhfuil an córas rialála atá i bhfeidhm faoi láthair ina chóras éifeachtach, leis na cuspóirí faoin tosaíocht seo féachtar le feabhas a chur ar an gcóras trí leas a bhaint as cur chuige riosca-bhunaithe i leith an údaraithe agus trí chur le trédhearcacht.

Obair i gcomhar le dreamanna eile chun tionscnaimh náisiúnta atá dírithe ar chosaint raideolaíoch a chur i bhfeidhm

Ón taithí ag an RPII go dtí seo, ní féidir leis an eagraíocht ardchaighdeáin sa chosaint radaíochta a bhaint amach gan cúnamh a fháil ó dhreamanna eile. Faoin tosaíocht straitéiseach seo aithnítear go bhfuil dreamanna eile ann a bhfuil freagrachtaí orthu agus is gá don RPII obair i gcomhar leis na dreamanna sin. Díríonn na cuspóirí sa réimse seo ar dhá mhórbhearna i mbonneagar cosanta radaíochta na tíre – straitéis náisiúnta radóin agus straitéis náisiúnta chun bainistiú a dhéanamh ar dhramhaíl radaighníomhach. Díríonn siad freisin ar threoracha nua a meastar a eiseofar thar shaolré an phlean.

Luach a sholáthar don phobal san uile ní a dhéanaimid

Díríonn an tosaíocht straitéiseach seo ar fheabhas a chur ar luach poiblí an RPII ar an iomlán trí úsáid na n-acmhainní laistigh agus lasmuigh den RPII a bharrfheabhsú. Agus tacaíocht á tabhairt d'iarrachtaí an Rialtais le hathruithe a dhéanamh san earnáil phoiblí, tabharfaidh an RPII faoi chur chuige solúbtha ó thaobh shocruithe na heagraíochta, ar an gcoinníoll go gcomhlíontar riachtanais na bpáirtithe leasmhara. Go hinmheánach, déanfaidh an RPII forbairt ar a láidreachtaí agus cuirfear feabhas ar réimsí laigí ar bith. Go seachtrach, bainfear úsáid as an tionchar atá aige lena chomhpháirtithe chun luach níos fearr a bhaint amach.

Buaicphointí le haghaidh 2013

- Críochnaíodh agus foilsíodh measúnú RPII ar na impleachtaí d'Éirinn a d'fhéadfadh bheith ag na stáisiúin nua cumhachta núicléacha atá beartaithe ag an Ríocht Aontaithe.
- Críochnaíodh an staidéar ar an radaighníomhaíocht nádúrtha in aiste bia mhuintir na hÉireann, staidéar a bhfuil úsáid á bhaint as sa mheasúnú ar dháileoga radaíochta a fhaigheann pobal na hÉireann.
- D'fhorbair Met Éireann uirlis réamhaisnéise shainoiriúnaithe nua don fhreagairt d'éigeandálaí agus thacaigh RPII leis sin trí ghrúpa úsáideoirí a bhunú d'úsáideoirí eile na huirlise san earnáil phoiblí agus trí chomhchleachtadh éigeandála maidir lena úsáid a eagrú.
- Críochnaíodh agus foilsíodh staidéar maidir leis na leibhéil radaighníomhaíochta in uisce buidéalaithe arna tháirgeadh in Éirinn.
- Bunaíodh an Clár Náisiúnta Dáileoige.
- A bhuíochas le húsáid níos fearr ábhair oideachais agus na meán sóisialta, d'éirigh linn níos mó teagmhála a bheith againn leis na páirtithe leasmhara.
- Tá an pobal den tuairim anois gur lú baol é gás radóin sa teach ná stáisiúin chumhachta núicléacha thar lear agus crainn fóin shoghluaiste.
- Reáchtáladh feachtais feasachta faoi radón i naoi gcontae den tír, lena n-áirítear feachtas mór i gContae Lú.
- Le linn na bliana, eisíodh ceadúnas do shaoráid radaiteiripe, do choinneáil agus úsáid luasaire líneach ag cuimsiú teicneolaíocht CyberKnife.
- Cuireadh i gcrích 176 chigiraecht in 2013.
- Rinne INAB, ina dhiaidh sin, athchreidiúnú ar RPII agus bhronn an caighdeán nua ISO 17020:2012 ar an eagraíocht i mí Mheán Fómhair.
- Idir 2011 agus 2013 easpórtáladh tuairim is 99% de gach foinse as úsáid le leathré de bhreis is deich mbliana as Éirinn chuig saoráidí diúscartha agus athchúrsála san Eoraip agus i SAM.
- I mí Lúnasa 2013 achtaíodh Treoir 2011/70/EURATOM, i ndlí na hÉireann le I.R. Uimh. 320 de 2013, ag bunú creat comhphobail do bhainistiú freagrach, sábháilte breosla ídithe agus dramhaíl radaighníomhach.
- Thar an deireadh seachtaine den 27 Meán Fómhair 2013, goideadh seacht gcinn de 'choisctheoirí tintrí' ó áitreabh i Sord, Co. Átha Cliath. Bhí ábhar radaighníomhach sna gléasanna sin.
- Rinne Stiúrthóir Rialála agus Bainistithe Faisnéise in RPII, cathaoirleacht ar idirbheartaíocht na Comhairle ar BSS le linn Uachtaráncht na hÉireann, agus mar thoradh air sin thángthas ar chomhaontú i mí Bealtaine 2013.
- Críochnaíodh an obair chun Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin (NRCS) a fhorbairt d'Éirinn i mí Dheireadh Fómhair, mar ar cuireadh tuarascáil faoi bhráid an Aire ina raibh 48 moladh. Ina dhiaidh sin, thacaigh an Rialtas le torthaí uile an Ghrúpa Idirghníomhaireachta, agus seoladh NRCS i mí Feabhra 2014.
- Chomhoibrigh RPII le FSS chun uasdátú a dhéanamh ar líon na gcásanna de dhaoine le hailse scamhóige mar thoradh ar radón agus chomhoibrigh leis an GSI ar thionscadal píolótach chun sainaithint níos fearr a dhéanamh ar limistéir ardbhaoil radóin ag úsáid tomhais radóin san aer, tomhais gheolaíochta agus tomhais aeriompartha.

Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh

Le linn 2013, lean RPII ag díriú a chuid iarrachtaí ar dhaoine a chosaint ar thionchar dhochrach na radaíochta ianiúcháin trí rialú éifeachtach; monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil radaíochta sa chomhshaol agus measúnú a dhéanamh ar a n-impleachtaí don tsláinte; agus chuir comhairle bheacht, thráthúil ar fáil don phobal agus don Rialtas. Chomh maith leis sin, i rith na bliana, caitheadh an-dua le hullmhú don chumasc idir RPII agus EPA, cumasc a d'fhógair an Rialtas i mí na Samhna 2012 mar ar luadh lár 2014 mar sprioc dá chur i gcrích.

Rialú agus Ceadúnú

Tá ról tábhachtach ag radaíocht ianúcháin i gcúrsaí eacnamaíochta agus sóisialta in Éirinn, sa mhéid go mbaintear úsáid as sna hearnálacha fiaclóireachta, leighis, tionsclaíochta, tréidliachta agus oideachais. Is gá bainistiú sábháilte a dhéanamh ar fhoinsí na radaíochta ianúcháin, lena n-áirítear na foinsí sin nach bhfuil in úsáid a thuilleadh. Déantar bainistiú sábháilte ar ábhair radaighníomhacha a bhuíochas le clár rialála ceadúnaithe, cigireachta, treorach agus forfheidhmiúcháin RPII.

Ag deireadh 2013, bhí 1698 gceadúnas i bhfeidhm in Éirinn. Eisíodh seachtó haon ceadúnas le linn na bliana, lena n-áirítear 56 san earnáil fiaclóireachta, agus dúnadh 72 eile, 31 díobhsan san earnáil fiaclóireachta. Tríd is tríd, d'fhan an líon iomlán ceadúnas nach mór mar an gcéanna ó bhí 2008 ann. Ar na mórfhorbairtí i rith na bliana eisíodh ceadúnas do shaoráid radaiteiripe don luasaire líneach a chuimsigh teicneolaíocht Cyberknife, an chéad chóras dá leithéid a úsáideadh riamh in Éirinn. Mar is amhlaidh do gach úsáid nua de radaíocht ianúcháin, sa phróiseas ceadúnaithe bhí a lán teagmhála ann idir cigirí RPII agus na ceadúnuithe ag gach céim den tionscadal, ó chéim an deartha go dtí céim na húsáide cliniciúla. Le linn na bliana, rinne RPII breithmheas léirmheastúil freisin ar phróisis ghnó a bhaineann lena ghníomhaíochtaí ceadúnaithe agus cigireachta, agus as sin d'eascair cuireadh chun tairisceana d'fhorbairt córas bainistithe faisnéise nua (GAMIS) chun feabhas a chur ar an sochar atá le baint as coigiltis don RPII féin agus dá cheadúnaithe. Chomh maith leis sin, leis an gcóras nua beifear in ann cur chuige céimnithe a chur i bhfeidhm don údarú in am trátha.

Rinneadh céad seachtó sé chigireacht in 2013, ag díriú go háirithe ar ghnáthaimh leighis ina mbeadh úsáid á bhaint as dáileoga an-arda, mar shampla cóireáil bracaiteiripe sa radaiteiripe agus raideolaíocht idirghabhálach; úsáid gléasanna láimhe agus cón-gha x-ghathaithe; gníomhaíochtaí a bhaineann le hiompar ábhair radaighníomhacha agus soithí ina gcuirtear dramhaíl radaighníomhach agus foinsí as úsáid, lena n-áirítear coisctheoirí tintrí. Tá creidiúnú á dhéanamh ar ghníomhaíochtaí cigireachta RPII ó bhí 2008 ann agus in 2013 rinneadh leasú ar an gcóras bainistithe cáilíochta chun a chinntiú go mbeadh sé ag cloí le ceanglais an chaighdeáin nua ISO d'fhorais chigireachta (ISO 17020:2012). Thug Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú cuairt ar an eagraíocht i mí an Mheithimh, agus tar éis athmheasúnú a dhéanamh, bhronn an Bord an caighdeán nua ar RPII i mí Mheán Fómhair.

Rinneadh cigireachtaí i rith na bliana ar dháileoga intuairiscithe a bhain le gléasanna leighis. In dhá chás ní raibh an caiteoir féin tar éis an dáileog a fháil agus sa tríú cás bhí an leibhéal faoi bhun an leibhéil intuairiscithe. Bhain an ceathrú cás le rannóg cairdeolaíoch in ospidéal agus meastar go bhfuair an cairdeolaí dáileog de 12.5 millisíveart (mSv) ar lionsa na súl i dtréimhse ceithre seachtaine. An tátal a baineadh as an gcigireacht a rinneadh ar an scéal ná nárbh ionann an fhíordháileog ach 6 mSv sa mhéid go raibh spéaclaí le líneáil luaidhe á gcaitheamh ag an gcairdeolaí agus dá bhrí sin go raibh an dáileog faoi bhun an leibhéil dáileoige intuairiscithe. Sa chúigiú cás fuair radagrafaí dáileog coirp uile de 2.3 mSv. Rinne an Comhairleoir um Chosaint Radaíochta (RPA) san ospidéal an scéal a iniúchadh, ach níor thángthas ar an gcúis. Bhí an dáileog faoi bhun na teorann cuí dáileoige de 20 mSv. Chomh maith leis sin, le linn 2013, de réir na dtreoirlínte nua arna bhfoilsiú in 2009, cuireadh RPII ar an eolas faoi 4 tharlú in earnáil an leighis. Bhain gach ceann de na tarluithe sin le hothair seachas leis an bhfoireann, agus mar sin bhí siad lasmuigh de shainchúram RPII. Cuireadh iad in iúl, dá réir, don fhoras cuí, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS).

Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh (ar lean)

Mar atá ceangailte de réir dlí, is gá monatóireacht a dhéanamh ar aerchriú a bhíonn faoi lé radaíocht ianúcháin chun rialú a dhéanamh ar an nochtadh sin más gá. Le linn 2013, fuarthas amach ó 6 oibreoir ceadúnaithe aeir go raibh 12,244 dhuine a fuair dáileoga radaíochta bliantúla de bhreis is 1 mSv, agus astusan go raibh 107 nduine tar éis dáileoga sa bhreis ar 4 mSv a fháil, ach ní raibh aon duine tar éis breis is 6 mSv a fháil. Sa mhéid gur thosaigh monatóireacht ar aerchriú in 2003 bhí méadú bliantúil leanúnach ar an líon d'aerchriú a fuair dáileoga de bhreis is 1 mSv, ach táthar tar éis dáileoga a choinneáil faoi bhun 6 mSv. An chúis leis an méadú seo, bliain i ndiaidh bliana, ná toisc go bhfuil méadú tagtha ar líon na ndaoine is gá chun freastal ar bhealaí aeir nua agus toisc méadú ar an éileamh ar na bealaí aeir seanbhunaithe.

In Éirinn, cuimsítear sa dramhaíl radaighníomhach foinsí radaighníomhaíochta nach bhfuil in úsáid a thuilleadh, chomh maith le dramhaíl éilithe chliniciúil agus nithe a dhiúscraítear i rannóga ospidéil a bhíonn ag plé le leigheas núicléach. Níl aon saoráid ag Éirinn chun bainistiú a dhéanamh ar dhramhaíl radaighníomhach. I gcás na bhfoinsí radaighníomhacha nach bhfuil ag teastáil a thuilleadh, is gá iad a chur ar ais chuig an táirgeoir/soláthraí de réir an chomhaontaithe glacadh ar ais atá ina cheanglas faoin gceadúnas. Tugtar foinsí leagáide ar na foinsí as úsáid a fuarthas sular tugadh isteach na comhaontuithe glacadh ar ais. Ag tús 2011, bhí breis is 3300 foinse as úsáid a raibh leathshaolré de bhreis is 10 mbliana acu in áiteanna éagsúla ar fud na hÉireann, agus a bhformhór i seilbh 63 cheadúnaí. De réir an bheartais náisiúnta maidir le bainistiú ar dhramhaíl radaighníomhach ar ghlac Rialtas na hÉireann leis in 2010, cuireadh tús le Clár Laghdaithe Fardail chun cláir diúscartha foinse a chur i bhfeidhm ar fud na n-earnálacha uile. Idir 2011 agus 2013, easpórtáladh tuairim is 99% de gach foinse as úsáid as Éirinn agus seoladh iad chuig saoráidí diúscartha agus athchúrsála san Eoraip agus i SAM. Chomh maith leis sin, diúscraíodh beagnach 5600 cór ídithe technetiam-99m idir 2012 agus 2013. Chomh maith leis sin, le linn 2013, chas RPII le hoifigigh ón Roinn Oideachais agus Scileanna chun iniúchadh a dhéanamh ar na roghanna a bhí ann déileáil le tuairim is 500 foinse as úsáid atá ag bunscoileanna.

Baineadh úsáid as na foinsí seo chun léiriúcháin phraiticiúla a dhéanamh ar scoil mar chuid den churaclam fisice, ach níl gá leo a thuilleadh sa mhéid gur athraíodh an curaclam. Rinneadh suirbhé ar líne i measc gach ceann de na 743 bhunscoil sa tír in dara leath na bliana agus cuireadh in iúl go raibh breis is 200 bunscoil i seilbh foinsí dá leithéid. Eagrófar clár diúscartha le linn 2014.

Léiríodh chomh tábhachtach is atá sé socruithe cuí a bheith i bhfeidhm chun bainistiú sábháilte a dhéanamh ar dhramhaíl radaighníomhach nuair a goideadh seacht ngléas ó áitreabh i Sord, Co. Átha Cliath i rith na bliana – gléasanna ar tugadh 'coisctheoirí tintrí' orthu. Tá ábhar radaighníomhach sna coisctheoirí sin a d'fhéadfadh a bheith baolach don tsláinte d'éinne a bheadh cóngarach dóibh ar feadh tréimhse leanúnach, nó trí éilliú mura láimhseálfaí iad ar an gcaoi cheart.

Mar fhreagra air d'eisigh RPII agus na Gardaí rabhadh poiblí agus iad ag iarraidh na foinsí a fháil ar arís. Chomh maith leis sin, d'oibrigh RPII i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DECLG), FSS agus leis na Gardaí chun prótacail a fhorbairt chun déileáil leis na foinsí sin, i gcás go n-aimseofar iad. D'aineoinn na n-iarrachtaí uile, tá na foinsí sin fós ar iarraidh agus ní dócha go bhfaighfear ar ais iad.

Nochtadh phobal na hÉireann don radaíocht

Ceann de phríomhróil RPII ná measúnú a dhéanamh ar a mhéid is atá pobal na hÉireann faoi lé radaíochta, bíodh sin ina radaíocht shaorga nó ina radaíocht nádúrtha. Rinneadh athmheasúnú, i staidéar a cuireadh i gcrích idir 2012 agus 2013 ar an meándáileog radaíochta a fhaigheann duine in Éirinn ó gach mórfhoinse radaíochta. Tiomsaíodh na sonraí agus foilsíodh tuarascáil chuimsitheach Radiation Doses received by the Irish Population in 2014. Luadh sa staidéar go bhfaigheann duine in Éirinn meándáileog bhliantúil de 4037 micreasíveart (µSv) ó gach foinse radaíochta. Is féidir le héagsúlacht mhór a bheith ann ar an dáileog a fhaigheann daoine éagsúla sa phobal ó aon fhoinse amháin. An fhoinse is mó óna bhfaightear dáileoga, foinse is cúis le tuairim is 86% (3480 µSv) den radaíocht ná na foinsí nádúrtha, go príomha ó ghás radóin i dtithe. Déanann radaíocht de dhéantús an duine suas tuairim is 14% (557 µSv), go príomha ó úsáid radaíochta i ngnáthaimh dhiangnóiseacha leighis (546 µSv).

Ní dhéanann na dáileoga eile ó fhoinsí de dhéantús an duine suas ach níos lú ná 1% faoin gcéad (11 µSv). Mar aitheantas ar an mbaol don tsláinte phoiblí atá ann ó radón, bhunaigh an tAire Comhshaoil grúpa idirghníomhaireachta chun Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin (NRCS) a fhorbairt laistigh de dhá bhliain. Forbraíodh an straitéis seo bunaithe ar chomhairliúchán leathan, le comhairliúchán spriocdhírithe ar pháirtithe leasmhara le linn 2012 agus le comhairliúchán poiblí ar an dréachtstraitéis le linn 2013. Cuireadh an tuarascáil deiridh faoi bhráid an Aire i mí Dheireadh Fómhair 2013.

Leagtar amach sa NRCS cur chuige cuimsitheach uile-Rialtais, uile-Phobail chun dul i ngleic le ceist an radóin. Sonraítear ann an tábhacht a bhaineann le cosc ar an gcéad ásc i bhfoirgnimh nua agus gníomhaíochtaí chun tomhas radóin a chur chun cinn i seanfhoirgnimh. Áirítear sa straitéis 48 moladh i sé réimse théamacha ag cuimsiú cosc radóin i bhfoirgnimh nua; úsáid idirbheart maoine chun daoine a spreagadh chun gnímh maidir le radón; feasacht a spreagadh agus teaghlaigh agus fostóirí a spreagadh chun gnímh maidir le radón; comhairle agus tacaíocht a sholáthar do dhaoine le torthaí arda radóin; muinín a chothú as na seirbhísí radóin (tomhas agus bearta feabhsúcháin) agus an nochtadh do radón a laghdú i láithreacha oibre agus i bhfoirgnimh phoiblí.

Cé gur dhírigh RPII go príomha i rith na bliana ar a thacaíocht don ghrúpa idirghníomhaireachta chun NRCS a fhorbairt, lean an eagraíocht freisin ag comhoibriú le heagraíochtaí eile chun raon tionscnamh a chur i bhfeidhm chun go laghdófaí a mhéid a bhíonn daoine faoi lé radóin. Go háirithe, lean an eagraíocht ag comhoibriú leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta i ndáil le nochtadh do radón ar an láthair oibre; le FSS i ndáil le héifeachtaí dochracha radóin agus le GSI ar thionscadal píolótach chun sainaithint níos fearr a dhéanamh ar limistéir ina bhfuil leibhéil arda radóin. Le linn 2013, lean RPII ag tacú le hobair na n-údarás áitiúil chun cláir tomhais agus feabhsúcháin radóin a chur i bhfeidhm don tithíocht shóisialta, agus cuireadh i grcích tomhais radóin i 20,310 aonad tithíochta sóisialta i 21 chontae faoi dheireadh na bliana.

Chomh maith lena obair ar radón, lean RPII ag monatóireacht na leibhéal ó fhoinsí éagsúla eile chun a fháil amach cad iad na dáileoga radaíochta a bhí á fháil ag pobal na hÉireann. Dar le torthaí chlár monatóireachta 2013, cé go bhfuil leibhéil na radaighníomhaíochta saorga inbhraite, tá siad íseal agus níl siad baolach don tsláinte. Bhí na leibhéil radaighníomhaíochta san aer agus i mbia ón talamh inchomparáide le leibhéil na mblianta roimhe sin. Bhí na dáileoga radaíochta ón timpeallacht muirí an-íseal freisin, agus na cinn a bhí ann ag eascairt d'fhormhór ó dhiúscairtí ó staisiún athphróiseála núicléach Sellafield.

Mar chuid den chlár monatóireachta, rinne RPII taighde spriocdhírithe ar a fháil amach cén dáileog radaighníomhaíochta a bhí á fháil ag pobal na hÉireann ó bia, ó uisce buidéalaithe agus ó fhoinsí talún. Foilsíodh torthaí na dtionscadal sin ar shuíomh gréasáin RPII agus cuirfear iad san áireamh sa tuarascáil *Radiation Doses received by the Irish Population* atá le foilsiú in 2014.

Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh (ar lean)

Chomh maith le meastóireacht a dhéanamh ar na dáileoga radaíochta a fhaigheann an pobal i gcoitinne ón radaíocht sa timpeallacht, tiomsaíonn RPII sonraí maidir le hoibrithe a bhíonn faoi lé radaíochta ianiúcháin mar chuid dá n-obair laethúil. Le linn 2012, d'fhorbair RPII an chéad Chlár Náisiúnta Dáileog (NDR), agus, in 2013, d'iompórtáil RPII na chéad sonraí isteach sa NDR maidir le nochtadh ar an láthair oibre, sonraí a fuarthas ó sheirbhísí faofa dáileogmhéadreachta. As seo amach, beidh NDR ina fhoinse d'fhaisnéis staitistiúil maidir le nochtadh sa ghairm agus beidh sé ina bhealach meastóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm córais de chosaint raideolaíoch in Éirinn.

Seirbhísí Tomhais Radóin

Cuireann saotharlann RPII seirbhísí calabrúcháin, tomhais radóin agus anailíseacha ar fáil don tionscal, don earnáil sláinte, don earnáil oideachais, agus do ghníomhaireachtaí stáit agus don phobal i gcoitinne.

In 2013, rinne Seirbhís Calabrúcháin RPII tástáil ar 461 ghléas chun a fháil amach an raibh siad ag cloí le sonraíocht an déantúsóra. D'eisigh an tSaotharlann Tomhais Radóin 6784 bhraiteoir do chustaiméirí don bhaile, don láthair oibre agus don scoil, laghdú beag ar an mbliain roimh ré. Maidir le seirbhísí anailíseacha, rinne RPII tomhas ar ábhar radaighníomhach i 982 shampla comhshaoil agus bia le linn na bliana agus eisíodh teastais inar sonraíodh an t-ábhar radaighníomhach do 3292 easpórtálaí táirgí Éireannacha.

Ullmhacht d'Éigeandálaí

Is é cuspóir RPII sa réimse seo daingniú a dhéanamh ar a chumas chun dul i ngleic le héigeandálaí i gcomhthráth le tacú leis an bpleanáil náisiúnta. In 2013, rinne Met Éireann obair, a bhí chun leasa chuspóirí RPII, chun sainoiriúnú a dhéanamh ar a shamhail scaipthe HYSPLIT – samhail a bheadh úsáideach dá mbeadh ar Éirinn dul i ngleic le héigeandáil núicléach in Éirinn. Leis an tsamhail seo is féidir súil a choinneáil ar a bhfuil ag titim amach i limistéir atá cóngarach d'Éirinn, ag úsáid sonraí ardtaifigh meitéareolaíochta arna dtáirgeadh ag córas réamhaisnéise Met Éireann féin. Roimhe seo bhíodh gá úsáid a bhaint as sonraí domhanda ísealtaifigh. Leis an sainoiriúnú seo is féidir a bheith níos cruinne ag meas na an tionchair ar Éirinn a bheadh ag tionóisc núicléach thar lear.

I gcomhar le Met Eireann, na Fórsaí Cosanta agus roinnt údarás áitiúil, bhunaigh RPII Líonra Náisiúnta um Monatóireacht Radaíochta. Le linn 2013, rinneadh monatóireacht leanúnach ag 15 stáisiún ar ráta dáileoige gáma sa timpeallacht, agus rinneadh tomhas ar radaighníomhaíocht san aer ag 11 stáisiún. Ón tomhas seo, tugadh le fios nach raibh na leibhéil de dháileoga gáma sa timpeallacht méadaithe in 2013 thar na luaineachtaí a bhíonn ann de ghnáth i leibhéil chúlra.

Reáchtálann RPII clár náisiúnta de chleachtaí éigeandála chun réamhchleachtadh a fháil ar ghnéithe de phleananna éigeandála chun go mbeadh an fhoireann saineolach ar na cúrsaí seo. In 2013, ghlac RPII páirt i seacht gcinn de chleachtaí éigeandála idirnáisiúnta; cúig cinn a d'eagraigh an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh Adamhaigh (IAEA) agus dhá cheann a d'eagraigh an Coimisiún Eorpach. Dhírigh dhá cheann de na cleachtaí seo ar thástáil chórais IAEA do theagmhais ar ghá iad a thuairisciú agus cúnamh speisialaithe idirnáisiúnta a lorg. An chéad cheann de na cleachtaí seo, i mí an Mheithimh 2013, bhain sé le hionsamhlú a dhéanamh ar thionóisc i gcumhachtstáisiún núicléach sa tSlóivéin. Cuireadh fógra agus iarratas ar chúnamh chuig gach ballstát. Chuir RPII tairiscint ar fáil anailís a dhéanamh ar shamplaí ón gcomhshaol chun cuidiú leis an tSlóivéin. I mí Dheireadh Fómhair 2013, rinneadh cleachtadh a bhain le pléascadh ar ghléas um scaipeadh raideolaíoch i gcathair Bhaile Átha Cliath.

Sa chleachtadh seo chuir RPII an IAEA ar an eolas, rinneadh measúnú ar an tionóisc ag úsáid samhlacha réamhaisnéise, cuireadh torthaí an mheasúnaithe ar fáil do IAEA agus lorgaíodh cúnamh idirnáisiúnta leighis. Bhain an tríú cleachtadh le roinnt eagraíochtaí idirnáisiúnta, IAEA agus an Coimisiún Eorpach san áireamh. Réamhchleachtadh a bhí ann a bhain le pléascadh ar ghléas um scaipeadh raideolaíoch sa Mharacó, mar a ngortófaí saoránaigh eachtracha, Éireannaigh ina measc. Sa chleachtadh seo fuair RPII an deis a chumarsáid idirnáisiúnta le córais IAEA agus an Choimisiúin Eorpaigh a thástáil agus, ón taobh náisiúnta de, na naisc chumarsáide leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha a thástáil chomh maith. Eisíodh preasráitis do na saoránaigh Éireannacha sa Mharacó chomh maith mar chuid den chleachtadh. I mí na Samhna, reáchtáil RPII comhchleachtadh le Met Éireann. Réamhchleachtadh é seo chun macasamhlú a dhéanamh ar an bhfreagra a thabharfaí dá dtarlódh crith talún amuigh ó Chósta an

Bhreatain Bhig a dhéanfadh damáiste do chumhachtstáisiún núicléach Wylfa agus an radaighníomhaíocht a scaoilfí dá bharr. Rinneadh samhaltú ar scaipeadh radaighníomhaíochta san atmaisféar ag úsáid an dá chóras ag RPII agus cuireadh na torthaí i gcomparáid lena chéile.

Chun a ról a chomhlíonadh ó thaobh na pleanála d'éigeandálaí ag an leibhéal náisiúnta, chuir RPII oiliúint ar fáil le linn 2013 d'oifigigh dóiteáin le go mbeidís in ann déileáil go sábháilte le hábhair radaighníomhacha. Chomh maith leis sin, chuir sé cúnamh ar fáil do Thascfhórsa an Rialtais maidir le Pleanáil d'Éigeandálaí agus dá fhoghrúpaí ar tharluithe urchóideacha CBRN (Ceimiceach, Bitheolaíoch, Raideolaíoch agus Núicléach) agus le haghaidh an Mheasúnaithe Náisiúnta Riosca d'Éirinn Ireland.urch.

Le linn na bliana, thosaigh RPII ag obair ar an tionscadal taighde PREPARE arna mhaoiniú faoi 7ú Creatchlár EC. Thug an tionscadal comhoibritheach seo le chéile 45 chomhpháirtí ón Eoraip agus is é aidhm an tionscadail dul i ngleic le saincheisteanna na hullmhachta do chúrsaí núicléacha agus raideolaíocha tar éis na tionóisce a tharla i stáisiún núicléach Fukushima in 2011. Bhain an fócas áirithe seo ar an méid a d'fhéadfadh RPII a dhéanamh chun straitéisí, treoir agus uirlisí a fhorbairt chun bainistiú a dhéanamh ar earraí éillithe agus chun dearcadh na dtáirgeoirí, na dtionscal próiseála agus miondíola agus na dtomhaltóirí a chur san áireamh.

Sábháilteacht na Saoráidí Núicléacha thar lear

In 2011, chuir an Comhairle Eorpach tús le próiseas chun "tástáil struis" a dhéanamh ar chumas na n-ionad núicléach go léir san Eoraip déileáil le tarluithe tromchúiseacha núicléacha, leis an tionchar a bheadh ar chailliúint na bhfeidhmeanna sábháilteachta agus le bainistiú tionóiscí tromchúiseacha. Mar bhall de Ghrúpa Rialathóirí Eorpacha um Shábháilteacht Núicléach (ENSREG), bhí foireann RPII páirteach i gceapadh agus i gcur i bhfeidhm an phróisis piarmheasúnaithe. Bhí sé de dhualgas ar gach tír plean gnímh a ullmhú a chuirfeadh síos ar na gníomhartha beartaithe nó curtha i bhfeidhm ag an leibhéal náisiúnta chun feabhas a chur ar shábháilteacht na gcumhachtstáisiún núicléach. Bhí na pleananna gnímh sin faoi réir piarmheasúnú rialála a reáchtáladh ag ceardlann i mí Aibreáin 2013 mar ar breithníodh ábhar agus stádas chur i bhfeidhm na ngníomhartha.

Rinne ball de RPII cathaoirleacht ar an gceardlann. Tá ceardlann eile beartaithe le haghaidh Aibreán 2015. Le linn 2013, rinne RPII dlúthmhonatóireacht ar fhorbairt ag Sellafield agus ag ionaid núicléacha eile sa Ríocht Aontaithe. I mí na Samhna, rinne Oifig na Ríochta Aontaithe UK-ONR cur i láthair ar a dhearcadh i leith chaighdeáin sábháilteachta agus slándála sa tionscal núicléach sa Ríocht Aontaithe i gCéad Tuarascáil an Phríomhchigire Núicléach. Sa tuarascáil sin breithníodh ionaid núicléacha sibhialta agus na bhfórsa cosanta, iompar ábhair radaighníomhacha agus pleanáil d'éigeandálaí. Luadh sa tuarascáil nach raibh na saoráidí dramhaíola leagáide radaighníomhacha ag Sellafield ag cloí leis na caighdeáin is déanaí innealtóireachta do shaoráidí núicléacha agus, dá bhrí sin, go raibh an baol ann go bhféadfadh tionóiscí íseal-dóchúlachta tarlú iontu nach dócha a tharlódh ag na hionaid níos nua-aimseartha. Cuireadh na saoráidí sin sa chatagóir 'Tosaíocht Rialála 1' – agus ciallaíonn sé sin go mbeidh siad faoi réir 'aird rialála níos suntasaí' sna cúig bliana seo chugainn.

Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh (ar lean)

Cuireadh oibríochtaí láithreáin eile ag Sellafield sa chatagóir Tosaíocht Rialála 2 agus cuireadh gach ceann de chumhachtstáisiúin núicléacha na Ríochta Aontaithe sa chatagóir Tosaíocht Rialála 3, a chiallaíonn nach dtarraingeoidh siad ach gnáth-aird rialála. Is iad príomhréimsí fócais RPII sábháilteacht núicléach sa Ríocht Aontaithe áit a mbeadh baol féideartha go mbeadh tionchar ar Éirinn ag tionóisc ann. I measc na bhforbairtí ábhartha le linn 2013 bhí moltaí ann go gcuirfí síneadh leis na himoibreoirí ag Wylfa sa Bhreatain Bheag agus ag Hartlepool i Sasana.

Chun síneadh mar sin a chur le stáisiún, is gá faomhadh a fháil roimh ré ó na rialtóirí sábháilteachta sa Ríocht Aontaithe. Chomh maith leis sin in 2013, bhí comhairliúchán poiblí ann maidir le próiseas roghnaithe láithreáin Rialtas na RA do shaoráid diúscartha geolaíochta chun freastal ar dhramhaíl ardleibhéil agus meánleibhéil radaighníomhach, mar gur tharraing Cumbria siar an léiriú spéise a leithéid de shaoráid a chur ar fáil.

D'fhonn saoráidí nua a sholáthar, in ionad na saoráidí a dúnadh, chuir a Ríocht Aontaithe tús le clár chun cumhachtstáisiúin núicléacha a fhorbairt faoin mbliain 2025. Ag deireadh 2012, cheadaigh UK-ONR an chéad suíomh do chumhachtstáisiún núicléach le ceadúnas ionas go dtógfaí stáisiún nua ag Hinkley Point. Bronnadh an cead pleanála i mí Márta 2013. Rinneadh dul chun cinn freisin le linn 2013, ar iarratais a rinne comhlachtaí cumhachta eile.

I mí Bealtaine 2013, chríochnaigh agus d'fhoilsigh RPII a mheasúnú ar na hiarmhairtí dóchúla ar an timpeallacht in Éirinn a bheadh ag clár chun cumhachtstáisiúin núicléacha nua a thógáil sa Ríocht Aontaithe. Sa mheasúnú sin rinneadh athbhreithniú ar dhearadh na n-imoibreoirí agus rinneadh meastacháin maidir leis an méid a sceithfí i ngnáthoibríochtaí agus an méid a éalódh trí thionóisc isteach san aer agus san fharraige. Luadh sa mheasúnú nach mbeidh aon tionchar intomhaiste ag na cumhachtstáisiúin núicléacha atá beartaithe ar Éirinn ná ar thimpeallacht muirí na hÉireann. Mar chuid den mheasúnú cuireadh i gcás cúig cinn de thimpistí tromchúiseacha a d'fhéadfadh a thitim amach, le dóchúlachtaí idir 1 i 50,000 go 1 i 33 mhilliún in aghaidh na bliana. I gcás go dtarlódh timpistí dá leithéid bheadh gá srianta bia agus bearta cosantacha talmhaíochta a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go mbeadh an bia ar díol in Éirinn sábháilte le hithe. I gcás na dtimpistí is tromchúisí, bheadh gá le bearta gearrthéarmacha amhail fothain a sholáthar. Chomh maith leis sin, mar chuid den mheasúnú rinneadh iniúchadh ar na himpleachtaí a bheadh ag scaoileadh radaighníomhaíochta ar mhórscála, dála timpiste Fukushima, isteach i Muir Éireann. An toradh ar a leithéidí de thimpiste, dar leis an measúnú, ná go mbeadh an dáileog radaíochta a mbeadh daoine faoin lé, dá n-íosfaidís méideanna móra iasc nó sliogiasc, níos ísle ná an uasdáileog bhliantúil don phobal. Dar leis an staidéar, i gcás aon éilliú radaighníomhach san aer, bíodh sin ina éilliú ó ghnáthoibríochtaí i gcumhachtstáisiún núicléach nó scaoileadh radaighníomhach trí thimpiste, d'iomprófaí an t-éilliú sin amach ó Éirinn an chuid is mó den am. Tá an chonclúid sin bunaithe ar anailís ar ghnáthdhálaí aimsire in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe le 21 bhliain anuas.

In 2013, chuir rialtóirí sábháilteachta núicléiche sa Ríocht Aontaithe RPII ar an eolas faoi bhreis is 80 tarlú i saoráidí núicléacha sibhialta sa Ríocht Aontaithe. Cuireadh formhór na dtarluithe sin sa chatagóir 'gan aon suntas ó thaobh na sábháilteachta de'. Ar na tarluithe is suntasaí ina measc aimsíodh éadaí a bhí éillithe le hábhar radaighníomhach nach raibh á dhiúscairt sa ghnáthbhealach ag ceann de na saoráidí in Sellafield. Cé nár éillíodh aon rud lasmuigh den seomra gléasta, fuarthas amach ó thorthaí an mheasúnaithe go raibh an radaighníomhaíocht ar na héadaí sin ag sárú na huasteorann don limistéar. I mí na Samhna 2013, bhí éaradh sealadach cumhachta ann ar shuíomh Sellafield. Bhí an locht ar cheann de na línte próiseála sa Stáisiún Gloiniúcháin Dramhaíola agus, tar éis an éartha cumhachta, bhí fianaise ann gur éillíodh trí chuid den líne, ach níor aimsíodh aon éilliú lasmuigh den fhoirgneamh. Ní raibh mórán tionchair ag an éaradh cumhachta ar fhoirgnimh eile ar an suíomh. I ngach cás, bhí RPII deimhin de nach raibh aon saincheisteanna raideolaíocha ag eascairt as an tarlú d'Éirinn.

Caighdeáin agus gníomhaíochtaí idirnáisiúnta

Ar na tosaíochtaí straitéiseacha ag RPII tá comhoibriú ar bhonn idirnáisiúnta maidir le forbairt caighdeán cosanta radaíochta agus sábháilteachta núicléacha agus tionchar a imirt ar chur i bhfeidhm threoracha Euratom in Éirinn. Sa chomhthéacs seo, bhí 2013 ina bliain thar a bheith

gnóthach agus RPII i mbun tacú le plé teicniúil agus polaitiúil faoin Treoir um Chaighdeáin Bhunúsacha Sábháilteachta agus an Treoir nua um Uisce Óil, agus aontaíodh an dá cheann le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an gComhairle Eorpach.

Comh maith leis sin, chuir RPII comhairle ar fáil don Rialtas i ndáil le leasú na Treorach um Shábháilteacht Núicléach agus leis na hullmhúcháin don séú timthriall athbhreithniúcháin den Choinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir-Thuaidh (OSPAR). Cuireadh saineolaí ar fáil chun cuidiú le staidéar ar na socruithe reatha agus na hinniúlachtaí le haghaidh ullmhacht d'éigeandálaí núicléacha lasmuigh den láthair arna choimisiúnú ag an CE in 2013 chomh maith le heolas faoi shocruithe in Éirinn don tionscadal.

Seirbhísí Cumarsáide agus Corparáideacha

Cuireann rannóg seirbhísí corparáideacha RPII seirbhísí airgeadais, acmhainní daonna, cumarsáide, TF agus seirbhísí riachtanacha eile ar fáil chun tacú leis an gcroíobair eolaíochta agus theicniúil a bhíonn ar bun ag RPII. Bhíonn an rannóg seirbhísí corparáideacha ag féachaint le tacaí éifeachtacha a chur ar fáil chun tacú le soláthar seirbhísí ardchaighdeáin agus chun luach ar airgead a bhaint amach ar fud na heagraíochta.

Tá soláthar comhairle agus eolais maidir le cosaint radaíochta don Rialtas agus don phobal ina thosaíocht ag RPII. Chun feasacht a spreagadh maidir le saincheisteanna faoin radaíocht cuirtear eolas ardchaighdeáin éasca le tuiscint ar shuíomh gréasáin RPII agus bítear ag comhoibriú le dreamanna eile chun eolas a sholáthar. In 2013, athchóiríodh suíomh gréasáin RPII ionas go mbeadh an t-eolas air níos éasca le tuiscint. Le linn na bliana, bhreathnaigh 50,000 cuairteoir uathúil ar shuíomh RPII agus na rannóga is mó ar bhreathnaigh siad orthu ná rannóga a bhain le cúrsaí radóin. Bhí clúdach maith ann sna meáin freisin faoi ghníomhaíochtaí RPII, go háirithe faoi chúrsaí radóin. Eisíodh ocht gcinn de phreaseisiúintí chuig na meáin náisiúnta agus eisíodh 11 phreaseisiúint le heolas sonrach áitiúil faoi radón chuig na meáin réigiúnacha. Rinne foireann RPII agallamh amháin ar an teilifís, 24 agallamh ar an raidió agus 11 agallamh leis na nuachtáin, ar bhonn náisiúnta agus réigiúnach araon. Chomh maith leis sin, rinne RPII urraíocht ar ghiota faoi radón a taispeánadh ar an gclár Eco Eye a craoladh i mí Eanáir 2013.

In 2013 rinne RPII coimisiúnú ar thaighde margaidh chun cainníochtú a dhéanamh ar an méid imní a bhí ar an bpobal mar gheall ar cheist an radóin. Dar leis an taighde, tá formhór an phobail ar an eolas go pointe áirithe faoin ngás radón, agus bhí beirt a mhaígh go raibh níos mó ar eolas acu. D'ainneoin go bhfuil feasacht mhaith ann i measc an phobail, níl ach duine as gach triúr a dúirt go raibh siad buartha faoi radón sa teach acu. Luaigh tuairim is duine as gach beirt go raibh siad den tuairim go mbeadh tionchar tromchúiseach ar an tsláinte ag timpiste mhór núicléach sa Ríocht Aontaithe. Is léir go bhfuil an pobal den tuairim gur lú baol é an gás radón sa teach ná an baol a bhaineann le Sellafield, le cumhachtstáisiúin núicléacha thar lear nó le crainn chumarsáide fón póca. Tá seo amhlaidh d'ainneoin go dtarlaíonn 250 cás d'ailse scamhóige gach bliain in Éirinn a meastar gurb é radón is cúis leo, rud a léiríonn gur mór an bhearna idir an baol atá ann i ndáiríre agus an baol a mheastar atá ann. Beidh torthaí an taighde seo ina mbonn eolais d'fheachtais feasachta agus chumarsáide faoi nochtadh do radón in Éirinn i gcoitinne.

Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh (ar lean)

Cumasc leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA)

I mí na Samhna 2012, faoi thionscnamh um Athchóiriú an Rialtais chun cuíchóiriú a dhéanamh ar ghníomhaireachtaí stáit, d'fhógair an Rialtas go mbeadh RPII ag cumasc le EPA. I mí Eanáir 2013, chinn an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil go ndéanfaí an dá chomhlacht phoiblí a chumasc ach an cúigiú Oifig a chruthú laistigh de struchtúr EPA, agus Stiúrthóir ar leith i bhfeighil gach oifige. Bhunaigh an tAire Meitheal (Meitheal an Chumaisc) ar a raibh Cathaoirleach neamhspleách, Príomhfheidhmeannach RPII, Ard-Stiúrthóir EPA agus beirt ionadaí ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chun pleanáil agus bainistiú a dhéanamh ar an gcumasc agus é a thabhairt chun críche. Sannadh tasc ar leith ar an Meitheal a chinntiú nach laghdófaí, nó nach mbeadh sé le tuiscint i measc páirtithe leasmhara agus an phobail, gur laghdaíodh tiomantas na hÉireann i leith cosaint chomhshaoil ná cosaint raideolaíoch, mar thoradh ar an gcumasc seo. Le linn 2013, rinne an Mheitheal stiúradh ar fhorbairt Plean Gnímh – plean a cheap foireann ón dá eagraíocht agus ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. D'fhaomh an tAire an plean i mí Iúil 2013 agus tosaíodh lena chur i bhfeidhm ag féachaint leis an gcumasc a bheith i gcrích faoi lár 2014.

Plean Straitéiseach

Gach trí bliana, forbraíonn RPII plean nua straitéiseach ina leagtar amach na bearta a chuirfear i bhfeidhm chun a mhisean a bhaint amach – eadhon muintir na hÉireann a chosaint ar éifeachtaí dochracha na radaíochta ianaíche. Ag deireadh 2014 thosaigh tréimhse nua de phleanáil straitéiseach, agus caitheadh a lán dua ag deireadh 2013 le próiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn a tharla ar spriocanna Phlean Straitéiseach 2011-2013 agus chun plean nua a fhorbairt, ag cur san áireamh go mbeadh gá é a fhorbairt i gcomhthéacs an chumaisc. Tá sé i gceist leis an bplean, go mbeidh RPII i mbun dul i ngleic le cosaint raideolaíoch a sholáthar sa tréimhse ina mbeidh RPII ag aistriú chuig Oifig um Chosaint Raideolaíoch san eagraíocht nua chumasctha. Tá an plean roinnte ina cheithre réimse théamacha, agus gach téama ag díriú ar chroíghné éigin d'obair RPII – is é sin saineolas, inniúlacht theicniúil agus eolas riachtanach a sholáthar maidir le cosaint phobal na hÉireann agus an comhshaol agus chun rialú a dhéanamh ar úsáid shlán shábháilte na radaíochta ianaíche in Éirinn.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann uile RPII as a ndíograis agus a ngairmiúlacht agus iad ag comhlíonadh shainchúram RPII i rith na bliana. Tá buíochas ar leith ag dul dóibh as an gcur chuige agus dearcadh dearfach acu i leith an chumaisc le EPA. Táim buíoch freisin den fhoireann ó Rannóg um Beartas Radaíochta Comhshaoil na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus a n-oifigigh sa Roinn, as an tacaíocht a chuireann siad ar fáil d'obair RPII.

Dr Ann McGarry
Príomhfheidhmeannach, RPII

Rialáil agus ceadúnú

Tá ról tábhachtach ag radaíocht ianúcháin i dtimpeallacht eacnamaíochta agus shóisialta na hÉireann. Go háirithe, tá úsáid na radaíochta sin in ospidéil ríthábhachtach le gur féidir seirbhísí ardchaighdeáin dhiagnóiseacha agus chóireála a chur ar fáil. Ar an gcaoi chéanna, baintear úsáid as go forleathan ar fud an tionscail mar shampla don scagthástáil slándála agus chun tástáil cháilíochta ardchaighdeáin a dhéanamh ar steiriliúchán táirgí leighis agus sa taiscéaladh ola agus gáis. Cibé scéal é, is gá bainistiú slán sábháilte a dhéanamh ar fhoinsí na radaíochta ianúcháin i gcónaí, fiú mura bhfuil gá leo a thuilleadh. Déantar deimhin de go mbaintear é sin amach trí chlár rialála RPII mar a dtugtar faoi cheadúnú, cigireachtaí, soláthar treoracha agus forfheidhmiú.

Ceadúnú

Sular féidir le haon duine aonair ó aon eagraíocht foinse radaighníomhaíochta nó gléas ionradantais a fháil, is gá dóibh ceadúnas a fháil ó RPII ar dtús. Ó thug an Bord um Fhuinneamh Núicléach (réamhtheachtaí RPII) isteach an córas ceadúnúcháin, sa bhliain 1977, tá ardú tagtha gach bliain ar líon na gceadúnas, cé go bhfuil an líon iomlán ceadúnas tite beagán le cúpla bliain anuas (Fíor 1). Ag deireadh 2013, bhí 1698 gceadúnas i seilbh dreamanna éagsúla ar fud raon earnálacha, lena n-áirítear earnálacha na fiaclóireachta, an leighis, na tionsclaíochta, an oideachais agus na tréidliachta. Eisíodh 71 cheadúnas nua le linn na bliana – 56 díobhsan do chleachtais fiaclóireachta.

Chomh maith leis sin, in 2013 dúnadh 72 cheadúnas, agus astusan bhí 31 in earnáil na fiaclóireachta. I ngach cás ina ndúntar ceadúnas, is gá don cheadúnaí a chinntiú go ndéantar diúscairt cheart ar an mhír a bhfuarthas an ceadúnas dó nó go gcuirtear an mhír sin ar ais chuig an déantóir nó an soláthraí.

Le linn na bliana, eisíodh ceadúnas chuig saoráid radaiteiripe, do sheilbh agus úsáid luasaire línigh ag cuimsiú teicneolaíocht CyberKnife. Bhí dúshláin ar leith ag baint leis an gcóras seo, an chéad cheann dá chineál in Éirinn, ó thaobh cheanglais sábháilteachta dearaidh RPII a chomhlíonadh. Ag céim na tógála sa tionscadal, thug cigirí cúpla cuairt ar an suíomh chun breathnú ar an mbeart cosanta radaíochta á chur i bhfeidhm. Eisíodh an ceadúnas tar éis tástáil fhairsing a dhéanamh ar an gcóras CyberKnife agus ar an sciathú buncair.

Fíor 1: Líon na gceadúnas arna n-eisiúint ag NEB/RPII 1985-2013



Rialáil agus ceadúnú (ar lean)

Rinneadh athbhreithniú fairsing ar dhoiciméid an tionscadail a chuir na cigirí agus comhairleoir seachtracha radaiteiripe RPII faoi bhráid RPII.

In 2012, thug RPII faoi thionscadal, le cúnamh ó anailísithe seachtracha gnó, chun athbhreithniú criticiúil a dhéanamh ar phróisis ghnó bainteach lena ghníomhaíochtaí ceadúnaithe agus cigireachta. Ag eascairt ón tionscadal, tugadh faoi deara go gcaithfeadh RPII córas nua bainistithe faisnéise a fhorbairt chun feabhas a chur ar éifeachtaí sna próisis reatha rialála gnó. Beidh leas le baint ag RPII agus na ceadúnaithe araon as an gcóras feabhsaithe. I mí na Nollag 2013, thug RPII cuireadh chun tairisceana le go bhforbrófaí córas nua bainistithe faisnéise chun tacú lena sheirbhís rialála. Faoin gcóras nua, GAMIS (Graded Authorisation Management Information System) beifear in ann chur chuige céimnithe i leith an údaraithe a thabhairt isteach agus, tráth an ndéanfar é a chur i bhfeidhm, laghdóidh sé ar an ualach oibre do cheadúnaithe agus d'fhoireann RPII, agus cuirfidh sé le trédhearcacht ghníomhaíochtaí rialála RPII. Leanfar den obair chun GAMIS a fhorbairt in 2014.

Cigireachtaí

Gach bliain, tugann RPII faoi chlár bliantúil cigireachta ar cheadúnaithe. Is deis mhaith na cigireachtaí chun measúnú a dhéanamh ar chaighdeáin um chosaint radaíochta ar fud na n-earnálacha éagsúla agus ar a mhéid is atá ceadúnaithe ag comhlíonadh na reachtaíochta náisiúnta agus na gcoinníollacha atá ag gabhail leis na ceadúnais. Roghnaítear na ceadúnaithe a ndéanfar cigireacht orthu gach bliain bunaithe ar chritéir ar leith, lena n-áirítear an baol raideolaíoch a bhaineann le gníomhaíochtaí an cheadúnaithe, an méid ama óna gcigireacht dheireanach ar an gceadúnaí agus aon tarluithe a tuairiscíodh ina n-earnáil feidhme.

Cuireadh 176 chigireacht i gcrích in 2013. Léirítear i bhFíor 2 líon na gcigireachtaí a rinne RPII gach bliain ó 1992 go dtí 2013. Tá tuilleadh eolais faoi líon na gcigireachtaí a rinneadh i ngach catagóir ceadúnais le linn 2013 i dTábla 1.

Fíor 2: Cigireachtaí a rinne RPII (1992 go 2013)

Tábla 1: Cigireachtaí a rinneadh in 2013

Catagóir Ceadúnais	Líon sa chatagóir	Líon na gcigireachtaí i gcrích
Tionsclaíocht	278	55
Leigheas	142	49
Dáileoirí (foinsí & X-gha)	43	16
Fiaclóireacht	932	19
Oideachas/taighde	15	4
Tréidlianna	288	30
Suirbhéanna slándála (i gcomhar leis An Garda Síochána)	n/a	1
Eile (aerchriú, láithreacha oibre faoi thalamh)	n/a	2
Iomlán	**1698**	**176**

Dhírigh tosaíochtaí an chláir cigireachta le haghaidh 2013 ar na nithe seo a leanas:

- Úsáid agus feidhm na bhfoinsí radaighníomhacha le haghaidh cóireálacha bracaiteiripe i rannóga radaiteiripe na gceadúnaithe ospidéil;
- Úsáid córais chasta X-gha le haghaidh gnáthaimh idirghabhálacha mar shampla cataitéiriú cairdiach agus gnáthaimh shoithíocha;
- Gníomhaíochtaí a bhaineann le dáileadh agus iompar foinsí radaighníomhacha;
- Úsáid aonaid láimhe fiaclóireachta radagrafaíochta cónbhíoma;
- Sealbhóirí foinsí dramhaíola radaighníomhaíochta agus foinsí as úsáid;
- Sealbhóirí coisctheoirí tintrí;
- Slándáil agus stóráil socruithe le haghaidh tomhsairí taise dlúis núicléacha; agus
- Obair leanúnach chun a chinntiú go bhfuil láithreacha oibre faoi thalamh sábháilte.

Ag leanúint ó obair 2012, tráth a raibh RPII ag cur chun cinn na n-uasdáileog nua a mhol an Coimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint Raideolaíoch le haghaidh lionsa na súile, cúis áthais é do chigirí a fháil amach go raibh daoine níos feasaí ná mar a ceapadh maidir leis na huasdáileoga nua molta agus na bearta cosanta is gá chun a chinntiú go gcoinneofaí na dáileoga don tsúil chomh híseal agus is indéanta. Foilsíodh athbhreithniú de chlár cigireachta 2012 i dtuarascáil gníomhaíochtaí cigireachta i mí Aibreáin.

Creidiúnú 2013

Tá RPII tiomanta d'ardchaighdeán a bhaint amach ina sheirbhísí agus a ghníomhaíochtaí. Ó 2008 i leith, rinne an Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú creidiúnú ar ghníomhaíochtaí cigireachta de réir chaighdeán idirnáisiúnta ISO 17020:1998 le haghaidh comhlachtaí cigireachta. Mar chuid dá choinníollacha chun an creidiúnú seo a bhaint amach, tugann an bord creidiúnaithe faoi chuairt bhliantúil faireachais chun measúnú a dhéanamh ar ghéilliúlacht RPII le rialacháin INAB. In 2013, leasaigh an tSeirbhís Rialála a chóras bainistithe cáilíochta chun cloí le ceanglais chaighdeán nua ISO 17020:2012. Faoin gcaighdeán nua, tá béim níos mó ar inniúlacht an chigire seachas ar an traenáil agus tá béim níos mó ar cheanglais shonracha do phróisis gearán agus achomhairc.

I mí an Mheithimh, thug INAB faoi chuairt athmheasúnaithe roimh dháta éaga an deimhnithe creidiúnaithe cúig bliana a bronnadh roimhe sin ar an tseirbhís rialála. Mar chuid den chuairt athmheasúnaithe rinne siad measúnú ar chomhlíonadh chaighdeán nua 2012. Rinne cigirí RPII cigireacht faoi bhreathnóireacht i rannóg raideolaíoch ospidéil. Bhí cigirí INAB sásta go raibh córas bainistithe cáilíochta RPII agus a ghníomhaíochtaí cigireachta ag teacht leis an gcaighdeán nua, agus go raibh cigirí RPII a breathnaíodh ina gcigirí inniúla, gairmiúla le linn na gcigireachtaí fianaithe. Rinne INAB athchreidiúnú ina dhiaidh sin ar RPII de réir an chaighdeáin nua ISO 17020:2012 i mí Mheán Fómhair.

Rialáil agus ceadúnú (ar lean)

Nochtadh aerchriú do radaíocht chosmach

Faoi I.R. Uimh. 125 de 2000 bíonn ar shealbhóir deimhnithe aeroibreora measúnú a dhéanamh ar dháileoga a fhaigheann aerchriú chun a fháil amach an bhfuil gá leis na bearta chun srian a chur leis an méid radaíochta a mbíonn siad faoina lé. Tá feidhm ag an gceanglas seo maidir le hoibreoirí ar dócha go bhfaighidh a n-aerchriúnna dáileog bhliantúil níos mó ná 1Sv, agus go bunúsach baineann sé sin leis na haerlínte a eitlíonn os cionn 8000 méadar. Déanann aerlínte dáileoga a mheas ag úsáid cláir aitheanta bhogearraí idirnáisiúnta ar dearadh iad go sonrach chuige seo.

Le haghaidh 2013, léirigh an t-eolas a fuarthas ó 6 aeroibreoir cheadúnaithe go raibh isteach is amach le 12,244 bhall d'aerchriúnna a fuair dáileog bhliantúil radaíochta os cionn 1 mSv ó bheith faoi lé radaíocht chosmach. Astusan, fuair 5,222 dáileog idir 1 agus 2 mSv, fuair 6,915 dáileoga idir 2 agus 4 mSv agus fuair 107 dáileoga os cionn 4 mSv. Ní raibh aon bhall d'aerchriú a fuair dáileog níos mó ná 6 mSv. Ó thosaigh an mhonatóireacht ar aerchriúnna bhí méadú comhleanúnach bliantúil ann ar líon na mball d'aerchriúnna a fuair dáileog níos airde ná 1 mSv (Fíor 3). Is féidir é sin a chur i leith líon méadaithe na n-aerchriúnna a bhfuil gá leo chun freastal ar an éileamh níos mó ar aerthaisteal.

Slándáil na bhfoinsí radaighníomhacha

Déantar socruithe slándála le haghaidh stóráil na bhfoinsí radaighníomhacha a mheas le linn na gcigireachtaí iomchuí go léir, go háirithe le haghaidh na gceadúnaithe sin atá i seilbh foinsí séalaithe ardghníomhaíochta (HASS). In 2013 leanadh le comhchlár RPII le hAonad Náisiúnta Coiscthe Coireachta an Gharda Síochána (NCPU) chun measúnú a dhéanamh ar shocruithe slándála in áitribh na gceadúnaithe. Le linn na bliana, rinne oifigigh NCPU agus RPII suirbhé slándála ar cheadúnaí a raibh roinnt foinsí radaighníomhacha as úsáid ar a áitreabh. Suirbhé leantach é seo chun a chinntiú go raibh bearta cuí i bhfeidhm ionas nach ngoidfí na foinsí sin. Cuireadh roinnt moltaí faoi bhráid an cheadúnaithe tar éis an tsuirbhé ionas go bhféadfaí feabhas a chur ar na socruithe slándála.

Fíor 3: Líon na mball d'aerchriúnna a fuair dáileog radaíochta níos mó ná 1 mSv



Dáileoga Intuairiscithe

Faoi choinníollacha cheadúnas RPII, i gcás go dtuairiscítear dáileog ghairme a sháraíonn an leibhéal intuairiscithe ar dháileogmhéadar pearsanta, is gá don cheadúnaí iniúchadh iomlán a dhéanamh. Na leibhéil intuairiscithe arna sonrú i gcoinníollacha an cheadúnais ná níos mó ná 2 mSv thar thréimhse 16 seachtaine le haghaidh dáileog uilechoirp, 15 mSv thar thréimhse 16 seachtaine i gcás dáileoige do lionsa na súile agus 50 mSv thar thréimhse 16 seachtaine i gcás dáileoige do na baill fhorimeallacha (na lámha nó na cosa).

Cuireadh RPII ar an eolas faoi chúig cinn de dháileoga intuairiscithe le linn na bliana, agus bhain siad go léir le ceadúnais leighis. Seo i gcomparáid le 11 chás in 2012, a bhain le ceadúnaithe leighis agus tionsclaíocha araon. Bhain trí cinn de na cúig chás a tuairiscíodh le rannóga cairdeolaíochta, agus is le linn gnáthaimh idirghabhálacha raideolaíocha a tharla na dáileoga sin. Tar éis iniúchadh a dhéanamh ar an scéal, ámh, fuarthas amach go raibh na dáileoga sin sách ard sa mhéid gur chaith na cairdeolaithe na dáileogmhéadair lasmuigh dá naprúin chosantacha seachas faoina mbun, agus dá bhrí sin ní fíordháileoga don duine a bhí i gceist. I ngach cás, mhol RPII do na hospidéil i gceist gur chóir clár iniúchóireachta inmheánaí a chur ar bun agus atraenáil a dhéanamh ar an bhfoireann chuí maidir leis na cúrsaí seo. Tharla an tríú cás i rannóg chairdeolaíoch ospidéil inar tuairiscíodh go bhfuair cairdeolaí dáileog de 12.5 mSv do lionsa na súile de réir mar a bhí taifeadadh ar bhóna TLD thar thréimhse ceithre seachtaine agus dá bhrí sin sáraíodh an dáileog intuairiscithe de 15 mSv thar thréimhse 16 seachtaine. Mar chonchlúid, ámh, luadh go mbíonn spéaclaí líneáilte le luaidhe á gcaitheamh ag an gcairedeolaí áirithe seo agus gurbh í an fhíordháileog a fuair sé ná 6 mSv thar thréimhse ceithre seachtaine dá bhrí sin, agus nár sháraigh an dáileog thar thréimhse 16 seachtaine riamh an dáileog intuairiscithe dá réir.

An dá chás eile a tuairiscíodh i rith na bliana, seo a leanas mar a tharla siad. Bhain an chéad cheann le dáileog méire de 7 mSv a fuair radagrafaí, agus bhain an dara ceann le dáileog choirp de 2.3mSv a fuair radagrafaí eile. Tharla an dá dháileog seo thar thréimhse ceithre seachtaine. I gcás na dáileoige méire de 7 m Sv, níor sháraigh an dáileog an leibhéal intuairiscithe de 50 mSv agus dá bhrí sin ní raibh gá é a thuairisciú do PRII. I gcás na dáileoige eile, rinne an t-ospidéal agus Comhairleoir Cosanta Radaíochta an ospidéil an scéal a iniúchadh, ach ní raibh siad in ann teacht ar an mbunchúis. Déanann RPII athbhreithniú ar gach dáileog a thaifeadtar ar dháileogmhéadair le linn a chigireachtaí, is cuma cibé acu an bhfuil siad intuairiscithe nó nach bhfuil.

Teagmhais agus Iniúchtaí

De réir na reachtaíochta náisiúnta agus de réir threoirlínte RPII do thuairisciú teagmhais raideolaíocha, ní foláir gach teagmhas raideolaíoch ar díol suntais é a thuairisciú do RPII. Chomh maith leis sin, is gá don cheadúnaí iniúchadh a dhéanamh ar gach teagmhas intuairiscithe chun:

- ord na n-imeachtaí a fháil amach;
- cúis an teagmhais a fháil amach;
- cinneadh ar ghníomhartha chun an scéal a leigheas agus na gníomhartha sin a chur i bhfeidhm ionas nach dtarlóidh a leithéid arís; agus
- a mheas cén dáileog a fuair gach duine i gceist.

Le linn 2013, tharla ceithre theagmhas a bhain le ceadúnaithe leighis agus cuireadh RPII ar an eolas fúthu. Bhain gach ceann de na teagmhais sin le hothair seachas le foireann, agus dá bhrí sin bhí siad lasmuigh de shainchúram RPII. Chuir na hospidéil an eagraíocht chuí, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ar an eolas faoi na teagmhais. Tar éis na teagmhais a iniúchadh sna hospidéil, i gcomhar leis na hOifigigh Cosanta Radaíochta, thángthas ar na tuairim gur tharla na teagmhais sin mar gheall ar bhotúin a rinne an t-oideasóir nó an cleachtóir sa mhíochaine núicléach (de réir mar atá sainithe in Ionstraim Reachtúil (IR) Uimhir 478 de 2002) (instealladh den chineál mícheart) nó san íomháú diangnóiseach (othair atreoraithe trí thaisme don tomagrafaíocht ríomhairithe (CT) agus do scrúduithe ginearálta leighis).

Dramhaíl Radaighníomhach

Tugtar "foinsí as úsáid" ar fhoinsí radaighníomhacha nach bhfuil ag teastáil a thuileadh agus meastar iad a bheith ina ndramhaíl radaighníomhach. I measc na gcineálacha eile radaighníomhaíochta tá dramhaíl chliniciúil éillithe agus ábhar a dhiúscraítear as saoráidí cosúil le rannóga ospidéil ina mbíonn míochaine núicléach ar bun. Is foinsí as úsáid

Rialáil agus ceadúnú (ar lean)

iad formhór mór na bhfoinsí dramhaíola radaighníomhaí in Éirinn agus tá siad déanta suas de raon leathan de radanúiclídí a bhfuil raon comhfhreagrach de leathréanna acu. Go praiticiúil, is iad na foinsí le leathré níos mó ná deich mbliana na cinn is dúshlánaí ó thaobh bainistiú fadtéarmach a dhéanamh orthu. Is féidir na cinn le saolré níos giorra a bhainistiú ach iad a stóráil go dtí go bhfuil siad chomh meathlaithe sin nach bhfuil ach leibhéil chúlra gníomhaíochta ag baint leo.

Faoi láthair níl aon saoráid náisiúnta stórála ann chun bainistiú a dhéanamh ar dhramhaíl radaighníomhach. D'éagmais, is gá foinsí as úsáid a chur ar ais chuig an déantóir/soláthraí de réir comhaontaithe aisghabhála, atá ina cheanglas éigeantach ag gabháil leis an gceadúnas. Cibé scéal é, fuarthas roinnt mhaith de na foinsí, atá as úsáid anois in Éirinn, sular tugadh isteach an ceanglas ceadúnaithe agus ba ghá iad a stóráil faoi cheadúnas ar an áitreabh ina mbídís in úsáid, ag feitheamh ar réiteach oiriúnach chun iad a dhiúscairt. Tugtar foinsí leagáidí ar na táirgí/sruthanna dramhaíola sin.

Ag tús 2011, dar le RPII bhí 330 foinse as úsáid ar fud na hÉireann, ar foinsí iad le leathré níos faide ná deich mbliana. Foinsí leagáidí iad formhór mór na bhfoinsí sin agus bhí siad i seilbh 63 cheadúnaí in áiteanna éagsúla ar fud na hÉireann. Chun a chinntiú go raibh socruithe iomchuí slándála i bhfeidhm le haghaidh na bhfoinsí as úsáid, rinne RPII, le cúnamh ón nGarda Síochána, iniúchóireachtaí slándála ar roinnt mhaith de na háitribh sin le blianta beaga anuas.

An Clár Náisiúnta um Laghdú Fardail

I mí na Nollag 2010, ghlac an Rialtas go foirmiúil le beartas náisiúnta maidir le bainistiú na dramhaíola radaighníomhaí in Éirinn. Ar na mórthionscnaimh faoin mbeartas seo tá laghdú ar an bhfardal foinsí agus dramhaíola radaighníomhaí in Éirinn ar bhonn comhordaithe agus céimnithe. Cuireadh tús leis an gclár sin in 2011 agus mar fhreagracht ar ghníomhaireachtaí ceannasaíochta agus ar ranna rialtais cláir diúscartha a bhrú chun cinn ina n-earnálacha féin, agus RPII i bhfeighil an chláir laghdaithe sna hearnálacha príobháideacha agus poiblí araon. Idir 2011 agus 2013, bhí rath ar easpórtáil as Éirinn ar tuairim is 99% de na foinsí as úsáid a raibh leathré níos mó ná deich mbliana acu le go ndéanfaí iad a dhiúscairt nó a phróiseáil i saoráidí athchúrsála san Eoraip agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Tá achoimre i dTábla 2 ar líon iomlán na bhfoinsí séalaithe agus neamhshéalaithe, lena n-áirítear iadsan le saolré níos lú ná deich mbliana. Le cur i bhfeidhm sásúil an Chláir Laghdaithe, níl fágtha anois ach dornán d'fhoinsí as úsáid in Éirinn.

Chomh maith leis na foinsí atá san áireamh sa tábla rinneadh diúscairt in 2012 agus 2013 ar beagnach 5600 cór gineadóra teicnéitiam-99m ídithe, a bhíodh in úsáid in ospidéil. Bhí na sin carntha ag rannóga míochaine núicléiche ospidéil sna 1970í agus na 1980í tráth nach raibh aon réiteach ann ó thaobh na gineadóirí sin a thabhairt ar ais. Léirítear i bhFíor 4 líon na bhfoinsí as úsáid sna hearnálacha éagsúla, agus is léir ó na figiúirí go bhfuil an-dul chun cinn déanta sa tionscnamh ó 2008 i leith.

Tábla 2: Foinsí radaighníomhacha a easpórtáladh as Éirinn le linn na tréimhse 2011-2013

	2011		2012		2013		
Earnáil	**Séalaithe**	**Nemhshéalaithe**	**Séalaithe**	**Nemhshéalaithe**	**Séalaithe**	**Nemhshéalaithe**	**Iomlán**
Oideachas	8	98	1777	445	105	162	2595
Leigheas	0	6	7	12	145	121	291
Tionsclaíocht	25	9	9	11	48	7	109
Stat	6	1	159	879	1587	10	2642
Iomlán	**39**	**114**	**1952**	**1347**	**1885**	**300**	**5637**

Fíor 4: Fardal na bhfoinsí as úsáid de réir earnála (saolré > 10 mbliana)



Foinsí dramhaíola radaighníomhaí i scoileanna

Le blianta fada anuas, bhí RPII buartha faoi fhoinsí radaighníomhacha as úsáid atá fós i seilbh scoileanna san earnáil iar-bhunoideachais, d'éagmais aon chlár a bheith i bhfeidhm chun iad a dhiúscairt. De réir suirbhé a rinne PRII idir 2001 agus 2002, i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, d'fhéadfadh suas le 500 foinse as úsáid agus tuairim is 9.5 Kg d'fhoinsí neamhshéalaithe a bheith i seilbh scoileanna san earnáil seo. Baineadh leas as na foinsí sin ar mhaithe le taispeántais eolaíochta, mar chuid den churaclam fisice; ach mar thoradh ar athruithe sa churaclam níl gá leo a thuilleadh. Le linn na bliana, bhuail RPII le hoifigigh ón Roinn Oideachais agus Scileanna chun na roghanna a phlé atá ann fáil réidh leis na foinsí as úsáid. Tar éis an phlé sin, d'aontaigh ROS ciste le haghaidh clár diúscartha a bheadh le riar ag Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath in dara leath na bliana chun méid na faidhbe a mheas. Ón aiseolas tosaigh sna suirbhéanna, meastar go bhfuil breis is 200 scoil ina bhfuil foinsí ar ghá iad a bhailiú. Le linn chéad leath na bliana 2014, baileoidh gnólacht speisialtóireachta na foinsí agus déanfaidh iad a easpórtáil as Éirinn le go ndéanfar iad a athúsáid nó a athchúrsáil.

Treoir Euratom maidir le dramhaíl

I mí Lúnasa 2013, achtaíodh Treoir 2011/70/EURATOM i reachtaíocht na hÉireann trí IR Uimhir 320 de 2013, lenar bunaíodh creat comhphobail le haghaidh bainistiú freagrach sábháilte breosla ídithe agus dramhaíola radaighníomhaí. Tá feidhm ag an Treoir seo maidir le gach gníomhaíocht a bhaineann le bainistiú dramhaíola radaighníomhaí, ón tráth a ghintear an t-ábhar go dtí go ndéantar é a dhiúscairt. De réir na treorach tá sé de cheangal ar gach ballstát Eorpach beartais agus cláir a bhunú, ina leagtar amach na critéir is gá a leanúint chun beartais agus cláir a fhorbairt. Ghlac an Rialtas le beartas náisiúnta na hÉireann maidir le dramhaíl radaighníomhach i mí na Nollag 2010. Sa Treoir táthar ag tathant ar bhallstáit socruithe a dhéanamh do dhiúscairt dramhaíola radaighníomhaí sa bhallstát inar gineadh an dramhaíl sin. Cibé scéal, ceadaítear do shocruithe idirnáisiúnta le faomhadh an Choimisiúin Eorpaigh.

In 2012, bunaíodh bealaí nua diúscartha chuig an Ríocht Aontaithe tráth ar cheadaigh an Ríocht Aontaithe-EA roinnt socruithe trasteorann lastais, a cuireadh faoi bhráid PRII. Baineadh leas sásúil as na bealaí nua sin idir mí na Samhna 2012 agus mí Lúnasa 2013 agus easpórtáladh breis is 3500 foinse as úsáid chuig an Ríocht Aontaithe. Le hachtú threoir Euratom, ámh, i mí Lúnasa, ní fhéadtaí na bealaí sin a úsáid a thuilleadh sa mhéid go raibh an dramhaíl á seoladh le go ndéanfaí í a dhiúscairt, rud nach bhfuil ceadaithe faoin Treoir. Ina ionad sin, níl cead dramhaíl radaighníomhach a easpórtáil as Éirinn ach amháin d'athchúrsáil nó d'athúsáid. Ar ámharaí an tsaoil, tá roinnt saoráidí san Eoraip agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá inar féidir athchúrsáil a dhéanamh ar na foinsí sin, agus tá ceadúnaithe Éireannacha fós ag baint leasa as na bealaí sin. Níl aon tionchar ag an Treoir ar na comhaontuithe aisghabhála agus tá siadsan fós ina mbunchuid de chlár bainistithe dramhaíola na hÉireann.

Ábhar radaighníomhach a goideadh

Thar dheireadh seachtaine an 27 Meán Fómhair 2013, goideadh seacht ngléas ar tugadh "coisctheoirí tintrí" orthu, ina raibh ábhar radaighníomhach, ó áitreabh i Sord, Co. Bhaile Átha Cliath. Bhí na gléasanna sin dá stóráil fad is a bhíothas ag iarraidh teacht ar réiteach dá ndiúscairt. Tráth ar cuireadh RPII ar an eolas faoi seo, rinne siad teagmháil láithreach bonn leis an Garda Síochana chun a

Rialáil agus ceadúnú (ar lean)

chur in iúl dóibh díreach cé chomh tromchúiseach is a bhí seo agus an baol a bhain leis. Cuireadh ar bun líne chumarsáide idir na Gardaí i Sord agus an Chúlóg atá ag déileáil leis an scéal, tar éis plé a bheith ann faoin mbaol don phobal. Ansin beartaíodh an pobal a chur ar an eolas, ar bhonn comhordaithe. D'eisigh RPII agus na Gardaí preasráitis an 2 Deireadh Fómhair.

Bunaíodh foireann teagmhais in RPII, ar a raibh saineolaithe i gcúrsaí rialála, ullmhachta éigeandála, saotharlainne, sábháilteachta núicléiche agus cumarsáide. Tháinig an fhoireann le chéile dhá uair in aghaidh an lae sna chéad chéimeanna chun athbhreithniú a dhéanamh ar fhaisnéis agus ar ghníomhartha, agus tar éis tamaill laghdaíodh an líonn cruinnithe go dtí cruinniú amháin in aghaidh an lae, ansin go dtí uair amháin sa tseachtain, de réir mar a laghdaigh an ghníomhaíocht. Admhaíodh go raibh gá le comhordú idirghníomhaireachta in aon oibríocht a bhainfeadh leis an iarracht na gléasanna a aisghabháil, agus is í an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil a rinne éascaíocht ar an gcomhordú sin.

Tugadh foláireamh do gach gnáthbhealach rialála, lena n-áirítear na saoráidí a bhíonn ag plé le dramhábhar, saoráidí líonta talún agus údaráis na gcalafort. Bhí dlúth-theagmháil ag RPII leis an Garda Síochána sa tréimhse sin, ag glacadh páirte sna fógraí don phobal agus sna feachtais chun rabhadh poiblí a eisiúint faoin mbaol a bhaineann leis na foinsí. Fuarthas a lán clúdaigh sna meáin dá bharr – idir mheáin chlóite, mheáin chraolta is mheáin shóisialta. Ba shuntasach go deo an ghníomhaíocht a d'eascair as sna meáin shóisialta.

D'ullmhaigh RPII measúnuithe riosca chun an baol féideartha dáileoige radaíochta don duine aonair a mheas – ag cur i gcás go raibh duine i gcóngaracht na ngléasanna, á láimhseáil nó á ngearradh suas, nó an baol a bhain lena ndumpáil in uisce óil nó i dtaiscumar nó iad a chur ar thine chnámh. Scaipeadh na measúnuithe sin ar na ranna agus na gníomhaireachtaí cuí.

Sa mhéid go raibh naoi gcinn d'fhoinsí radaighníomhacha i ngach coisctheoir tintrí, d'fhéadfaidís a bheith baolach d'aon duine a bheadh ina gcóngar ar feadh tréimhse fhadaithe, nó dá ndéanfaí rud éigin eile a éilliú leo – mar shampla dá láimhseálfaí iad ar bhealach míchuí. Rinneadh an baol níos airde ailse don duine dá bharr a mheas. Cé go mbeadh baol ann ó thaobh nochtadh don radaíocht, measadh tar éis iniúchadh a dhéanamh ar na féidearthachtaí go léir nach raibh aon éifeacht inbhraite ar an tsláinte i gceist le haon cheann. Cibé scéal é, dá meascfaí na gléasanna sin le dramhábhar eile, chuirfeadh sé le castacht an scéil agus bheadh sé níos deacra an t-ábhar a aisghabháil.

Tá dhá chóras neamhspleácha ann do mhear-rabhadh a thabhairt agus do mhalartú eolais go práinneach i gcás éigeandáil raideolaíocht a mbeadh tionchar trasteorann aige b'fhéidir. Déanann comhlacht de chuid na Náisiún Aontaithe, an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Fhuinneamh Adamhach, an córas EMERCON a stiúradh, agus déanann an CÉ an córas ECURIE a stiúradh i Lucsamburg. Bíonn leibhéil éagsúla práinne ag baint leis na teachtaireachtaí a eisíonn na córais – idir theachtaireachtaí faisnéise is fholáirimh.

Sa mhéid gurb é RPII an t-údarás náisiúnta inniúil chun tuairiscí a sholáthar don dá chóras idirnáisiúnta foláirimh seo, chuir RPII an pobal idirnáisiúnta ar an eolas faoi na foinsí seo a goideadh trí theachtaireacht 'faisnéise' a chur ar an dá chóras an 3 Deireadh Fómhair, 2013. Ina dhiaidh sin, lorg ionadaithe ó Oifig Gnóthaí Baile na Breataine, ó Údarás Sábháilteachta Núicléiche na Fraince augs ó Aireacht Fheidearálach Chomhshaoil, Chaomhnú an Dúlra agus Sábháilteachta Núicléiche na na Gearmáine tuilleadh eolais theicniúil ó RPII faoi na foinsí radaighníomhacha. Chomh maith leis sin, bhí RPII i dteagmháil dhíreach lena chomhpháirtí i nGníomhaireacht Chomhshaoil Thuaisceart Éireann (NIEA).

Sna chéad chéimeanna den fhreagairt seo, d'oibrigh RPII go dlúth leis an Stiúrthóir Náisiúnta Dóiteáin agus Bainistíochta Éigeandála sa Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, a d'eisigh fógraí poiblí RPII trí mheáin chumarsáide a mbíonn leas á mbaint astu ag dreamanna cosúil leis na húdaráis áitiúla agus na seirbhísí dóiteáin. Idir an dá linn, lean RPII lena phlé déthaobhach le dreamanna lárnacha eile dála Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus An Garda Síochana chun na prótacail iomchuí fhreagartha a fhorbairt.

Cé go raibh an cás seo tromchúiseach go leor le go reáchtálfaí cruinniú leis an gCoiste Comhordúcháin um Práinnfhreagairt, aontaíodh gur ghá cruinniú comhordúcháin chun a chinntiú go mbeadh na bearta a chuirfeadh an dá dhream i bhfeidhm ag teacht lena chéile. Tharla an cruinniú sin an 10 Deireadh Fómhair sa Teach Custaim, Baile Átha Cliath. D'éirigh go maith leis an gcruinniú, ar fhreastail ionadaithe ó gach grúpa den Choiste air, agus bhí sé lárnach sa chomhordú éifeachtach ar bhainistiú na freagartha don teagmhas seo.

Cé go rabhthas anois tar éis teacht ar réiteach faoin gcur chuige maidir prótacal aisghabhála na bhfoinsí seo, i gcás go n-aimseofaí iad, idir RPII, an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus An Garda Síochána, bhí gá fós teacht ar réiteach maidir le cá ndéanfaí na foinsí sin a stóráil i gcás go bhfaighfí ar ais iad. Mhol RPII an Prótacal Sealadach Oibriúcháin, a bhí faofa ag an Rialtas sa bhliain 2011, agus aontaíodh go mbeadh an prótacal sin oiriúnach. Díol suntais é sin. Anois bhí gach gné den phlean aisghabhála i bhfeidhm.

D'ainneoin na mbeart a chuir gach dream i bhfeidhm, tá na foinsí fós ar iarraidh agus tá an chuma air nach bhfaighfear ar ais iad. Cibé scéal é, fanfaidh RPII ar an airdeall agus feidhmeoidh de réir aon eolais chuí a thiocfaidh chun solais amach anseo. Il.Mar is amhlaidh i ngach cás, tá an deis ann foghlaim ón méid a tharla, agus tá sé beartaithe ag RPII athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a láimhseáladh an cás seo agus aon cheacht atá le foghlaim uaidh a nótáil.

Clár na gComhairleoirí Cosanta Radaíochta

Ceanglaíonn I.R. Uimhir 125 de 2000 ar RPII clár de Chomhairleoirí Cosanta Radaíochta (RPAanna) a chur ar bun agus a choinneáil. Ní bhfuarthas aon iarratas nua faoi le haghaidh RPA le linn na bliana. Fuarthas cúig iarratas, ámh, le go n-athfhaomhfaí cláir Chatagóir 1 (leigheas, fiaclóireacht agus tréidliacht). D'éirigh le trí cinn de na hiarratais sin, agus i gcás an dá iarratas eile lorgaíodh tuilleadh eolais ionas go bhféadfaí an t-athmheasúnú a chur i gcrích. Ag deireadh 2013, bhí 37 nduine ar chlár RPA RPII.

I mí Aibreáin, tugadh cuireadh do gach RPA faofa freastal ar an triú cruinniú bliantúil idirchaidrimh idir PRII agus na comhairleoirí. Aidhm an chruinnithe sin ná eolas chun dáta a sholáthar do na comhairleoirí faoi fhorbairtí agus an deis a thabhairt dóibh aon saincheisteanna ábhartha a chur faoi bhráid an rialtóra. Den chéad uair, bhí cur i láthair ann ó na comhairleoirí féin ar ábhair amhail an uasteorainn dáileoige nua súl a mhol an Coimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint Raideolaíoch, dúshláin a bhaineann le dearadh nua foirgníochta in earnáil an leighis agus aiseolas oibríochtúil ó na comhairleoirí ón earnáil tionsclaíochta. Rinne foireann RPII cur i láthair freisin ar shaincheisteanna dála Bunchaighdeáin Shábháilteachta AE, dramhaíl raideolaíoch, saincheisteanna taistil agus torthaí ó chigireachtaí a rinneadh in 2012.

Nochtadh phobal na hÉireann don radaíocht

Bíonn radaighníomhaíocht ó fhoinsí nádúrtha agus saorga araon ar fáil sa timpeallacht. Bíonn pobal na hÉireann faoi lé na radaighníomhaíochta sin ar bhealaí éagsúla – buailtear iad le gathanna gáma ón spás (radaíocht chosmach) agus téann radaighníomhaíocht ón ithir suas tríd na gcosa; bíonn radón agus tórón san aer a anáiltear; bíonn radaighníomhaíocht nádúrtha agus shaorga i mbia agus in uisce a itear agus óltar agus buailtear iad le radaighníomhaíocht i roinnt tástálacha agus gnáthamh leighis. Ar cheann de na príomhróil ag RPII tá measúnú a dhéanamh ar leibhéal an nochta sin agus comhairle a sholáthar do pháirtithe leasmhara maidir leis an nochtadh do radaíocht ianúcháin. Rinneadh athmheasúnú le déanaí, i staidéar faoi leibhéil nochta don radaíocht, ar an meándáileog radaíochta a fhaigheann duine Éireannach. Fuarthas ón staidéar go bhfaigheann duine Éireannach, ar an meán, dáileog bhliantúil de 4037 micrisíveart ó gach foinse radaíochta. Bíonn an dáileog éagsúil ó dhuine go duine ó aon fhoinse ar leith. Is ó fhoinsí nádúrtha den chuid is mó a thagann na dáileoga sin, tuairim is 86 faoin gcéad (3480 mícrisíveart), go príomha ó charnadh an gháis radóin sa teach. Radaíocht de dhéantús an duine is cúis le 14% (557 mícrisíveart), go príomha ó úsáid radaíochta sa leigheas (546 micrisíveart). Ní dhéanann dáileoga ó fhoinsí eile de dhéantús an duine suas ach níos lú ná 1% (11 micrisíveart). Léirítear i bhFíor 5 an méid radaíochta ó gach foinse ag déanamh suas an dáileog bhliantúil don duine in Éirinn.

I measc thosaíochtaí straitéiseacha RPII sa réimse seo tá saineolas, cumas teicniúil agus eolas riachtanach a sholáthar chun pobal na hÉireann agus an comhshaol a chosaint agus, ag obair i gcomhar le dreamanna eile, tionscnaimh náisiúnta um chosaint raideolaíoch a chur i bhfeidhm.

Chun aghaidh a thabhairt ar na tosaíochtaí sin déanann RPII na nithe seo a leanas:

- Feasacht a spreagadh maidir leis na rioscaí sláinte a bhaineann le bheith faoi lé an radóin,
- Tús áite a ghlacadh i gcur i bhfeidhm na straitéise náisiúnta rialaithe radóin i dtithe agus i láithreacha oibre in Éirinn,
- Clár monatóireachta spriocdhírithe comhshaoil a chur i bhfeidhm,
- Taighde a dhéanamh chun a fháil amach cad iad na foinsí radaíochta a mbíonn an pobal agus an comhshaol faoina lé, agus
- Fanacht inniúil ó thaobh conas tionchar raideolaíoch a mheas i gcás go dtagann foinsí nua dáileoige radaíochta chun solais.

Fíor 5: An méid radaíochta ó gach foinse



An Clár Radóin

Is gás radaighníomhach é radón a tharlaíonn go nádúrtha sa timpeallacht agus san ithir trí mheath radaighníomhach úrániam, atá ann go nádúrtha i méideanna éagsúla i gcarraigeacha agus san ithir. Is é radón an phríomhfhoinse radaíochta a mbíonn an pobal i gcoitinne faoina lé agus tá sé bainteach le tuairim is 250 cás d'ailse scamhóg gach bliain.

An Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin

Bhunaigh Phil Hogan T.D., an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, grúpa idirghníomhaireachta i mí na Samhna 2011, mar aitheantas ar an mbaol do tsláinte a bhaineann le radón, chun Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin a fhorbairt, agus iarradh ar an ngrúpa sin le tuairisc a chur faoi bhráid an Aire laistigh de thréimhse dhá bliain.

Chuir an grúpa idirghníomhaireachta an tuairisc dheiridh faoi bhráid an Aire i mí Dheireadh Fómhair 2013. Ina dhiaidh sin, d'fhaomh an Rialtas moltaí an ghrúpa, agus sheol an tAire an straitéis go hoifigiúil i mí Feabhra 2014. Dar le RPII, a bhí ag stocaireacht le haghaidh a leithéidí de straitéis le fada an lá, is cloch mhíle thar a bheith suntasach an fhorbairt seo san iarracht aghaidh chuimsitheach cheart a thabhairt ar fhadhb an radóin in Éirinn.

Forbraíodh an straitéis bunaithe ar chomhairliúchán leathan le páirtithe leasmhara. D'áirigh sé sin próiseas spriocdhírithe comhairliúcháin le páirtithe leasmhara lárnacha le linn 2012 agus comhairliúchán poiblí maidir leis an dréachtstraitéis le linn 2013. I mí Eanáir, cuireadh dréachtstraitéis maidir le rialú radóin ar fáil ar líne tar éis tréimhse sé seachtaine de chomhairliúchán poiblí. Baineadh leas as an phoiblíocht a fuair an Fóram Náisiúnta Radóin chun aird a tharraingt ar an bpróiseas comhairliúcháin. Chomh maith leis sin, seoladh litreacha aonair chuig gach páirtí leasmhar a ghlac páirt sa chomhairliúchán spriocdhírithe roimhe sin, ag cur in iúl dóibh go raibh an cháipéis chomhairliúcháin ar fáil. Chuir 25 dhuine agus eagraíocht a dtuairimí in iúl, lena n-áirítear cuideachtaí tomhais agus feabhsúcháin radóin, comhlachtaí gairmiúla, ailtirí, údaráis áitiúla agus an lucht acadúil. Dhírigh roinnt de na freagróirí ar bhearta sonracha molta, agus chuir dreamanna eile tuairimí níos ginearálta in iúl. San iomlán, fuarthas 235 thuairim ar leith, tuairimí a cuireadh san áireamh agus an leagan deiridh den straitéis á cheapadh, de réir mar b'iomchuí.

Admhaítear sa straitéis nach féidir le haon ghníomhaireacht nó comhlacht poiblí amháin déileáil go héifeachtach le fadhb an radóin in Éirinn ach go bhfuil gá le raon beart, ar bearta iad atá mar fhreagracht ar ghrúpa leathan páirtithe leasmhara, lena n-áirítear an Rialtas, an tionscal agus daoine aonair. Mar sin, leagtar amach cur chuige uile-rialtais, uile-phobail sa straitéis chun dul i ngleic le radón. Aithnítear go háirithe sa straitéis go bhfuil tábhacht ar leith le bearta coisctheacha i bhfoirgnimh nua. Áirítear sa straitéis 48 moladh agus iad leagtha amach i sé réimse théamacha mar seo a leanas:

- Cosc radóin i bhfoirgnimh nua;
- Idirbhearta réadmhaoine a úsáid mar uirlis chun bearta radóin a chur chun cinn;
- Feasacht a spreagadh agus tathant ar theaghlaigh agus ar fhostóirí bearta a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le radón ina bhfoirgnimh;
- Comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil do dhaoine a bhfuil leibhéil arda radóin ina dtithe;
- Muinín a chothú sna seirbhísí radóin (tomhas agus feabhsúchán); agus
- Laghdú ar leibhéal an radóin a bhfuil daoine faoina lé i láithreacha oibre agus i bhfoirgnimh phoiblí.

Plé maidir le Radón le comhlachtaí poiblí eile agus le húdaráis áitiúla

I rith 2013, lean RPII ag obair i gcomhar le dreamanna eile ar raon tionscnamh chun daoine a chosaint ón nochtadh do radón.

- Faoin Meamram Tuisceana idir RPII agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA), bunaíodh comh-mheitheal chun a chinntiú go mbeadh cur chuige comhordaithe ann idir an dá eagraíocht san iarracht déileáil le radón i láithreacha oibre. Le linn na bliana, lean an mheitheal ag soláthar ionchuir d'fhorbairt na straitéise. Luaigh an grúpa go mbeadh gá roinnt rialachán náisiúnta a leasú ionas go bhféadfaí moltaí na straitéise a chur i bhfeidhm ina n-iomláine ó thaobh láithreacha oibre agus mhol go ndéanfaí na leasuithe sin i gcomhthéacs chur i bhfeidhm na Treorach nua um Bunchaighdeáin Sábháilteachta. Ag leibhéal na cigireachta, lean an dá eagraíocht ag obair i gcomhar lena chéile go héifeachtach, agus áiríodh radón mar ábhar i 124 chigireacht a rinne HSA ar láithreacha oibre le linn 2013.
- Lean an chomh-mheitheal um radón a bunaíodh faoin Meamram Tuisceana le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte lena cuid oibre. Le linn na bliana, d'athraigh an mheitheal a meastachán maidir le líon na gcásanna d'ailse scamhóige a d'fhéadfaí a chur i leith radóin ó 200 go 250 cás in aghaidh na bliana. Baineann an t-athrú sin go príomha le cúiseanna déimeagrafacha. Chomh maith leis sin, d'fhan an mheitheal ar an eolas faoi fhorbairt na straitéise agus chuir moltaí ar fáil de réir mar a bhí an dréacht deiridh den straitéis á ceapadh.

Nochtadh phobal na hÉireann don radaíocht (ar lean)

- Le linn 2013, lean RPII ag comhoibriú le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann (GSI) ar thionscadal píolótach chun limistéir ardbhaoil radóin a shainaithint níos fearr ag úsáid tomhais radón-san-aer, tomhais gheolaíochta agus tomhais aeriompartha. Rinneadh an obair seo, a leanfaidh ar aghaidh in 2014, i gcomhthéacs thionscadal teorann Tellus de chuid GSI.
- Lean RPII ag tacú le húdaráis áitiúla i gcur i bhfeidhm na gclár tomhais agus feabhsúcháin radóin i dtithíocht shóisialta. Ag deireadh 2013, bhíothas tar éis radón a thomhas i 20,310 aonad de thithíocht shóisialta i 21 chontae. I mí Aibreáin, rinne RPII comhchur i láthair le GSI do Chomhairle Contae Lú, maidir le radón agus tionscadal Tellus. Ina dhiaidh sin, chuir Comhairle Baile Dhún Dealgan agus Comhairle Contae Lú tús le feachtais tomhais agus feabhsúcháin radóin i dtithíocht shóisialta.
- Lean RPII ag tacú le páirtithe leasmhara éagsúla agus iad ag dul i ngleic le fadhb an radóin agus rinne roinnt cur i láthair le linn na bliana – ceann ag comhdháil IBCI (Institiúid Rialaithe Foirgníochta na hÉireann) i mí Márta agus ceann do Chomhdháil Chomhshaoil Chiarraí i mí Mheán Fómhair. Meastar IBCI a bheith ina pháirtí leasmhar thar a bheith tábhachtach sa mhéid gurb é IBCI an comhlacht gairmiúil le freagracht as rialú foirgníochta agus go bhfuil sé ríthábhachtach go ndéanfaí bearta coisctheacha radóin a chur i bhfeidhm agus foirgnimh nua á dtógáil.

Fóram Náisiúnta Radóin

I mí Eanáir 2013, d'oscail Fergus O'Dowd, TD, an tAire Stáit sa Roinn Comhshaoil agus sa Roinn Fuinnimh, Cumarsáide agus Acmhainní Nádúrtha, an deichiú Fóram Náisiúnta Radóin i mBaile Átha Cliath. Baineadh leas as an bhfóram chun an comhairliúchán poiblí a sheoladh don straitéis NRCS. Pléadh roinnt gnéithe den dréachtstraitéis ag an bhfóram, lena n-áirítear páipéir ó HSA maidir le haghaidh a thabhairt ar fhadhb an radóin i láithreacha oibre agus ó DECLG maidir le cosc radóin i bhfoirgnimh nua. Chomh maith leis sin, labhair an Dr Trevor Boal ón nGníomhaireacht Idirnáisiúnta d'Fhuinneamh Adamhach, Vín, maidir leis na ceanglais idirnáisiúnta le haghaidh rialú radóin. D'fhreastail breis is 100 duine ar an gcruinniú, thar ceann ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, údaráis áitiúla, an tionscail agus ollscoileanna agus d'fhreastail baill den phobal air chomh maith.

Taighde agus gníomhaíochtaí idirnáisiúnta maidir le radon

Faoi Chlár Comhoibriúcháin Teicniúil na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta d'Fhuinneamh Adamhach, chuir RPII eolaí ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ar chúrsa seachtaine oiliúna maidir le radón i Montainéagró. Sa chlár oiliúna sin pléadh topaicí amhail na gnéithe teicniúla a bhaineann le bainistiú a dhéanamh ar shaotharlann chreidiúnaithe tomhais radóin; comhairle a sholáthar don phobal agus don Rialtas agus an pobal a chur ar an eolas faoin mbaol a bhaineann le radón. Bhí an cúrsa dírithe ar thacú le hobair EPA i Montainéagró san fhorbairt leanúnach ar chlár náisiúnta radóin.

Chomh maith leis sin, tháinig comhairleoir teicniúil ar cuairt chuig RPII ó Rannóg Cosanta Radóin Ghníomhaireacht na hOstaire um Shláinte agus Sábháilteacht Bia (AGES). Cuairt ocht seachtaine a bhí ann, a eagraíodh ar iarratas ó AGES, chun feabhas a chur ar Bhéarla teicniúil an chuairteora agus chun tuilleadh a fhoghlaim faoi chlár rialaithe radóin na hÉireann. Ní hé amháin gur daingníodh an gaol leis na comhghleacaithe ón Ostair, ach bhíothas in ann comparáid a dhéanamh chomh maith idir costéifeachtacht chláir radóin an dá thír.

Le linn 2013, reáchtáladh comhdháil idirnáisiúnta dar teideal 'Radon and Society: from Knowledge to Action' – comhchomhdháil í arna heagrú ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, Údarás Cosanta Radaíochta na hIorua agus Institiúid na Fraince um Chosaint Raideolaíoch agus Sábháilteacht Núicléach. D'fhreastail toscairí ar an gcomhdháil seo a bhíonn ag obair sa ghort, mar shampla cuideachtaí feabhsúcháin agus ailtirí, agus bhí siad in ann a gcuid saineolais ar an ábhar a roinnt leis na toscairí eile. Le tacaíocht RPII, bhí Comhairle Contae Loch Garman in ann dearcadh na hÉireann a chur faoi bhráid na comhdhála agus labhair faoina chlár leanúnach chun dul i ngleic le radón i dtithíocht shóisialta. Rinne conraitheoir Éireannach cur i láthair faoi shaincheisteanna a bhaineann leis an tionscal feabhsúcháin radóin in Éirinn.

Chuir RPII i láthair roinnt taighde ag an 7ú Comhdháil um Chosaint Radóin sa Teach agus sa Láthair Oibre, a reáchtáladh i bPrág, Poblacht na Seice, le linn na bliana.

Bhain an taighde sin le staidéar a rinneadh ar éifeachtacht straitéisí idirghabhála éagsúla radóin, lena n-áirítear bearta coisctheacha a áireamh i bhfoirgnimh nua, agus bearta feabhsúcháin a chur i bhfeidhm i seanfhoirgnimh ó dhearcadh na heacnamaíochta sláinte de.

Staitisticí maidir le tomhas radóin

Tá achoimre i dTábla 3, miondealaithe de réir contae, faoin tomhas radóin a rinne RPII ó na 1990í luatha i leith. Le linn 2013, i gcás 299 de na tithe a ndearna RPII tomhas radóin iontu, fuarthas go raibh tiúchain radóin os cionn an leibhéil

Tábla 3: Tomhas radóin – torthaí de réir contae (bunaithe ar thomhais a rinne RPII go dtí an 31 Nollaig, 2013)

Contae	Líon iomlán na dtithe a ndearnadh tomhas iontu	Líon na dtithe i gcatagóirí de thiúchan radóin			Max (Bq/m³)
		0-199 Bq/m³	200-799 Bq/m³	> 800 Bq/m³	
Ceatharlach	1218	982	224	12	2278
An Cabhán	461	447	14	0	780
An Clár	4216	3694	433	89	3541
Corcaigh	5770	5057	661	52	4516
Dún na nGall	1504	1423	79	2	3402
Baile Átha Cliath	3778	3554	222	2	1410
Gaillimh	7919	6255	1456	208	4189
Ciarraí	4196	3507	555	134	49,000
Cill Dara	1404	1345	56	3	1114
Cill Chainnigh	1398	1199	184	15	2444
Laois	582	558	24	0	565
Liatroim	411	383	27	1	1630
Luimneach	1428	1315	109	4	1857
Longfort	334	296	37	1	876
Lú	1172	1050	120	2	869
Maigh Eo	4283	3532	687	64	6203
An Mhí	1066	985	79	2	932
Muineachán	309	290	19	0	794
Uíbh Fhailí	795	777	18	0	771
Ros Comáin	750	667	79	4	1400
Sligeach	2439	1828	511	100	5619
Tiobraid Árann	2634	2310	297	27	3364
Port Láirge	2551	2045	440	66	9714
Loch Garman	2345	1969	345	31	2926
An Iarmhí	767	698	68	1	1066
Cill Mhantáin	2214	1837	348	29	16,438
Iomlán	**55,944**	**48,003**	**7092**	**849**	

Nochtadh phobal na hÉireann don radaíocht (ar lean)

náisiúnta thagartha de 200 Bq/m^3 iontu agus, astusan, go raibh 35 díobh le tiúchain os cionn 800 Bq/m^3. Na contaetha leis an gcéatadán is airde de na tithe le leibhéil arda iontu ab ea Sligeach, Gaillimh, Port Láirge agus Ceatharlach.

Dar leis an Suirbhé Náisiúnta Radóin meastar go bhfuil tiúchan radóin i 7% den stoc náisiúnta tithíochta os cionn 200 Bq/m^3. Ciallaíonn sin go bhfuil tuairim is 110,000 áit chónaithe leis na leibhéil sin iontu. Go nuige seo, ní dhearna RPII tomhas radóin ach i 7,941 de na háitribh sin, agus is léir, mar sin, nach bhfuiltear tar éis formhór mór na dtithe ina bhfuil fadhb le leibhéal radóin a aithint go fóill.

An clár monatóireachta comhshaoil

Mar a luadh cheana féin, tá idir radaighníomhaíocht nádúrtha agus radaighníomhaíocht shaorga i gcomhshaol na hÉireann. I measc na bhfoinsí saorga tá radachur ó thástáil armán núicléach; radachur ó thimpiste Chernobyl agus scaoileadh radanúiclídí ó chumhachtstáisiúin núicléacha. An phríomhfhoinse de radaighníomhaíocht shaorga i Muir Éireann ná an doirteadh leachta ó stáisiún athphróiseála breoslaí núicléacha Sellafield in iarthuaisceart na Breataine. Chomh luath agus a bhíonn sé seo sa chomhshaol, scaipeann na radanúiclídí agus bíonn siad ar fáil ansin in éisc; i sliogéisc; i mbarra agus in ainmhithe agus ar an gcaoi sin déanann siad a mbealach isteach sa bhiashlabhra.

Tá an mhonatóireacht ar radaighníomhaíocht ina chroíghníomhaíocht ag RPII. Seo a leanas aidhmeanna agus cuspóirí chlár monatóireachta RPII:

- Measúnú a dhéanamh ar na dáileoga a fhaigheann daoine aonair agus an pobal ó radanúiclídí sa chomhshaol;
- Measúnú a dhéanamh ar dháileadh ama agus geografach ar thiúchain de radanúicléidí saorga agus nádúrtha sa chomhshaol;
- Córais, gnáthaimh agus saineolas a bheith ann agus a choinneáil ionas go bhféadfaí measúnú gasta a dhéanamh ar éilliú comhshaoil i gcás go dtarlódh teagmhas raideolaíoch chun go bhféadfaí frithbhearta éifeachtacha a chur i bhfeidhm chun pobal na hÉireann a chosaint;
- Eolas reatha beacht a sholáthar maidir le leibhéil radóin sa chomhshaol don Rialtas agus don phobal;
- Tacú le ról RPII chun comhairle ardchaighdeáin bunaithe ar eolaíocht a sholáthar mar ionchur i mbeartas an Rialtais, go háirithe chun go bhféadfaí socrú ar bhearta riachtanacha chun daoine a chosaint; agus
- Tacú le tionscal bia agus talmhaíochta na hÉireann trí dhianmheasúnú a dhéanamh ar stádas radaighníomhaíochta bhia-ábhar na hÉireann. Cuireann an measúnú sin bunús ar fáil do dheimhniú radaighníomhaíochta i dtáirgí atá le heaspórtáil.

An Clár Monatóireachta in 2013

Mar ab amhlaidh roimhe seo, chuimsigh clár monatóireachta 2013 na croíghnéithe seo a leanas:

- Radaighníomhaíocht chomhthimpeallach bunaithe ar thomhas radaighníomhaíochta san aer agus ar ráta seachtrach dáileoige gáma ó líonra de bhuanstáisiúin mhonatóireachta ar fud na tíre. Ceapadh na córais seo chun leibhéil chúlra de radaíocht sa timpeallacht a thomhas agus chun tuairim ghasta a thabhairt faoin éilliú comhshaoil a d'fhéadfadh tarlú i gcás mórthimpiste.
- Radaighníomhaíocht i raon táirgí bia chun measúnú a dhéanamh ar leibhéal na radaighníomhaíochta saorga i mbiashlabhra na hÉireann chun a fháil amach cén dáileog radaíochta atá ann do phobal na hÉireann. Tá dearadh an chláir bunaithe ar mholtaí CE maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 35/36 de Chomhaontú Euratom agus tá sé dírithe go príomha ar bhainne agus ar aiste bia measctha, a chuimsíonn samplaí ó bhéilí iomlána i mbialann ollscoile.
- Radaighníomhaíocht san uisce óil, a ndéantar monatóireacht air de réir mholtaí Airteagail 35/36. Déantar samplaí ó mhórfhoinsí uisce a shampláil ó gach tír ar a seal agus ar an gcaoi sin déantar sampláil i ngach tír uair gach ceithre bliana. Le linn 2013, rinneadh sampláil ar mhórfhoinsí uisce sna contaetha seo: Baile Átha Cliath, Gaillimh, Ciarraí, Cill Chainnigh, Laois, Liatroim, Longfort, Port Láirge agus Cill Dara.

- Radaighníomhaíocht i dtimpeallacht mhuirí na hÉireann bunaithe ar shampláil agus tomhas sáile, dríodair, feamainne, iasc agus sliogiasc ó áiteanna ar an gcósta. Dírítear sa mhonatóireacht go príomha ar Mhuir Éireann agus tá sé beartaithe leis seo measúnú a dhéanamh ar an tionchar ag scaoileadh dramhleachta íseal-leibhéil isteach in oirthuaisceart Mhuir Éireann ó stáisiún núicléach Sellafield agus eolas chun dáta a sholáthar chun dul i ngleic leis na cúiseanna imní a bheadh ag an Rialtas agus ag an bpobal.

Faoin gclár seo cuirtear tomhais ar fáil ar feadh an lae ón mbuanlíonra monatóireachta chomh maith le clár samplála agus tástála saotharlainne. Déantar measúnú ar raon radanúiclídí mar chuid den chlár measúnachta. Na cinn a ndéantar gnáthmheasúnú orthu ná caesium-137, caesium-134, potassium-40, beryllium-7, iodine-131, tritiam, strontium-99, plutonium-238, agus plutonium-239, 240 agus americium 241. I measc na dteicníní anailíseacha saotharlainne tá speictrimhéadracht gháma agus comhaireamh drithlíochta leachta. I roinnt cásanna, bíonn gá le scagadh radaicheimiceach.

Bíonn béim láidir i gcónaí ar dhearbhú cáilíochta agus iontaofacht na sonraí. Cinntítear an cleachtas is fearr le creidiúnú, trí mheán INAB, de réir an Chaighdeáin Idirnáisiúnta ISO/IEC 17025.

Cuirtear i gcrích an clár monatóireachta i gcomhar le gníomhaireachtaí eile, eadhon, NIEA, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, na Fórsaí Cosanta, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara, Met Éireann, An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath agus Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

Le linn 2013, rinneadh tástáil ar shocruithe do shamplaí eischósta sáile leis an tSeirbhís Chabhlaigh. Sa mhéid gur éirigh go maith leis sin, rinneadh socrú le go dtabharfadh an tSeirbhís Chabhlaigh faoi shampláil sáile eischósta de réir mar a éilíonn RPII dá chlár leanúnach monatóireachta agus i gcás éigeandála as a n-eascródh radaighníomhaíocht i bhfarraigí na hÉireann.

Torthaí chlár monatóireachta 2013

De réir na dtorthaí ón monatóireacht, cé go bhfuil na leibhéil de radaighníomhaíocht shaorga inbhraite i gcomhshaol na hÉireann, tá siad íseal agus níl siad ina mbaol suntasach don tsláinte. Bhí na leibhéil de radaighníomhaíocht arna dtomhas san aer agus i mbia-ábhar domhanda in 2013 an-chosúil leosan leis na leibhéil arna dtomhas le cúpla bliain anuas. Bhíothas ag súil leis seo sa mhéid go mbíonn tionchar ag radachur iarmharach domhanda ar na leibhéil sin, agus athraíonn sé sin go han-mhall.

Cé nach bhfuil ach dáileoga bídeacha i gceist, is trí bhia mara a ithe is mó a bhíonn an pobal faoi lé na radaighníomhaíochta saorga ón scaoileadh dramhaíola isteach san fharraige. Tá na tiúchain is airde den radaighníomhaíocht ó Sellafield le fáil san fharraige ar chósta an oirthuaiscirt. Tá na tiúchain a tomhaiseadh ó dheas ó Bhaile Átha Cliath níos ísle agus tá na tiúchain arna dtomhas feadh na gcóstaí theas agus thiar ag teacht leis na leibhéil dhomhanda mar thoradh ar radachur domhanda.

Nochtadh phobal na hÉireann don radaíocht (ar lean)

Fíor 6: Dáileog éifeachtach thiomanta a fhaigheann an tomhaltóir mar thoradh ar caesium-137, 1983-2013



Léirítear i bhFíor 6 na dáileoga a fuair tomhaltóirí bia mara idir 1983 agus 2013 mar thoradh ar caesium-137, a dhéanann suas formhór na ndáileog ó bhia mara. Tá na dáileoga a fhaigheann pobal na hÉireann mar thoradh ar radaighníomhaíocht shaora sa timpeallacht mhara íseal i gcomparáid leis an meándáileog bhliantúil a fhaigheann duine ó gach foinse radaighníomhaíochta. In 2013, ba é 0.053 milisíveart an dáileog a fuair tomhaltóir ó caesium-137 i gcomparáid le 4037 milisíveart de mheándáileog bhliantúil.

Ón monatóireacht a rinne RPII ar radaighníomhaíocht i mbainne, uisce óil, samplaí ó aiste bia measctha agus gnáth-thástáil ar raon leathan cineálacha eile bia, is léir go bhfuil na leibhéil radaighníomhaíochta i mbia-ábhair fós an-íseal. Go deimhin, bhí na leibhéil de radaighníomhaíocht shaorga i bhformhór na samplaí faoi bhun na dteorainneacha inbhraite. Bhí gach sampla d'uisce óil a ndearnadh tástáil orthu ag teacht leis an dáileog tháscach iomlán (100 milisíveart) arna sainiú i reachtaíocht AE. Mar sin, níl na dáileoga de radaighníomhaíocht shaora a fhaigheann pobal na hÉireann ón gcomhshaol ina mbaol don tsláinte agus tá siad an-íseal i gcomparáid leis an dáileog a fhaightear ó radaíocht chúlra (nádúrtha).

Taighde chun tacú leis an gclár monatóireachta comhshaoil

Tá tionscadail shonracha ann chun dul leis an gclár monatóireachta, chun iniúchadh a dhéanamh ar ghnéithe áirithe den radaighníomhaíocht talún agus muirí. I measc na dtionscadal reatha tá siad seo a leanas:

- **Suirbhé ar radaighníomhaíocht nádúrtha in uisce buidéalaithe**
  Cuireadh i gcrích an tionscadal seo agus foilsíodh tuarascáil dar teideal 'Radioactivity in Bottled Water' i mí na Nollag 2013. Bhí gach ceann de na samplaí ó na 21 bhuidéal uisce géilliúil do cheanglais cháilíochta raideolaíochta IR 225 de 2007, mholtaí na hEagraíochta Domhanda Sláinte agus threoir nua Euratrom maidir le hUisce Óil. Ní chuirfeadh na samplaí as ar eascair na dáileoga is airde radaighníomhaíochta go suntasach leis an mheándáileog bhliantúil arna fháil ag daoine atá ina gcónaí in Éirinn.

- **Staidéar Loch Cairlinn**
  Thug UCD agus NIEA faoi tionscadal chun measúnú a dhéanamh ar leibhéil radaighníomhaíochta i Loch Cairlinn. Staidéar leantach é seo i ndiaidh staidéir eile a rinneadh roimhe sin sna 1990í agus beifear in ann measúnú a dhéanamh ar athruithe i dtiúchain chomhshaoil arna dtomhas sa loch dá réir. Chomh maith le sonraí comhlántacha a sholáthar maidir le leibhéil de radaighníomhaíocht shaorga sa bhearna cósta seo san oirthuaisceart, beidh luach ar leith ag baint leis an tionscadal i gcothú nasc idir RPII, NIEA agus UCD. Chomh maith leis sin, as seo d'eascair tástáil samplaí comhshaoil do plútóiniam agus aimeiriciuam. Tá an modh seo roinnt maith níos gasta ná an modh a tháinig roimhe seo, agus mar sin laghdóidh sé ar an méid ama is gá don fhoireann a chaitheamh ar anailísí.

- **Caesiam-137 i bhfeamainn de chineálacha éagsúla ar fud chósta na hÉireann**
  Bunaíodh comhthionscadal sa bhliain 2013 idir Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus RPII chun measúnú a dhéanamh ar leibhéil caesiam-137 i bhfeamainn a bhfuil tábhacht tráchtála ag baint leis in Éirinn. Aidhm an taighde seo ná forléargas beacht a fháil ar láithreacht antrapaigineach radaighníomhaíochta ó chósta thiar na hÉireann, lena n-áirítear suíomhanna bainte feamainne agus comparáid dhíreach a dhéanamh le suíomhanna ar chóstaí theas agus thoir. I gcás roinnt de na speicis a raibh staidéar á dhéanamh orthu baintear úsáid astu i mbianna, i bhforábhair chothaitheacha agus i leasachán talún. Tá sé i gceist an staidéar seo a chur i gcrích in 2014, agus ullmhófar comh-alt eolaíochta le cur in iris phiarmheasúnaithe.

- **Measúnú ar an dáileog do phobal na hÉireann ó radaighníomhaíocht nádúrtha i mbia**
  Trí mheán an tionscadail seo bhíothas in ann an dáileog do phobal na hÉireann a mheas ó radaighníomhaíocht nádúrtha i mbia-ábhair agus rinneadh an measúnú mar nach raibh sonraí ar fáil faoi leibhéil Polóiniam-210, Carbón-14, Radiam-226 agus Radiam-228 in aiste bia phobal na hÉireann. Rinneadh anailís ar bhéilí iomlána arna gcur ar fáil thar thréimhse cúig lá i mbialann mhór ollscoile i mBaile Átha Cliath chun figiúr ionadaíoch a sholáthar do mheánleibhéil na radaighníomhaíochta nádúrtha in aisce bia na hÉireann. Rinneadh na dáileoga ag eascairt ó ghníomhaíocht radanúicídí a ríomh ag úsáid sonraí tomhaltais ó shuirbhé cothúcháin daoine fásta Chomhghuaillíocht Cothúcháin Ollscoileanna na hÉireann agus tá na torthaí leagtha amach i dTábla.

Tábla 4: Dáileoga bliantúla arna bhfáil ó na príomh-radanúiclídí a bhíonn i mbia (µSv)

Radanúiclíd	Dáileog (µSv In aghaidh na bliana)
Carbón-14	8
Potassiam-40	175
Rubidiam-87	2
Radiam-228 (ó thóriam-232)	7
Radiam-226 (ó uráiniam-238)	4
Polóniam-210	47
Luaidhe-210	26

Tá na torthaí ag teacht leosan ó staidéar i dtíortha Eorpacha eile. Baineadh leas as torthaí an staidéir seo sa mheasúnú uasdátaithe ar na gnáthdháileoga a fhaigheann baill de phobal na hÉireann. Táthar chun an staidéar seo a fhoilsiú in 2014.

Nochtadh phobal na hÉireann don radaíocht (ar lean)

Le linn 2013, chuir RPII iarratas faoi bhráid na Comhghuaillíochta Eorpaí Raidéiceolaíochta. Tugann baill na comhghuaillíochta le chéile a gcuid saineolais taighde, agus ar an gcaoi sin is féidir inniúlachtaí raidéiceolaíochta agus turgnamhacha a thabhairt le chéile san Eoraip. Chomh maith leis sin, téann an grúpa seo i ngleic le dúshláin eolaíochta agus oideachais trí mheasúnú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag substaintí radaighníomhaíochta ar dhaoine agus ar an gcomhshaol.

Le linn 2013 lean RPII ag tacú le gníomhaíochtaí an Chumainn Taighde Radaíochta, trí urraíocht a sholáthar do dhá sheisiún ag an 40ú Cruinniú Bliantúil den Chumann Eorpach um Thaighde Radaíochta, a reáchtáladh i mBaile Átha Cliath. Teideal na seisiún seo ab ea 'Radiation Protection of the Environment/Radioecology and Nuclear Power and Radiation Accidents.' Ag an gcruinniú seo rinne foireann RPII cur i láthair ar an obair a bhí ar siúl sna réimsí seo a leanas:

- Na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann d'Éirinn má théitear ar aghaidh leis na cumhachtstáisiúin nua núicléacha sa Ríocht Aontaithe;
- Na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann ag eascairt ó na moltaí nua ón ICRP sa mheasúnú ar an tionchar a bheadh ag éillitheoirí radaighníomhaíocha sa chomhshaol;
- Measúnú ar an tionchar raideolaíoch ar Éirinn a d'fhéadfadh a bheith ag drochthimpiste núicléach san Eoraip; agus
- Radaighníomhaíocht nádúrtha i bhfoinsí screamhuisce in Éirinn.

An Clár Náisiúnta Dáileoige

In 2012, d'fhorbair RPII an chéad Chlár Náisiúnta Dáileoige sa Stát, agus, in 2013, d'iompórtáil RPII na chéad sonraí maidir le nochtadh sa ghairm – sonraí arna bhfáil ó Sheirbhísí Faofa Dáileogmhéadrachta. Bhain na sonraí sin le tomhais arna ndéanamh in 2012. Áirítear i measc na gcritéar le go ndéanfaí faomhadh ar sheirbhísí dáileogmhéadrachta ceanglas go gcuirfeadh a leithéid de sheirbhís sonraí pearsanta monatóireachta ar fáil i bhformáid leictreonach don chlár gach bliain. Is gá na sonraí a sholáthar faoi mhí Iúil an bhliain tar éis na tomhais a dhéanamh.

Beidh an Clár Náisiúnta Dáileoige ina fhoinse d'eolas staitistiúil maidir le dáileadh dáileog agus treochtaí d'oibrithe a bhíonn faoi lé radaighníomhaíochta mar chuid dá ngairm, nó mar chuid den ghníomhaíocht a mbíonn siad ina bun. etc. chun aiseolas a thabhairt maidir leis an tionchar a bheadh ag an gcóras ar chosaint raideolaíochta in Éirinn. Chomh maith leis sin, cuirfidh an clár bealach ar fáil chun tuarascálacha náisiúnta a thiomsú le haghaidh eagraíochtaí idirnáisiúnta dála Choiste Eolaíochta na Náisiún Aontaithe um Éifeachtaí na Radaíochta Adamhaí (UNSCEAR) agus CE.

Faomhadh na seirbhísí dáileogmhéadrachta

Is gá do gach soláthraí a chuireann seirbhísí dáileogmhéadrachta ar fáil in Éirinn de bhun IR 125 de 2000 a bheith faofa ag RPII. An cuspóir leis an bhfaomhadh sin ná go mbeadh muinín ag an bpobal as na seirbhísí dáileogmhéadrachta atá i bhfeidhm in Éirinn ó thaobh go mbeadh an inniúlacht theicniúil acu agus go mbeidís in ann an tseirbhís chuí a sholáthar. Is gá do sheirbhísí atá ag cur isteach ar fhaomhadh ó RPII fianaise a sholáthar go bhfuil siad géilliúil do chritéir iomchuí theicniúla. Faoi láthair tá sé cinn de sheirbhísí dáileogmhéadrachta faofa chun seirbhísí a sholáthar in Éirinn, agus tá sonraí na seirbhísí sin ar fáil ar shuíomh gréasáin RPII.

Seirbhísí tomhais radaíochta

Cuireann saotharlann RPII seirbhísí speisialtóireachta tomhais radaíochta ar fáil, lena n-áirítear seirbhísí anailíseacha, calabrú ionstraime, tomhas radóin agus deimhniú táirgí. Cuirtear na seirbhísí seo ar fáil do raon leathan custaiméirí, lena n-áirítear an tionscal, an earnáil sláinte, an earnáil oideachais, agus gníomhaireachtaí eile stáit agus an pobal i gcoitinne. Feidhmíonn saotharlann anailíseach RPII mar ionad náisiúnta do thomhas radaighníomhaíochta i samplaí comhshaoil agus bia-ábhair. I bhfianaise raon inniúlachtaí speisialtóireachta anailíseacha na saotharlainne, meastar í a bheith in gné ríthábhachtach de shocruithe freagartha éigeandála náisiúnta.

Tá RPII tiomanta d'ardchaighdeáin a choinneáil ina sheirbhísí uile, de réir riachtanais na gcustaiméirí agus de réir an chleachtais idirnáisiúnta is fearr. Tá creidiúnú ISO 17025 ag an tsaotharlann, arna bhronnadh uirthi ag INAB agus glacann sí páirt i raon leathan scéimeanna tástála inniúlachta agus tomhais idirchomparáide, ag clúdach a seirbhísí go léir. Chomh maith leis sin, glacann an tsaotharlann páirt i ngrúpaí idirnáisiúnta saineolaithe teicniúla agus i líonraí atá ábhartha dá cuid oibre, chun a chinntiú go bhfuil a modhanna cothrom le dáta agus ag teacht leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr.

Seirbhís Chalabrúcháin

Cuireann RPII seirbhís chalabrúcháin ar fáil do raon gléasanna cosanta radaíochta, lena n-áirítear suirbhé-mhéadair le haghaidh monatóirí éilliúcháin agus dáileogmhéadair phearsanta leictreonacha. In 2013, rinneadh tástáil ar 461 ghléas lena chinntiú go raibh siad géilliúil do shonraíochtaí an déantóra. Bhí sé sin inchomparáide le 2012, tráth ar tástáladh 452 ghléas. Léirítear i bhFíor 7 líon na ngléasanna a tástáladh idir 2006 agus 2013.

Fíor 7: Líon na ngléasanna cosanta radaíochta a tástáladh idir 2009 agus 2013.



Chun caighdeáin arda a choinneáil agus chun fanacht ar an eolas faoin gcleachtas is fearr, glacann Seirbhís Chalabrúcháin RPII páirt san Fhóram Méadreolaíochta Radaíochta Ianúcháin (IRMF) agus sa ghrúpa de shaotharlanna calabrúcháin gléasanna sa Ríocht Aontaithe a shocraíonn idirchomparáidí agus a thagann le chéile gach bliain chun saincheisteanna calabrúcháin a phlé.

Tomhas Radóin

Cuireann RPII seirbhís tomhais radón-san-aer ar fáil do thithe, láithreacha oibre agus scoileanna. In 2013, d'eisigh an tsaotharlann tomhais radóin 6,784 bhraiteoir do chustaiméirí i dtithe, láithreacha oibre agus scoileanna. Tá an figiúr seo beagán níos ísle ná an figiúr in 2012, mar ar eisíodh 7,100 braiteoir. Léirítear i bhFíor 8 líon na mbraiteoirí a eisíodh ó bhí 2007 ann. Meastar go bhfuil an laghdú ar an líon díolachán ó 2010 inchurtha i leith deacrachtaí eacnamaíochta ag daoine sa tréimhse sin.

Fíor 8: Líon na mbraiteoirí radóin a eisíodh do thithe agus láithreacha oibre ó 2007 go 2013



Seirbhísí Anailíseacha

Déanann RPII radaighníomhaíocht a thomhas i raon leathan bia-tháirgí agus samplaí comhshaoil. Déantar an obair sin chun tacú le clár monatóireachta radaighníomhaíochta comhshaoil RPII agus thar ceann cliaint sheachtracha freisin. I measc na seirbhísí anailíseacha ar conradh a cuireadh ar fáil le linn 2013 bhí tástáil ar tháirgí bia chun a chinntiú go raibh siad géilliúil do cheanglais na dtíortha iompórtála, tástáil uisce óil chun a chinntiú go raibh sé géilliúil do cheanglais na rialachán CE agus tástáil tástálacha ciarsúir d'fhoinsí radaighníomhacha, tástáil samplaí dreidireachta chun a chinntiú go raibh siad géilliúil don Acht um Dhumpáil ar Farraige, 1996 agus tomhas radóin in uisce óil. Mar a léirítear i dTábla 5, le linn 2013, tástáladh 982 shampla, 518 mar chuid den chlár monatóireachta agus 464 ar bhonn conartha.

Cuireann RPII seirbhís deimhniúcháin ar fáil d'easpórtálaithe bia-tháirgí Éireannacha agus d'easpórtálaithe táirgí eile. Eisíodh 3292 dheimhniú in 2013. Seo i gcomparáid le 3874 sa bhliain 2012 agus 3893 in 2011 agus tugann sé le fios nach bhfuil mórán athrú tagtha ar an éileamh don tseirbhís seo le cúpla bliain anuas.

Tábla 5: Líon na samplaí a ndearnadh anailís orthu agus líon na ndeimhniúchán a eisíodh idir 2009 agus 2013

Bliain	Samplaí a ndearnadh anailís orthu mar chuid den chlár monatóireachta	Samplaí a ndearnadh anailís orthu ar conradh	Deimhniúcháin táirge eisithe
2009	661	627	3301
2010	934[1]	688	3198
2011	701	594	3893
2012	531[2]	574	3874
2013	518[2]	464	3292

[1] I measc na samplaí a ndearnadh anailís orthu in 2010 bhí breis is 200 sampla a bailíodh mar chuid den tionscadal measúnaithe screamhuisce.

[2] I gcás roinnt samplaí déantar an iliomad anailísí orthu. Mar gheall ar athruithe sa bhainistíocht ar an gclár monatóireachta ní bhailítear an líon céanna samplaí ach déantar níos mó anailísí ar gach sampla ar leith.

Socruithe náisiúnta le haghaidh éigeandálaí

De réir na tosaíochta straitéisí a bhaineann le saineolas, cumas teicniúil agus faisnéis riachtanach a sholáthar le go gcosnófaí pobal an hÉireann agus an comhshaol, tá sé de chuspóir ag RPII neartú a dhéanamh ar a chroíchumas freagartha d'éigeandálaí, agus tacú leis na gníomhaíochtaí pleanála atá ar bun ar bhonn náisiúnta. Déantar cumas freagartha RPII a chothú agus a neartú trí chórais freagartha idirnáisiúnta a chothabháil, foireann a oiliúint, páirt a ghlacadh i gcleachtaí d'éigeandálaí, agus athbhreithniú a dhéanamh ar a fhreagra d'éigeandálaí.

Ról RPII i bPleananna Éigeandála Náisiúnta

Tá creat sonraithe sa Phlean Éigeandála Náisiúnta do Thimpistí Núicléacha (NEPNA) don chomhordú ar an bhfreagra éigeandála do thimpistí móra núicléacha, ar timpistí iad a bhféadfadh tionchur éillithe mór a bheith acu ar limistéar leathan in Éirinn.

Seo a leanas na róil arna sannadh do RPII agus NEPNA:

- Socruithe a bheith i bhfeidhm d'fholáireamh luath agus do chóras oifigeach ar ghlao-dhualgas a bheith ann agus feidhmiú mar údarás inniúil náisiúnta le haghaidh luath-fholáireamh agus coinbhinsiúin chúnaimh EC agus IAEA;
- Líonra monatóireachta radaíochta náisiúnta a chothú;
- Na hinniúlachtaí riachtanacha a fhorbairt agus a chothú chun measúnú teicniúil a dhéanamh ar thimpistí a d'fhéadfadh a tharlú agus ar an tionchar raideolaíoch a bheadh acusan ar Éirinn;
- Saotharlann náisiúnta a chothú chun tomhas a dhéanamh ar leibhéil radaighníomhaíochta sa chomhshaol;
- Teagmháil a dhéanamh le heagraíochtaí eile chun socruithe a bhunú do bhailiú samplaí ón gcomhshaol, ó bhia-ábhar agus ó fhoinsí eile i gcás éigeandála;
- Córas deimhniúcháin a chur ar fáil maidir le leibhéil radaighníomhaíochta i mbia-ábhair agus i dtáirgí eile i gcás éigeandála;
- Cuidiú le seirbhís faisnéise an Rialtais agus le grúpa comhordúcháin náisiúnta faisnéis a ullmhú le cur ar fáil don phobal agus do na meáin; agus
- Comhairle a sholáthar don ghrúpa comhordúcháin náisiúnta agus do ranna rialtais maidir leis na gníomhartha coisctheacha féideartha atá ann chun íoslaghdú ar na dáileoga radaíochta a mbeadh pobal na hÉireann faoina lá.

Faoi NEPNA, tá RPII freagrach as measúnú teicniúil a dhéanamh ar na hiarmhairtí a bhainfeadh le timpiste núicléach a mbeadh tionchar aige ar Éirinn. Bíonn an chomhairle a sholáthraítear ag céim luath de thimpiste núicléach ag brath go príomha ar uirlisí samhaltaithe agus ionsamhlúchán ar an ríomhaire d'aistriú radaighníomhaíochta sa chomhshaol. Tá sé seo amhlaidh sa mhéid go mbíonn an fhaisnéis agus na sonraí ag céim luath de thimpiste an-tearc ar fad. Le caitheamh ama, baintear leas as an anailís a dhéantar ar shamplaí arna mbailiú agus as sonraí monatóireachta fíorama chun measúnú agus comhairle níos beaichte a sholáthar. Faoi láthair, tá dhá uirlis éagsúla samhaltaithe in úsáid ag RPII:

- ARGOS. Tá an córas seo in úsáid ag RPII ó bhí 2001 ann agus tá sé go maith in oiriúint do riachtanais RPII. Is féidir úsáid a bhaint as chun samhaltú a dhéanamh ar fhairsinge thíreolaíoch an radachuir agus na leibhéil éillithe sa bhiashlabhra ionas go mbeifí in ann an tionchar féideartha ar an tsláinte a réamh-mheas chomh maith leis na hiarmhairtí a bhainfeadh leis do tháirgeadh bia in Éirinn agus don earnáil talmhaíochta;
- Samhail nua Comhtháite HYSPLIT de chuid NOAA na Stát Aontaithe. Leis an tsamhail seo is féidir tabhairt faoi shamhaltú fadraoin spréite i.e. ar leibhéal domhanda – spré ceimiceán agus caithníní san aer.

In 2013, bhain RPII leas as mórfhorbairt ar uirlis samhaltaithe HYSPLIT. Chuir Met Éireann an uirlis in oiriúint le go bhféadfaí úsáid a bhaint aisti le linn freagra éigeandála na hÉireann dá dtarlódh a leithéid. Chun measúnú a dhéanamh ar tharluithe i gcóngaracht na hÉireann, baineann an córas úsáid anois as sonraí ardtaifigh (2.5KM) arna soláthar ag córas uimhriúil oibríochtúil réamhaisnéise aimsire HARMONIE (Fíor 9), cé go raibh gá úsáid a bhaint as sonraí níos ísle taifigh domhanda roimhe sin. Is é ICHEC (Irish Centre for High-End Computing) a bhíonn i mbun an chórais sin. Leis na socruithe nua seo, bíonn sonraí meitéareolaíochta ar fáil go huathoibríoch do na 30 lá roimh ré chun tuairim a thabhairt faoi conas mar a ghluais cleitín radaighníomhach roimhe sin, agus cuireann na réamhaisnéisí is déanaí eolas

Socruithe náisiúnta le haghaidh éigeandálaí (ar lean)

Fíor 9: Sampla de thorthaí ó shamhail HYSPLIT le linn an chleachtaidh i mí na Samhna 2013

SAMHAIL HYSPLIT NOAA: Leagan Met Éireann
Tiúchan (/m³) meán idir 0m agus 100m
Comhtháite ó 0700 an 21 Samhain go 0800 an 21 Samhain 13 (UTC)
C137 Scaoileadh tosaithe ag 0700 an 21 Samhain 13 (UTC)



>1.0E+03/m³
>1.0E+02/m³
>1.0E+01/m³
>1.0E+00/m³

Uasmhéid: 2.8E+03
(Léirithe ag an gcearnóg)

Íosmhéid: 5.3E-01

Sonraí Meitéareolaíochta HARM

ar fáil faoin ngluaiseacht a tharlóidh don chéad 48 huaire an chloig eile. Féadtar rianú a dhéanamh freisin ar ghluaiseacht ábhair radaighníomhaigh san atmaisféar ar scála domhanda ach úsáid a bhaint as anailísí/réamhaisnéisí ECMWF ar thaifeach greille beagán níos airde (15KM) i gcomparáid le samhail HARMONIE.

Ó dearadh córas HYSPLIT chun seirbhís a sholáthar do raon úsáideoirí in Éirinn, bhunaigh RPII Grúpa Úsáideoirí HYSPLIT ar a bhfuil ionadaithe ó RPII, an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, DAFM, UCD agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Tháinig an grúpa le chéile den chéad uair i mí Iúil 2013.

Córais Foláirimh éigeandála

Tá dhá chóras neamhspleácha idirnáisiúnta i bhfeidhm chun foláireamh gasta a thabhairt agus chun eolas a mhalartú go práinneach i gcás go dtarlódh éigeandáil raideolaíoch a mbeadh tionchar trasteorann aige. Bíonn IAEA i Vín i mbun an chórais EMERCON/USIE, agus is é an CE i Lucsamburg atá i mbun an chórais ECURIE. Bíonn na córais seo i bhfeidhm ar bhonn leanúnach agus déantar iad a thástáil agus a uasdátú go rialta. Bíonn leibhéil éagsúla práinne i gceist leis na teachtaireachtaí a eisíonn na córais seo ó stádas 'faisnéise' go dtí an stádas is práinní 'foláireamh/rabhadh'. Tá foireann RPII oilte ar an dá chóras ghréasánbhunaithe seo, EMERCON/USIE agus ECURIE.

Líonra Náisiúnta Monatóireachta Radaíochta

Tá RPII i mbun Líonra Náisiúnta Monatóireachta Radaíochta (Fíor 10) i gcomhar le Met Éireann, na Fórsaí Cosanta agus roinnt údarás áitiúil. Cuireann an córas seo torthaí ar fáil do thomhas leanúnach an ráta dáileoige gáma sa chomhthimpeallacht; bítear i mbun samplála ar cháithníní radaighníomhacha san aer agus bailítear uisce báistí. Le linn 2013, rinneadh an ráta comhthimpeallach dáileoige gáma a thomhas ag 15 stáisiún, agus rinneadh an radaighníomhaíocht san aer a thomhas ag 11 stáisiún. Mar a sonraíodh sa rannóg den tuarascáil seo a bhaineann lena mhéid a mbíonn pobal na hÉireann faoi lé radaíochta (féach leathanach 22) ní raibh aon leibhéil ardaithe ann in 2013 de ráta comhthimpeallach dáileoige gáma os cionn na ngnáthluaineachtaí.

Fíor 10: Líonra náisiúnta monatóireachta radaíochta

Cleachtaí Éigeandála

Reáchtálann RPII clár de chleachtaí éigeandála chun tástáil a dhéanamh ar ghnáthaimh agus chun go mbeadh an saineolas is gá ag an bhfoireann. I measc na gcleachtaí sin bíonn ar an bhfoireann roinnt gnéithe de phleananna éigeandála RPII a chleachtadh, mar shampla an fógra tosaigh a thabharfadh oifigeach dualgais RPII; measúnú a dhéanamh ar thimpiste ionsamhlaithe núicléach ag úsáid na n-uirlisí réamhaisnéise ríomhaireachta; úsáid a bhaint as na naisc ar leith atá bunaithe leis an Ionad Náisiúnta Comhordúcháin Éigeandálaí agus úsáid a bhaint as na córais malartaithe faisnéise idirnáisiúnta. Mar chuid den chlár bliantúil, ghlac RPII páirt, in 2013, i seacht gcinn de chleachtaí éigeandála idirnáisiúnta; cúig cinn arna n-eagrú ag IAEA (cleachtaí ConvEx) agus dhá cheann arna n-eagrú ag CE (cleachtaí ECURIE).

In 2013 bhí dhá cheann de na cleachtaí sin dírithe ar thástáil a dhéanamh ar chórais IAEA do thuairisciú tarluithe agus cúnamh speisialaithe idirnáisiúnta a lorg. Reáchtáladh an chéad cheann i mí an Mheithimh 2013 – cur i gcás a bhíonn ann ar thimpiste núicléach ag cumhachtstáisiún sa tSlóivéin. Cuireadh fógra agus iarratas ar chúnamh chuig gach ballstát. Mar chuid den chleachtadh thairg RPII cúnamh a sholáthar trí anailísí breise comhshaoil a dhéanamh ar son na Slóivéine. I mí Dheireadh Fómhair 2013, rinneadh cleachtadh mar ar cuireadh i gcás gur pléascadh gléas scaipthe raideolaíochta i gcathair Bhaile Átha Cliath. Mar chuid den chleachtadh sin chuir RPII scéala chuid IAEA faoinar tharla, agus rinne measúnú ar an tionchar ag úsáid na n-uirlisí tuartha, agus chuir torthaí an mheasúnaithe chuig IAEA. Chomh maith leis sin, lorg RPII cúnamh idirnáisiúnta leighis.

Socruithe náisiúnta le haghaidh éigeandálaí (ar lean)

Cleachtadh eile ar díol suntais é ná ceann a reáchtáladh i mí na Samhna, ar ghlac roinnt eagraíochtaí idirnáisiúnta páirt ann, lena n-áirítear IAEA agus CE. Bhí suas le 57 thír rannpháirteach ann. Sa chleachtadh seo cuireadh i gcás gur pléascadh gléas scaipthe raideolaíochta i Maracó agus gortaíodh roinnt náisiúnach coigríche sa phléascadh sin, Éireannaigh ina measc. Mar chuid den chleachtadh sin fuair RPII an deis tástáil a dhéanamh ar chumarsáid idirnáisiúnta le córas IAEA agus CÉ agus, ón dearcadh náisiúnta de, naisc chumarsáide a thástáil leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha. Eisíodh preasráitis ag cur comhairle ar Éireannaigh i Maracó mar chuid den chleachtadh.

Chomh maith leis sin, thug RPII faoi chomhchleachtadh éigeandála i gcomhar le Met Éireann. Sa chleachtadh sin, cuireadh i gcás gur tharla crith talún amuigh ó chósta na Breataine Bige agus gur scaoileadh radaighníomhaíocht dá bharr. Rinne dhá chóras RPII samhaltú scaipthe caithníní san aer agus cuireadh na torthaí i gcomparáid. Thug an cleachtadh seo an deis do RPII agus Met Éireann tástáil a dhéanamh ar na gnáthaimh atá i gcoiteann acu agus ar an gcomhoibriú idir an dá eagraíocht.

Gníomhaíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta

Cuireann RPII seirbhísí traenála ar fáil maidir le cúrsaí radaíochta agus éigeandálaí raideolaíocha d'eagraíochtaí náisiúnta eile mar shampla Cosaint Shibhialta agus na Seirbhísí Dóiteáin. A bhuíochas leis sin beidh na heagraíochtaí sin in ann freagairt go sábháilte agus go héifeachtach do thimpistí radaigníomhacha. In 2013, cuireadh an traenáil sin ar fáil mar chuid de chúrsa bliantúil traenála d'oifigigh dhóiteáin chun cuidiú leo déileáil go sábháilte le hábhair ghuaiseacha. Chomh maith leis sin, chuir RPII Forléargas ar fáil do speisialtóirí CBRN (Ceimiceach, Bitheolaíoch, Raideolaíoch agus Núicléach) sna Fórsaí Cosanta maidir le ról RPII i bpleananna éigeandála na hÉireann do tharluithe radaíochta.

Bíonn ionadaíocht i gcónaí ag RPII ar Thascfhórsa an Rialtais do Phleanáil d'Éigeandálaí agus ar a fhogrúpaí faoi tharluithe díobhálacha CBRN agus chun Measúnú Riosca Náisiúnta a dhéanamh d'Éirinn. Is é ról fhoghrúpa CBRN athbhreithniú agus forbairt bhreise a dhéanamh ar phrótacal náisiúnta na hÉireann chun freagairt do tharlú díobhálach CBRN. In 2013, chuir RPII ionchur ar fáil le haghaidh cúig cinn de mhodúil (dí-éilliú, tacaíocht leighis, cumarsáid/faisnéis phoiblí, sampláil/tástáil saotharlainne agus iompar) chun feabhas a chur ar an bprótacal náisiúnta. Chomh maith leis sin, ghlac RPII páirt i bhforbairt *aide memoire* maidir le comh-mheasúnú riosca a bhféadfadh na chéad fhreagróirí leas a bhaint as i gcás timpistí CBRN agus i bhforbairt liosta saineolaithe a bhféadfaí a gcúnamh a lorg dá mba ghá.

In 2013, thosaigh RPII ag obair ar thionscadal taighde PREPARE, atá faoi scáth 7ú Creatchlár CE, EURATOM do Ghníomhaíochtaí Taighde agus Oiliúna Núicléacha. Is é aidhm an tionscadail seo, arb é a theideal iomlán "Innovative integrative tools and platforms to be prepared for radiological emergencies and post-accident response in Europe' chun dul i ngleic leis na saincheisteanna a bhaineann le hullmhacht núicléach agus raideolaíoch a tháinig chun solais i ndiaidh thimpiste Fukushima in 2011. Tionscadal comhoibritheach atá ann, agus 45 pháirtí ar fud na hEorpa ag glacadh páirte ann. Roinneadh an tionscadal i seacht gcinn de phacáistí oibre, agus tá RPII páirt sa tríú pacáiste (WP3), a bhaineann le hearraí do thomhaltóirí. Cuspóir foriomlán WP3 ná cur le forbairt straitéisí, treoir agus uirlisí bainistithe earraí tomhaltóirí, ag cur dhearcadh na dtáirgeoirí, an tionscail próiseála agus miondíola agus na dtomhaltóirí san áireamh. Tógfaidh sé seo ar an obair a rinne RPII, DAFM, FSAI, DECLG, EPA agus an tÚdarás um Chosaint Iascach Mara cheana féin agus cuirfear lámhleabhar ar fáil chun bainistiú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag timpistí féideartha núicléacha nó raideolaíocha (thar lear) ar an earnáil talmhaíochta in Éirinn, ar tháirgeadh bia shábháilte agus ar dhiúscairt shábháilte ar ábhar éillithe. Tá liosta de na heagraíochtaí Eorpacha eile atá páirteach i WP3 le fáil i bhFíor 11. Beidh torthaí ón obair sin ina bhonn eolais do Phlean Éigeandála na hÉireann do Thimpistí Núicléacha.

Déanfaidh RPII ionadaíocht ar Éirinn freisin ar ghrúpaí a bhaineann le hullmhacht núicléach agus raideolaíoch. In 2013, d'áirigh siadsan Meitheal NEA ar Chúrsaí Núicléacha (NEA-WPNEM) agus Údaráis Inniúla ECURIE. Roinneann siadsan an dea-chleachtas lena chéile agus déanann treoir agus socruithe idirnáisiúnta a fhorbairt d'éigeandálaí núicléacha. Le linn 2013, atoghadh ball foirne ó RPII mar Leas-Chathaoirleach ar NEA-WPNEM.

Fíor 11: Eagraíochtaí ar fud na hEorpa atá páirteach in WP3 den tionscadal PREPARE

Sábháilteacht áiseanna núicléacha thar sáile

Tá RPII freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí thar lear i ndáil le stáisiúin núicléacha agus sábháilteacht raideolaíoch agus comhairle a chur ar an Rialtas faoi na himpleachtaí a bhainfeadh leosan d'Éirinn. Is é cuspóir straitéiseach RPII sa réimse seo ionchur a bheith aige i bhforbairt na gcaighdeán idirnáisiúnta maidir le cosaint raideolaíoch agus sábháilteacht núicléach. Mar chuid dá ról agus d'fhonn a chinntiú go gcuirtear tuairimí agus cúiseanna imní na hÉireann san áireamh, déanann RPII ionadaíocht ar Éirinn ar fhóraim Eorpacha agus eile i ndáil le saincheisteanna a bhaineann le sábháilteacht núicléach. Go háirithe, bíonn páirt ghníomhach ag RPII san ionchur a bhaineann le hobair an Ghrúpa Eorpaigh um Rialtóirí Sábháilteachta Núicléacha (ENSREG), go háirithe ina chuid oibre faoi shábháilteacht núicléach (lena n-áirítear reachtaíocht sa réimse seo) agus tioncnaimh chun feabhas a chur ar shocruithe trédhearcachta i réimse na sábháilteachta núicléiche.

Iarscrúdú ar thástálacha struis a rinneadh ar na cumhachtstáisiúin núicléacha

In 2011, ag eascairt ón timpiste a tharla ag Cumhachtstáisiún Núicléach Fukushima, chuir an Chomhairle Eorpach tús le próiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar shábháilteacht na gcumhachtstáisiún núicléach Eorpach uile ar fud na 17 dtír ina bhfuil siad. Bhí na hathbhreithnithe sin, ar tugadh tástálacha struis orthu, dírithe ar chumas na gcumhachtstáisiún déileáil le tarluithe móra nádúrtha dála na dtubaistí nádúrtha a d'imigh i bhfeidhm ar an gcumhachtstáisiún ag Fukushima, an tionchar a bhí ag cailliúint na bhfeidhmeanna sábháilteachta agus bainistiú géarthimpistí. Mar bhaill de ENSERG, bhí baill foirne RPII i mbun cheapadh agus chur i bhfeidhm an phróisis athbhreithniúcháin piaraí.

I gcás na dtíortha uile a ghlac páirt i bpróiseas na dtástálacha struis d'ullmhaigh siad pleananna gníomhaíochta náisiúnta. Cuirtear síos sna pleananna gníomhaíochta náisiúnta sin ar na gníomhartha atá beartaithe nó curtha i bhfeidhm ag an leibhéal náisiúnta tar éis thimpiste Fukushima chun feabhas a chur ar shábháilteacht na gcumhachtstáisiún núicléach agus iarradh orthu sceideal comhfhreagrach a sholáthar do na gníomhartha sin. Pléadh na pleananna gníomhaíochta náisiúnta sin ag ceardlann rialála athbhreithnithe piaraí a reáchtáladh i mí Aibreáin 2013. Sa cheardlann sin pléadh ábhar agus stádas chur i bhfeidhm na bpleananna gníomhaíochta náisiúnta. Bhí a lán gníomhartha, go háirithe anailísí agus athbhreithniúcháin, curtha i gcrích nó ar sceideal le cur i gcrích faoi 2014. Mar chuid den obair sin ainmneofar feabhsúcháin bhreise sábháilteachta atá le tabhairt isteach agus tá sé beartaithe na hathruithe a eascróidh astusan a chur i bhfeidhm go príomha sa tréimse 2015-2018. Ionadaí ó RPII duine de leas-chathaoirligh na ceardlainne.

Tá sé beartaithe an dara ceardlann a reáchtáil i mí Aibreáin 2015. Sa cheardlann sin déanfar athbhreithniú ar dhul chun cinn na ngníomhartha ón bpróiseas tástála struis.

Sábháilteacht Núicléach sa Ríocht Aontaithe

Le linn 2013, lean RPII ag déanamh dlúthmhonatóireachta ar fhorbairtí ag Sellafield agus ag láithreacha núicléacha eile sa Ríocht Aontaithe. Is iad príomhréimsí spéise RPII na forbairtí a bhaineann le sábháilteacht núicléach láithreáin, go háirithe i gcás go bhfuil baol féideartha ann go dtarlódh timpistí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar Éirinn.

Tuarascáil Príomhchigire Núicléach na Ríochta Aontaithe

I mí na Samhna, chuir UK-ONR (UK Office for Nuclear Regulation) i láthair tuairimí maidir le caighdeáin sábháilteachta agus slándála ar fud thionscal núicléach na Ríochta Aontaithe ina Chéad Tuarascáil ón bPríomhchigire Núicléach. Tugadh breithmheas sa tuarascáil sin ar na láithreáin núicléacha agus chosanta, ar iompar ábhair radaighníomhacha agus ar phleanáil éigeandála. Chomh maith leis sin, cuireadh i láthair ann breithmheas UK-ONR maidir leis an gcaoi a bhfuil an Ríocht Aontaithe ag cloí lena fhreagrachtaí idirnáisiúnta faoi chosaintí núicléacha agus na ceachtanna atá foghlamtha ó Fukushima.

Luaitear sa tuarascáil nach bhfuil na saoráidí ina bhfuil dramhaíl leagáide radaighníomhach ag cloí leis na caighdeáin nua-aimseartha innealtóireachta do shaoráidí núicléacha. Dá bhrí sin, tá na saoráidí seo níos mó i mbaol ó tharluithe nach bhfuil chomh dóchúil ná mar atá na cumhachtstáisiúin níos nua-aimseartha atá deartha sa chaoi is go seachnófaí an baol sin. Dá bharr sin, tá UK-ONR tar éis na saoráidí de dhramhaíl leagáide a chur sa chatagóir Tosaíocht Rialála 1. Ciallaíonn sé seo go mbeidh 'leibhéal suntasach ardaithe airde á thabhairt orthu' thar an gcéad chúig bliana eile sa mhéid nach bhfuil réiteach simplí ar na saincheisteanna. Cuireadh oibríochtaí suímh eile Sellafield (e.g. athphróiseáil, gloiniú etc.) chomh maith le suíomh Dounreay, an tIonad um Airm Núicléacha ag Aldermaston agus Burghfield agus longlann Devonport Royal sa chatagóir Tosaíocht Rialála 2. Ciallaíonn sé seo go mbeidh 'leibhéal ardaithe airde á thabhairt orthu' thar an gcéad dá bhliain eile. Cuireadh gach cumhachtstáisiún sibhialta núicléach na Ríochta Aontaithe sa chatagóir Tosaíocht Rialála 3. (Ciallaíonn sé sin go mbeidh gnáthaird rialála á thabhairt orthu).

Ghlac RPII páirt sa seisiún faisnéise roimh sheoladh na tuarascála a reáchtáil UK-ONR i mí Dheireadh Fómhair, agus bhí an deis ag na rannpháirtithe soiléiriú a lorg faoi thorthaí na tuarascála.

Síneadh ama shaolré do chumhachtstáisiúin núicléacha

Tá cumhachtstáisiún núicléach is sine na Ríochta Aontaithe, atá fós ag feidhmiú, Ionnaithe in Wylfa, I dTuaisceart na Breataine Bige. Thosaigh an gineadóir 490 meigeavata ag feidhmiú in 1971, agus faoi láthair tá cead faighte go leanfadh sé ag feidhmiú go dtí Meán Fómhair 2014. I mí Dheireadh Fómhair 2013, ámh, chuir oibreoirí an stáisiúin, Magnox Ltd., athbhreithniú sábháilteachta deich mbliana faoi bhráid UK-ONR don láithreán in Wylfa, a d'áirigh moladh go dtabharfaí síneadh ama do ghiniúint leictreachais ag an láithreán go dtí Nollaig 2015, más rud é go gceadóidh na cigirí sábháilteachta é. Is é cumhachtstáisiún Núicléach Wylfa an t-imoibreoir is cóngaraí d'Éirinn – díreach breis is 100Km ó chósta an oirthir.

Chomh luath agus a dhúnfar na himoibreoirí, bainfear an breosla núicléach de réir a chéile ó na himoibreoirí agus cuirfear é chuig Sellafield chun athphróiseáil a dhéanamh air. Thar an gcéad deich mbliana eile, déanfar díchoimisiúnú ar na himoibreoirí dúnta, agus is éard atá i gceist leis sin ná go seolfar an breosla núicléach go Sellafield d'athphróiseáil agus go leagfar an t-ionad agus na foirgnimh atá ann faoi láthair. Ina dhiaidh sin, tosóidh an láithreán ar an gcéim díchoimisinithe 100 bliain de "chúram agus cothabháil" agus i ndiaidh na tréimhse sin ní bheidh an láithreán faoi réir smacht rialála a thuilleadh.

I mí na Samhna 2013, d'fhógair an chuideachta fuinnimh EDF Energy sa RA go raibh sé beartaithe aige síneadh a chur le saolré oibríochtúil an dá imoibreoir aige ar imoibreoirí ardfheidhmiúla gás-fhuaraithe iad . Bhíothas leis an dá imoibreoir sin, ag Hartlepool in oirthuaisceart Shasana a dhúnadh in 2019. Tabharfaidh UK-ONR cead go leanfadh an dá imoibreoir ag feidhmiú, ámh, más féidir le EDF Energy a léiriú go mbeidh siad in ann dó sin. Leanfaidh RPII ag déanamh monatóireachta ar fhorbairtí na láithreán núicléach uile sa Ríocht Aontaithe.

Cumhachtstáisiúin núicléacha nua sa Ríocht Aontaithe agus an tionchar raideolaíoch a d'fhéadfadh a bheith acu ar Éirinn

Ag deireadh 2012, cheadaigh UK-ONR an chéad cheadúnas nua do chumhachtstáisiún núicléach le 25 bliana anuas. Tugadh an ceadúnas sin do EDF Energy dá chumhachtstáisiún núicléach nua le hImoibreoir nua Eorpach ag Hinkley Point in iardheisceart Shasana. An 19 Márta, 2013, tugadh cead pleanála do thógáil an chumhachtstáisiún nua sin.

Tá EDF Energy tar éis Dearbhú Glactha Dearaidh a fháil le haghaidh dhearadh an imoibreora Areva EPR, chomh maith le trí cheadúnas ó Ghníomhaireacht Comhshaoil na Ríochta Aontaithe (UK-EA), ceadúnas láithreáin núicléigh agus cead pleanála. Tá formhór na dtoillithe faighte anois ag an gcuideachta a bhfuil gá leo chun an chumhachtstáisiún a thógáil agus a chur ag feidhmiú.

I mí Mheán Fómhair 2013, d'aontaigh Rosatom (corparáid núicléach náisiúnta Chónaidhm na Rúise), Rolls Royce agus Fortum (cuideachta fuinnimh ón bhFionlainn) iarratas a ullmhú le cur faoi bhráid phróiseas rialála na RA le haghaidh Measúnú ar Dhearadh Cineálach (MDC) d' imoibreoir WER-TOI (dearadh uisce bhrúchóirithe), le haghaidh 2015 b'fhéidir.

In 2012, cheannaigh Hitachi Ltd. Cumhachtstáisiún Núicléach Horizon, atá ag beartú cumhachtstáisiúin núicléacha a thógáil ag Wylfa in Angelsy agus Oldbury in South Gloucestershire. Go luath in 2013, chuir Hitachi a dhearadh d'Imoibreoir Ardfheidhmiúil Uisce Bhrúchóirithe (IAUB) faoi bhráid an phróisis MDC, agus meastar go mbeidh sé sin i gcrích ag deireadh 2017. Tosóidh oibreacha ar an láithreán 12-18 mí roimhe sin, agus tosóidh an tógáil iomlán tuairim is 2019. I mí Dheireadh Fómhair 2013, luaigh Hitachi go raibh sé beartaithe aige dhá aonad IAUB a thógáil ag gach láithreán.

I mí Bealtaine 2013, chríochnaigh agus d'fhoilsigh RPII dhá mheasúnú ar na tionchair dhóchúla ar an gcomhshaol in Éirinn a bheadh ag an gclár beartaithe ocht gcinn de chumhachtstáisiúin núicléacha nua a thógáil sa Ríocht Aontaithe (féach Fíor 12). Áiríodh sa mheasúnú athbhreithniú ar an gclár, lena n-áirítear cur síos ar dhearthaí na n-imoibreoirí agus measúnú ar an tionchar dóchúil a bheadh ar Éirinn ag scaoileadh laethúil dramhaíola isteach sa timpeallacht agus ag scaoileadh féideartha trí thaismse isteach san aer agus san fharraige. Rinneadh samhaltú agus measúnú ar scaoileadh radaighníomhach isteach i Muir Éireann mar chúnamh do na taighdeoirí samhaltaithe muirí in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Rinneadh samhaltú ar scaoileadh núicléach isteach san atmaisféar le cúnamh ó Met Éireann agus ó NOAA na Stát Aontaithe. Cuireadh roinnt timpistí i gcás, lena n-áirítear iadsan a luadh sa mheasúnú úrscothach a d'fhoilsigh Coimisiún Rialála Núicléach na Stát Aontaithe faoi ghéarthimpistí núicléacha.

Sábháilteacht áiseanna núicléacha thar sáile (ar lean)

Fíor 12: Láithreáin ina bhfuil sé beartaithe chumhachtstáisiúin núicléacha nua a thógáil sa Ríocht Aontaithe

Sa mheasúnú fuarthas nach mbeadh aon thionchar intomhaiste raideolaíoch ar Éirinn nó ar thimpeallacht mhuirí na hÉireann ag gnáthfheidhmiú na gcumhachtstáisiún atá beartaithe .

Mar chuid den staidéar rinneadh measúnú ar chúig cinn de ghéarthimpistí a d'fhéadfadh tarlú, ar scála dóchúlachta ó 1 in 50,0000 go dtí 1 in 33 milliún sa bhliain. Tríd is tríd, ba iad na timpistí ba lú dóchúlacht na cinn a mbeadh an tionchar raideolaíoch is mó acu ar Éirinn. Bheadh gá le srianta bia agus bearta cosanta talmhaíochta i gcás go dtarlódh aon cheann de na timpistí sin chun a chinntiú go mbeadh an bia ar díol in Éirinn ina bhia sábháilte le hithe. I gcás na dtimpistí is tromchúisí a ndearnadh scrúdú orthu sa staidéar, bheadh gá le bearta gearrthéarmacha, amhail fothain a chur ar fáil. Ní raibh aslonnú ina fhreagra cuí in aon cheann de na cásanna a ndearnadh staidéar orthu. Chomh maith leis sin sa mheasúnú rinneadh mionscrúdú ar na hiarmhairtí a bhainfeadh le scaoileadh radaighníomhaíochta trí thaisme isteach i Muir Éireann, ar cóimhéid leis an scaoileadh a tharla ar éis thimpiste Fukushima. Fuarthas go mbeadh an dáileog radaíochta a mbeadh pobal na hÉireann faoina lé dá n-íosfaidís méideanna móra iasc agus sliogiasc níos ísle ná an mheándáileog radaíochta bhliantúil don phobal.

Léiríodh sa staidéar go n-iomprófaí aon éilliú radaighníomhach san aer, ó fheidhmiú laethúil nó beartaithe na gcumhachtstáisiún núicléach, amach ó Éirinn formhór an ama. Eascraíonn an chonclúid sin ó anailís ar dhálaí aimsire i réim in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe le 21 bhliain anuas.

Saoráid diúscartha geolaíochta

In 2008, thug Rialtas na Ríochta Aontaithe cuireadh do phobail saoráid diúscartha geolaíochta a bhunú ina bhféadfaí dramhaíl radaighníomhach ardleibhéil go meánleibhéil a chur. Léirigh trí phobal in dhá limistéar in Cumbria spéis a leithéid de shaoráid a bheith acu. I mí Eanáir 2013, trí vóta a chaitheamh bheartaigh Comhairle Contae Cumbria, Comhairle Buirge Copeland agus Comhairle Buirge Allerdale tarraingt siar ón bpróiseas roghnúcháin. Bhí gá le comhaontú ón gcomhairle buirge agus ón gcomhairle contae araon don limistéar d'fhonn cur isteach go foirmiúil ar an bpróiseas roghnúcháin.

Ina dhiaidh sin, ó mhí Mheán Fómhair go mí na Nollag, reáchtáil Rialtas na Ríochta Aontaithe comhairliúchán poiblí maidir le cén chaoi próiseas a eagrú as a n-eascródh roghnú láithreáin mar thaisclann gheolaíoch do dhramhaíl ardleibhéil radaighníomhaíochta. Ba é cuspóir an chomhairliúcháin a mhéid tuairimí agus ab fhéidir a bhailiú faoi conas roinnt de na gnéithe den phróiseas roghnúcháin láithreáin do dhramhaíl ardghníomhaíochta radaighníomhaíochta a leasú agus a fheabhsú. Tá Roinn Fuinnimh agus Athraithe Aeráide na Ríochta Aontaithe (UK-DECC) faoi láthair ag athbhreithniú na bhfreagraí ón gcomhairliúchán agus déanfaidh athsheoladh ar an bpróiseas roghnúcháin láithreáin in 2014. Coinneoidh RPII súil ar na forbairtí a bhaineann leis an gceist seo.

Sellafield

Déanann RPII monatóireacht i gcónaí ar fhorbairtí ag láithreán Sellafield. Coinnítear teagmháil rialta le UK-ONR agus le Gníomhaireacht Comhshaoil na Ríochta Aontaithe (UK-EA), agus cuireann an dá eagraíocht sin faisnéis ar fáil go díreach do RPII. Chomh maith leis sin, lean RPII ag déanamh monatóireachta ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag Sellafield de réir na spriocanna sábháilteachta a sonraíodh i bPlean Feidhmíochta Sellafield. Cuirtear síos sa phlean sin ar an obair a dhéanfaidh láithreán Sellafield le linn a shaolré go dtí go ndúnfar síos é sa bhliain 2010.

Tá an stoc-charn is mó ar domhan de phlútóiniam ag Sellafield. Go luath in 2013, tuairiscíodh go raibh 121 thonna sa stoc-charn plútóiniam sin. D'fhéadfadh sin ardú go dtí 140 tonna tráth a mbeidh oibríochtaí athphróiseála i gcrích tuairim is 2016. I mí an Mhárta 2011, shonraigh an tÚdarás um Dhíchoimisiúnú Núicléach sa Ríocht Aontaithe (UK-NDA) na roghanna a bhí ann chun déileáil le stoc sibhialta plútóiniam na Ríochta Aontaithe nó chun an stoc sin a úsáid ar bhealach eile. D'fhógair Rialtas RA níos déanaí gurb í a rogha an plútóiniam sin a mheascadh i mbreosla le hocsaíd mheasctha (MOX) ionas go bhféadfaí é a úsáid i gcumhachtstáisiúin núicléacha seachas é a dhiúscairt mar dhramhaíl nó é a stóráil ar feadh tréimhse éiginnte ag láithreán Sellafield. Rinne UK-DECC anailís chostas-sochair a choimisiúnú ar an stáisiún nua táirgeachta MOX. Chomh maith leis sin, tá UK-NDA ag breathnú ar roghanna eile de chur chuige chun plútóiniam a dhiúscairt, mar shampla a indéanta is a bheadh sé imoibreoir núicléach a thógáil ag Sellafield a d'fhéadfadh plútóiniam a úsáid. Tá staidéar féidearthachta coimisiúnaithe ag UK-NDA maidir leis an moladh sin. I mí Lúnasa, chuir UK-NDA i gcrích a athbhreithniú ar an roghanna atá ar fáil do Rialtas RA chun déileáil leis an bplútóiniam seo. Faoi láthair tá UK-DECC ag breithniú na hoibre seo. Coinneoidh RPII súil ghéar ar aon fhorbairtí maidir leis seo.

I mí Dheireadh Fómhair, d'fhógair UK-NDA go raibh sé beartaithe aige síneadh a chur le conradh díchoimisiúnaithe núicléach Sellafield le Nuclear Management Partners (cuibhreannas ar a bhfuil trí chuideachta) chuig an dara tréimhse cúig bliana. Tagann an chéad tréimhse cúig bliana den chonradh 17 mbliana chun deiridh i mí an Mháta 2014. Cáineadh go mór an cuibhreannas sa mhéid go raibh moil fhada ar na tionscadail díchoimisiúnaithe agus go raibh na costais ag dul in airde. Tá RPII tar éis an cheist seo a phlé le rialtóirí sa RA.

Teagmhais núicléacha/raideolaíocha a tuairiscíodh

Bíonn UK-ONR agus UK-EA ag eisiúint fógraí i gcónaí maidir le teagmhais a tharlaíonn ag saoráidí núicléacha sa Ríocht Aontaithe, chomh maith le freagraí cuimsitheacha ar aon cheisteanna iarchúraim a chuireann RPII. In 2013 chuir UK-ONR agus UK-EA scéala chuig RPII ag cur in iúl go raibh díreach breis is 80 teagmhas tarlaithe ag saoráidí núicléacha sa Ríocht Aontaithe (féach Fíor 13). Cuireadh formhór na dteagmhas sin sa chatagóir 'gan aon suntas sábháilteachta', nó ag Leibhéal 0 ar an Scála Teagmhas Núicléach Idirnáisiúnta (INES). Chomh maith leis sin, bhí roinnt bheag teagmhas ann ag Leibhéal 1 INES sa chatagóir 'Aimhrialtacht'.

Áiríodh i measc na dteagmhas ag Leibhéal 1 go bhfuarthas éadaí a bhí éillithe le hábhar radaighníomhach nach raibh laistigh den 'ghnáthbhealach diúscartha' sa tsaoráid Ardghníomhaíochta Galaithe Licéir agus Stórála ag Sellafield. Cé nár scaipeadh an t-éilliú lasmuigh de limistéar an tseomra gléasta áit a bhfuarthas na héadaí, léirigh torthaí an mheasúnaithe a rinneadh go raibh an radaighníomhaíocht ar na héadaí os cionn na huasteorann don limistéar sin. I mí na Samhna 2013, bhí gearradh sealadach cumhachta ag láithreán Sellafield. Chuir an fabht sin isteach ar línte próiseála sa Stáisiún Gloinnithe Dramhaíola, agus, tar éis an ghearrtha cumhachta, bhí fianaise ann gur tharla éilliú laistigh de na trí limistéar de na línte sin, ach níor aimsíodh aon éilliú lasmuigh den fhoirgneamh. Ní raibh mórán tionchair, má bhí aon tionchar fiú, ag an ngearradh cumhachta ar na foirgnimh eile ar an láithreán.

I ngach cás, bhí RPII deimhin de nach raibh aon cheist raideolaíoch ag eascairt as a mbeadh tionchar aige ar Éirinn.

Fíor 13: Teagmhais arna rátáil ag INES ag ionaid shibhialta núicléacha sa Ríocht Aontaithe



Caighdeáin agus gníomhaíochtaí idirnáisiúnta

Ar na tosaíochtaí straitéiseacha ag RPII tá ionchur a thabhairt ar bhonn idirnáisiúnta maidir le forbairt na gcaighdeán um chosaint radaíochta agus sábháilteacht núicléach agus tionchar a imirt ar chur i bhfeidhm na dtreoracha bainteacha Euratom in Éirinn. Sa chomhthéacs seo, bhí 2013 ina bliain thar a bheith gnóthach mar ar ghlac RPII páirt ghníomhach i dtacaíocht theicniúil a thabhairt agus sa phlé polaitiúil faoi na Caighdeáin nua um Bunchaighdeáin Sábháilteacha agus an Treoir nua maidir le hUisce Óil – dhá threoir ar aontaíodh orthu le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an gComhairle Eorpach. Bhí RPII thar a bheith gníomhach i ndáil le leasú na Treorach maidir le Sábháilteacht Núicléach, chomh maith le hullmhú an séú timthriall athbhreithniúcháin den Choinbhinsiún um Shábháilteacht Núicléach. Lean RPII ag tacú leis an Rialtas ag an leibhéal eolaíochta i ndáil leis an gCoinbhinsiún do Chosaint an Chomhshaoil Muirí agus ghlac páirt san athbhreithniú AE ar ullmhacht d'éigeandáil núicléach. Tá na gníomhaíochtaí seo uile dírithe ar a chinntiú go mbeadh caighdeáin sábháilteachta radaíochta agus núicléiche ag teacht le príomhthosaíochtaí eagraíochtúla straitéiseacha.

An Treoir maidir le Bunchaighdeáin Sábháilteachta

Chuir CE togra nua faoi bhráid na Comhairle Eorpaí i mí Dheireadh Fómhair 2011 faoi Threoir nua chomhdhlúite maidir le Bunchaighdeáin Sábháilteachta (BSS) le go ndéanfaí idirbheartaíocht air sa Mheitheal um Cheisteanna Adamhacha (AQWP). Lean an idirbheartaíocht ar BSS le linn 2012 mar ar bunaíodh meitheal theicniúil faoi Uachtaránacht na Cipire chun réiteach a fháil ar shaincheisteanna teicniúla a sainaithníodh. Tugadh cuireadh d'Éirinn cathaoirleacht a dhéanamh ar an meitheal. Stiúrthóir Rialála agus Bainistithe Faisnéise RPII a rinne cathaoirleacht ar an meitheal idir Iúil 2012 agus Bealtaine 2013, tráth ar cuireadh obair na meithle i gcrích. Chomh maith leis sin, rinne sé cathaoirleacht ar an idirbheartaíocht ar BSS le linn Uachtaránacht na hÉireann, ar eascair comhaontú as i mí Bealtaine. Chun tacú le foireann na huachtaránachta, bunaíodh grúpa saineolaithe in RPII chun tograí a dhréachtú agus lean siad lena n-anailís ar an téacs a d'eascair as. Cheap an Roinn Sláinte saineolaí freisin chun comhairle a sholáthar maidir le gnéithe a bhaineann le cosaint othar.

Déanann BSS nua comhdhlúthú ar fhorálacha i gcúig cinn de phíosaí eile reachtaíochta ón Eoraip atá ina mbonn is taca leis an gcreat reachtúil le haghaidh cosaint radaíochta san Eoraip. Déanann sé cuíchóiriú ar an reachtaíocht atá ann cheana féin agus tugann sé na bearta rialála agus cosanta don phobal agus d'othair de réir a chéile. De bhreis air sin. Cinntíonn sé go bhfuil reachtaíocht na hEorpa ag teacht leis an tuiscint reatha eolaíochta, go háirithe príomh-mholtaí ICRP. Is píosa casta reachtaíochta atá ann, a áiríonn forálacha tábhachtacha maidir le cur chuige céimnithe a bhaineann leo seo: rialú rialála; cosaint othar; ullmhacht éigeandála agus radón, le forálacha nua i leith chosaint an chomhshaoil. Céim shuntasach chun tosaigh é do chosaint oibrithe Eorpacha, bhaill an phobail agus othar ar thionchar díobhálach na radaíochta ianiúcháin; tá ceithre bliana ag ballstáit a fhorálacha a thrasuíomh i reachtaíocht náisiúnta a dtiortha. Ag fáiltiú roimh an gcomhaontú, seo a bhí le rá ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Phil Hogan; 'Bhí sé ar cheann de thosaíochtaí na tíre le linn Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh caighdeáin sábháilteachta a fhorbairt tríd an treoir BSS."

An Mheitheal um Cheisteanna Adamhacha – An Bhruiséil 2013

Misean Athbhreithnithe Seirbhíse Rialála Comhtháite 2015

Faoi cheanglais a bhfuil ceangal dlí ag baint leo i dTreoir Euratom um Shábháilteacht Núicléach agus sa treoir um Dramhaíl Radaighníomhach araon, tá an creat náisiúnta rialála, lena n-áirítear an comhlacht rialála, faoi réir athbhreithniú tréimhsiúil idirnáisiúnta piaraí. Go praiticiúil, déanann IAEA na hathbhreithnithe piaraí sin a eagrú trí chomhaontú le AE. Is éard a bhíonn i gceist leo mionscrúdú a dhéanamh ar na forálacha náisiúnta agus iad a chur i gcomparáid le Caighdeáin Sábháilteachta IAEA.

Tugtar 'Seirbhís Chomhtháite Athbhreithnithe Rialála' (IRRS) ar phróiseas athbhreithnithe piaraí IAEA agus bunaíodh é chun daingniú agus feabhsú a dhéanamh ar éifeachtacht an bhonneagair rialála náisiúnta le haghaidh sábháilteacht núicléach, sábháilteacht radaíochta, dramhaíl radaighníomhach agus sábháilteacht iompair agus slándáil foinsí radaighníomcha, ach ag aithint gur ar gach ballstát atá an fhreagracht deiridh sábháilteacht a chinntiú sna réimsí seo. Le próiseas IRRS féachtar lena aidhm a bhaint amach trí bhreithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna teicniúla agus beartais araon a bhfuil baint acu le rialáil agus iad seo i gcomparáid le caighdeáin sábháilteachta IAEA agus, i gcás gur iomchuí é, an dea-chleachtas áiteanna eile.

Tarraingíonn an próiseas athbhreithniúcháin seo ar shaineolas agus ar thaithí fhadréimseach idirnáisiúnta bhaill foirne athbhreithniúcháin IRRS. Tríd an malartú a tharlaíonn idir phiaraí ar shaincheisteanna teicniúla agus beartais bítear in ann léargas a fháil ar éifeachtacht an chreata dhlíthiúil agus rialtais agus ar an mbonneagar rialála le haghaidh sábháilteachta. Tríd an bpróiseas seo, breithnítear deiseanna feabhsúcháin agus sraitéisí chun na feabhsúcháin sin a chur i bhfeidhm. Le linn mhisin IRRS bítear in ann taithí rialála a roinnt, roinnt cur chuige rialála a chuíchóiriú i measc na mballstát agus deiseanna comhfhoghlama a chruthú i measc na rialtóirí. Díríonn plé IRRS ar shaincheisteanna ag eascairt ó fhéinmheasúnú an Stáit agus ar mheastóireacht ar shaincheisteanna teicniúla agus beartais.

Chuir Éire isteach ar a misean athbhreithnithe piaraí an 28 Meán Fómhair 2010, agus i gcomhfhreagras idir IAEA agus an Rialtas, aontaíodh ar 2015 mar an bhliain ina dtarlódh an misean, agus misean iarchúraim le tarlú in 2018. Tá an sceideal sin de réir na gceanglas sa Treoir um Shábháilteacht Núicléach agus sa Treoir um Dhramhaíl Radaighníomhaíochta araon. Tá trí chéim san athbhreithniú: an chéim ullmhúcháin nó féinmheasúnaithe, an t-athbhreithniú piaraí agus cur i bhfeidhm an phlean gníomhaíochta feabhsúcháin bunaithe ar thorthaí na céime roimhe. Tá an féinmheasúnú ina dhianchuid ríthábhachtach den tionscadal mar a ndéanann Éire measúnú uirthi féin de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta ag úsáid ceistneoir fairsing ríomhaire-bhunaithe arna thacú ag IAEA. Bíonn torthaí an fhéinmheasúnaithe sin ina chroífhianaise ar a mbunaítear an fíormhisean athbhreithniúcháin agus déanfar na torthaí ann a mheas sa mhisean in 2015. De ghnáth bíonn 14 saineolaithe ar fhoireann IRSS, ó thíortha éagsúla. Déanfaidh siad iniúchóireacht struchtúrtha thar thréimhse 10-12 lá lena n-áirítear plé le hoifigigh Rialtais agus cuairteanna ar shuíomhanna. Cuirfidh siad dréacht-tuarascáil ar fáil, a chuirfear i láthair ar an lá deiridh agus cuirfidh siad achoimre ar fáil le linn preaschomhdhála. Tar éis an tuarascáil a chur i gcrích, déanfar í a chur ar fáil go poiblí.

Cé go mbeidh ról lárnach ag RPII i gcur i bhfeidhm an tionscadail le DECLG, beidh raon leathan gníomhaireachtaí bainteach leis an bpróiseas go díreach nó beidh sainleas le baint acu as na torthaí. Cuireadh tús le hullmhúcháin, lena n-áirítear traenáil, go déanach in 2013.

OSPAR

Cuireann Coinbhinsiún Osló-Pháras 1992 – an Coinbhinsiún maidir le cosaint mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh – de cheangal ar na páirtithe sa chonradh gach céim is gá a chur i bhfeidhm faoin mbliain 2020 d'fhonn cosc a chur le truailliú na muirthimpeallachta.

Feidhmíonn RPII mar chomhairleoir eolaíochta do Rialtas na hÉireann maidir le cur i bhfeidhm na Straitéise um Shubstaintí Radaighníomhacha (RSS), straitéis a shínigh gach páirtí sa chonradh in 1998. Faoi RSS éilítear go laghdófaí go céimneach agus go substainteach an méid substaintí radaighníomhacha a scaoiltear isteach sa timpeallacht, le sainspriocanna le haghaidh radanúiclídí nádúrtha agus saorga araon atá le baint amach faoin mbliain 2020. Déanann an Coiste um Shubstaintí Radaighníomhacha (RSC) bainistiú ar RSS, agus tagann an coiste sin le chéile uair sa bhliain.

Trí mheán OSPAR, féadfaidh Éire tionchar a imirt ar an dul chun cinn i dtreo bhaint amach laghdú na n-ábhar radaighníomhach a scaoiltear amach sa timpeallacht ó

shuíomh Sellafield. Bíonn mórthionchar ag OSPAR freisin ar chinneadh na Ríochta Aontaithe deireadh a chur lena chlár Magnox, lena n-áirítear dúnadh na gcumhachtstáisiún núicléach Magnox (na cumhachtstáisiúin núicléacha is sine sa RA) agus tá sé i gceist deireadh a chur le hathphróiseáil bhreosla Magnox (an fhoinse amháin is flúirsí de thruailliú radaighníomhach i Muir Éireann) faoi 2020.

Ag a chruinniú in 2013, luaigh an grúpa an dul chun cinn a bhí déanta i roinnt réimsí, ina measc: sainiú na bonnlíne don earnáil neamhnúicléach; conas déileáil le héiginnteachtaí agus luachanna tomhais faoi bhun na dteorainneacha atá inbhraite; agus córas nua faisnéise OSPAR. Chomh maith leis sin, chuir RSC ar bun na socruithe ba ghá le go dtarlódh dul chun cinn in dhá réimse eile, mar seo a leanas:

- D'fhonn tástáil a dhéanamh ar an sainmhíniú ar 'dhramhaíl stairiúil agus leagáide' i gcomhthéacs OSPAR, aontaíodh ar thriail a mhairfeadh dhá bhliain, mar a ndéanfaí measúnú ar na sonraí scaoilte ábhair i gcomhthéacs táirgeadh dramhaíola a chuirfí i gcás i roinnt comhthéacsanna éagsúla; agus
- Chun a chinneadh cibé acu an bhfuil 'tiúchana breise sa mhuirthimpeallacht cóngarach don nialas', breathnófar ar roghanna éagsúla, mar shampla tástálacha éagsúla staitistiúla, cur chuige dáileogbhunaithe agus cur chuige ina gcuirtear i gcás critéir/sainairíonna iomadúla.

Beartaíodh freisin foilsiú an Ceathrú Meastóireacht Thréimhsiúil – foilseachán ar cloch mhíle é le haghaidh RSC – a chur siar go dtí 2016, ionas go bhféadfaí dul chun cinn a dhéanamh ar mhodhanna staitistiúla a chomhaontú le haghaidh measúnuithe scaoilte agus tiúchana, ar mhodheolaíochtaí measúnaithe a roghnú agus ar bheartú conas sonraí a bhainistiú.

Mar pháirtí i gCoinbhinsiún OSPAR, cuireann Éire tuairisc bhliantúil maidir le scaoileadh radaighníomhaíochta faoi bhráid Choimisiún OSPAR. Áirítear sa tuairisc sin eolas faoi ábhar a scaoiltear sa timpeallacht ó earnáil an leighis agus ó earnáil na hola agus an gháis. Chomh maith leis sin, cuirtear sonraí ar fáil gach bliain ó thomhais chomhshaoil mar chuid de chlár monatóireachta muirí RPII. Tiomsaítear na sonraí sin le sonraí comhchosúla ó thíortha eile atá ina sínitheoirí sa choinbhinsiún, d'fhonn measúnú a dhéanamh ar an tionchar ag scaoileadh radaighníomhaíochta ar dhaoine agus ar dhaonraí nithe beo eile san Atlantach Thoir-Thuaidh.

Creat Comhphobail le haghaidh Sábháilteacht Núicléach – an Treoir um Shábháilteacht Núicléach

Tar éis don timpiste núicléach tarlú in Fukushima in 2011, thug CE treoir don Chomhairle Eorpach athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat dlí agus rialála a bhí i bhfeidhm le haghaidh shábháilteacht na n-ionad núicléach san Aontas Eorpach d'fhonn measúnú a dhéanamh ar réimsí ina bhféadfaí creat reachtúil EURATOM um shábháilteacht núicléach a neartú. I mí na Nollag 2012, d'ullmhaigh CE dréachtleasú ar Threoir 2009 um Shábháilteacht Núicléach (NSD). Bhunaigh ENSERG meitheal ad-hoc i mí Eanáir 2013 chun breithniú a dhéanamh ar na saincheisteanna teicniúla atá sa dréacht-treoir sin. Ghlac RPII páirt san obair sin, obair a chuir bonn eolais ar fáil d'ionchur teicniúil ENSERG maidir leis an treoir leasaithe.

Bhí páirt ghníomhach ag RPII sa phlé maidir le dréacht-treoir AQWP de chuid CE, agus chuir a thuairimí in iúl faoin dréacht-treoir, go háirithe maidir leis an ceanglais atá ann chun daingniú a dhéanamh ar thrédhearcacht agus ar athbhreithniú piaraí. Leanfaidh RPII den monatóireacht ar an tsaincheist seo agus glacfaidh páirt sa phlé go dtí go mbeidh sé i gcrích i lár 2014.

An Coinbhinsiún um Shábháilteacht Núicléach

Is éard atá i gCoinbhinsiún IAEA um Shábháilteacht Núicléach an coinbhinsiún idirnáisiúnta a cheanglaíonn ar thíortha atá ina sínitheoirí leibhéal ard de shábháilteacht núicléach a choinneáil in imoibreoirí cumhachta agus tuairisciú i gcás go bhfuil gá bearta a chur i bhfeidhm i ndáil leis sin. Áirítear sa choinbhinsiún seo dualgais maidir leis an gcreat rialála náisiúnta, le sábháilteacht na n-ionad núicléach agus le socruithe do phleanáil éigeandála. Tháinig sé i bhfeidhm in 1996 agus bíonn ar gach páirtí sa chonradh, Éire san áireamh, tuairisc náisiúnta a chur ar fáil gach trí bliana ina sonraítear na bearta arna nglacadh ag an tír sin chun na ceanglais chuí sa choinbhinsiún a chur i bhfeidhm. Déanann páirtithe eile sa chonradh athbhreithniú piaraí ar na tuairiscí náisiúnta, agus cuirtear ceisteanna ar na tíortha faoina dtuairiscí agus faoina gcláir um shábháilteacht núicléach.

In 2013, chuidigh RPII le DECLG ullmhú don séú timthriall athbhreithniúcháin trí ionchur a sholáthar do thiomsú thuairisc náisiúnta na hÉireann agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar thuairiscí náisiúnta eile agus ceisteanna a chur ina leith. Cuirfidh RPII tuairisc na hÉireann faoi bhráid an chruinnithe athbhreithniúcháin in 2014.

Comhoibriú Idirghníomhaireachta

Lean RPII den teagmháil le gníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun a chinntiú go leanfaí ag coinneáil caighdeáin arda ó thaobh na cosanta radaíochta de agus chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht.

Tá tábhacht ar leith ag baint leis seo sa timpeallacht rialála. Le linn 2013, d'oibrigh RPII i gcomhar leis na dreamanna seo a leanas, de réir mar ba chuí, i réimsí comhleasa: CE, IAEA, an Roinn Oideachais agus Scileanna, Comhairle na dTréidlia, EPA, An Garda Síochana, OSPAR, na Coimisinéirí Ioncaim (Custaim), Údarás Calafort Bhaile Átha Cliath, HSA, NIEA, Bord Leigheasra na hÉireann, An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte, an Roinn Sláinte (an tAonad um Nochtadh don Radaíocht i réimse an Leighis), an Roinn Cosanta, an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh, Coimisiún Cheanada um Shábháilteacht Núicléach agus Údarás na Fraince um Shábháilteacht Núicléach.

Chomh maith leis sin, ghlac RPII páirt i roinnt grúpaí idirnáisiúnta agus, mar thoradh air sin, chuir sé feabhas ar a chumas tionchar a imirt ar chinntí a théann i bhfeidhm ar chosaint daoine in Éirinn ó thionchar díobhálach na radaíochta ianúcháin. Áirítear i measc na ngrúpaí sin: Coiste IAEA um Chaighdeáin Sábháilteachta Iompair, an Cumann Eorpach um Údaráis Inniúla d'Iompar Sábháilte Ábhair Radaighníomhacha, líonra ALARA (as low as reasonably achievable), Líonra na nÚdarás Eorpach um Chosaint Radaíochta, Ceannairí i Líonra na nÚdarás um Rialú Radaíochta agus AQWP na Comhairle Eorpaí. Ghlac foireann ón tSeirbhís Rialála páirt freisin mar shaineolaithe teicniúla i misin IAEA IRRS chuig Poblacht na Seice agus chuig an mBeilg.

An Treoir maidir le hUisce Óil

Le roinnt blianta anuas, chuir RPII comhairle theicniúil ar fáil maidir le radaighníomhaíocht in uisce na hÉireann do Bhuanionadaí na hÉireann chuig an Aontas Eorpach mar chuid den phlé faoi Threoir nua AE maidir le hUisce Óil. I mí Dheireadh Fómhair 2013, ghlac an Chomhairle Eorpach leis an treoir nua, ina leagtar síos na ceanglais do chosaint an phobail ar shubstaintí radaighníomhacha in uisce óil. Is gá an treoir a thrasuíomh isteach sa dlí náisiúnta i ngach ceann de bhallstáit AE, Éire san áireamh, faoin 28 Samhain 2015.

Athbhreithniú AE ar ullmhacht d'éigeandáil núicléach

In 2013 rinne CE coimisiúnú ar staidéar ar na socruithe agus cumais reatha d'ullmhacht d'éigeandáil núicléach lasmuigh den láthair agus freagra na hEorpa don éigeandáil sin chun:

- Measúnú a dhéanamh ar stádas na socruithe agus na gcumas reatha ullmhachta d'éigeandáil agus an freagra i mballstáit AE agus idir na ballstáit agus tíortha comharsanachta maidir lena gcomhleanúnachas agus a n-iomláine;
- An cleachtas is fearr a iniúchadh, chun bearnaí agus neamhréireachtaí a thabhairt faoi deara, go háirithe maidir le socruithe trasteorann;
- Measúnú ar conas a d'fhéadfaí socruithe agus cumais reatha a dhéanamh níos éifeachtaí (go háirithe, sainoiriúnú chun leas níos fearr a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil agus cur isteach a sheachaint, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon) agus
- Moltaí a dhéanamh maidir le réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu.

San athbhreithniú chomhlánaigh gach ballstát agus roinnt tíortha comharsanachta ceistneoirí agus d'fhreastail ar shraith cruinnithe chun na torthaí a phlé. Bhí tagarmharcáil ar siúl ar shocruithe náisiúnta de réir na gceanglas arna leagan amach sna caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta agus de réir na dtreoracha iomchuí ó AE. Bhí ball foirne RPII ina bhall de Chroíghrúpa an tionscadail mar ionadaí de chuid ENSERG. Is é ról an Chroíghrúpa feidhmiú mar a bheadh 'bonn braite' d'fhoireann an tionscadail, ag athbhreithniú agus ag soláthar tuairimí faoi na dréacht-torthaí agus faoi mholtaí ag céim luath a bhforbartha. Tá sé beartaithe an tuairisc dheiridh den athbhreithniú a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa in 2014. Breithneoidh RPII a thorthaí agus cuirfidh comhairle ar fáil do DECLG maidir le NEPNA.

Seirbhísí corparáideacha

Cuireann Seirbhísí Corparáideacha feidhmeanna tacaíochta riachtanacha ar fáil don eagraíocht. Ina measc tá seirbhísí airgeadais, acmhainní daonna, cumarsáid, TF agus seirbhísí eile cúloifige chun tacú le croí-obair eolaíochta agus theicniúil RPII.

D'eascair roinnt tionscadal as an gcumasc idir RPII agus EPA a raibh mar aidhm acu feidhmeanna corparáideacha an dá ghníomhaireacht a aistriú chuig eagraíocht nua níos mó. Tiomnaíodh a lán acmhainní chuige seo sa réimse corparáideach le linn 2013.

Tá na nithe suntasacha a baineadh amach i rith na bliana liostáilte thíos faoi cheannteidil na rannóg éagsúil.

Cumasc RPII-EPA

I mí na Samhna 2012, faoin tionscnamh um athchóiriú an Rialtais a raibh mar aidhm aige cuíchóiriú a dhéanamh ar ghníomhaireachtaí stáit, d'fhógair an Rialtas go raibh RPII le cumasc le EPA. I mí Eanáir213, chinn an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil gur chóir na comhlachtaí a chumasc ach an cúigiú Oifig a chruthú laistigh de struchtúr EPA – sin cúig oifig san iomlán le Stiúrthóir i gceannas gach oifige. Chomh maith leis sin, chinn sé go mbunófaí Coiste Comhairleach le haghaidh saincheisteanna radaíochta chun saineolas a sholáthar don eagraíocht chumaiscthe.

Bhunaigh an tAire Meitheal (Meitheal an Chumaisc – MWG) ar a bhfuil Cathaoirleach neamhspleách, Príomhfheidhmeannach RPII, Ard-Stiúrthóir EPA agus beirt ionadaí ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chun an cumasc a phleanáil agus a thabhairt chun críche. Tugadh an saintasc don MWG chomh maith a chinntiú nach mbeadh sé le tuiscint i measc na bpáirtithe leasmhara agus an phobail, nó nach dtarlódh go laghdófaí ar thábhacht agus ar thiomantas na tíre i leith cosaint an chomhshaoil ná cosaint raideolaíoch, mar thoradh ar an gcumasc.

Tháinig MWG le chéile deich n-uaire le linn 2013. D'fhaomh an tAire Plean Gníomhaíochta i mí Iúil 2013, inar leagadh amach na céimeanna ba ghá a thógáil chun éifeacht a thabhairt don chumasc, agus tosaíodh ar a chur i bhfeidhm agus é mar aidhm go mbeadh an cumasc i gcrích faoi lár 2014. Tá téarmaí tagartha MWG agus miontuairiscí a chruinnithe le fáil ar shuíomhanna gréasáin RPII agus EPA.

An fhís atá ann le haghaidh an chumaisc ná foireann dhíograiseach thiomanta an dá eagraíocht a thabhairt le chéile chun eagraíocht láidir eolaíochta a chruthú a thugann le chéile acmhainní saineolacha agus dea-cháil EPA agus RPII araon a leanfaidh ag caitheamh leis an díograis chéanna le cosaint comhshaoil agus raideolaíoch araon.

Plean Straitéiseach

Gach trí bliana, cuireann RPII plean nua straitéiseach ar fáil, agus tapaítear na deis leis an bplean sin athbhreithniú a dhéanamh ar fhorbairtí sa chosaint raideolaíoch in Éirinn agus leagtar amach ann na bearta a chuirfear i bhfeidhm chun a mhisean a chomhlíonadh muintir na hÉireann a chosaint ó éifeachtaí dochracha na radaíochta ianiúcháin.

Sa mhéid gur thosaigh tréimhse nua den phleanáil straitéiseach in 2014, rinneadh tréan-iarracht ag deireadh 2013 athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn a bhí déanta ar Phlean Straitéiseach 2011-2013 agus plean nua a fhorbairt. Cuireadh san áireamh go raibh gá an straitéis a fhorbairt i gcomhthéacs an chumaisc agus téitear i ngleic sa phlean le cosaint raideolaíoch i dtréimhse an aistrithe chuig an Oifig um Chosaint Raideolaíoch san eagraíocht chumaiscthe. Cuireadh san áireamh freisin sa straitéis an timpeallacht sheachtrach agus inmheánach agus dearcthaí na bpáirtithe leasmhara. Díríonn an plean ar cheithre réimse théamacha atá ina léiriú ar chroí-obair RPII – is é sin saineolas, inniúlacht theicniúil agus faisnéis a sholáthar atá riachtanach chun pobal an hÉireann agus an comhshaol a chosaint agus chun rialáil a dhéanamh ar úsáid shábháilte, shlán na radaíochta ianiúcháin in Éirinn.

Cumarsáid

Cuireann RPII comhairle agus faisnéis ar fáil don Rialtas, don phobal agus do pháirtithe leasmhara maidir le cosaint radaíochta. Chuige sin, cuireann RPII faisnéis ardchaighdeáin ar a shuíomh gréasáin, foilsíonn torthaí taighde eolaíochta i dtuarascálacha agus in áiteanna eile, agus bíonn an eagraíocht ag plé le páirtithe leasmhara ag raon imeachtaí náisiúnta agus áitiúla, agus baineann leas as meáin thraidisiúnta agus nua/as meáin shóisialta chun eolas tábhachtach a scaipeadh ar an bpobal.

Bhí clúdach suntasach ann sna meáin ar ghníomhaíochtaí RPII le linn na bliana, go háirithe faoi cheist an radóin. Eisíodh ocht bpreasráiteas chuig na meáin náisiúnta augs 11 phreasráiteas le heolas sonrach áitiúil maidir le radón chuig na meáin réigiúnacha. Ghlac baill foirne RPII páirt in agallamh amháin ar an teilifís, 24 agallamh ar an raidió agus 11 agallamh nuachtáin ag an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach araon. Bhí an clúdach nuachtáin éifeachtach, ag an leibhéal náisiúnta agus ag an leibhéal réigiúnach, chun feasacht níos fearr a chothú sa phobal faoi chúrsaí cosanta radaíochta; bhí 110 alt a thagair do RPII. Den chéad uair, rinneadh preaseisiúint físeáin a chur chuig meáin nuachta, agus foilsíodh é ar YouTube agus ar shuíomh gréasáin RPII. San fhíseán tá agallamh leis an bPríomhfheidhmeannach agus le príomhúdar na tuarascála: *Proposed nuclear power plants in the UK – potential radiological implications for Ireland.*

Torthaí ó thaighde margaidh

Chomh maith le heolas a sholáthar déanann RPII taighde margaidh ó am go chéile chun cainníochtú a dhéanamh ar an méid imní agus an tuiscint atá ann i measc an phobail i ndáil le cúrsaí cosanta radaíochta. In 2013, rinne comhlacht taighde margaidh an taighde margaidh sin trí agallaimh duine le duine a reáchtáil le sampla ionadaíoch den daonra náisiúnta de 1000 duine fásta.

Fuarthas amach ón taighde sin nach raibh mórán feasachta ann faoin gcomhlacht/gníomhaireacht atá freagrach as cosaint radaíochta in Éirinn, agus ní raibh ach cúig faoin gcéad in ann RPII a lua gan aon spreagadh agus cúig faoin gcéad sa bhreis ag lua go raibh Institiúid Radaíochta/ Gníomhaireacht Radaíochta ann. Tá formhór an phobail in Éirinn in iúl go pointe áirithe ar ghás radóin, le duine as gach beirt a luaigh go raibh eolas éigin acu air. D'ainneoin go raibh an fheasacht chomh hard sin, ní raibh ach duine as gach triúr a luaigh go raibh siad buartha faoi ina dteach féin. An dá phríomhchúis nár thástáil siad a dtithe féin ná 'nach raibh sé ina thosaíocht dóibh faoi láthair' nó 'nach raibh dóthain eolais acu faoi'. Bhí tuairim is duine as gach beirt den tuairim go mbeadh tionchar tubaisteach ag timpiste núicléach sa Ríocht Aontaithe ar a sláinte. Tríd is tríd, tá an pobal den tuairim gur lú baol é gás radóin sa teach acu ná an baol a bhaineann leo seo a leanas: Sellafield, cumhachtstáisiúin núicléacha thar lear agus crainn chumarsáide fón póca.

Seo d'aineoinn go bhfuil baint ag radón le 250 cás d'ailse scámhóige gach bliain in Éirinn, rud a léiríonn go bfuil bearna mhór idir an fíorbhaol atá ann agus an baol a mheasann daoine a bheith bainteach leis. Úsáidfear torthaí an taighde seo mar bhonn eolais do na feachtais feasachta agus chumarsáide maidir le nochtadh don radaíocht in Éirinn i gcoitinne.

Suíomh Gréasáin

Is é suíomh gréasáin RPII www.rpii.ie , príomhfhoinse an eolais go léir atá ann faoin eagraíocht don phobal agus do pháirtithe leasmhara. Rinneadh athchóiriú ar an suíomh gréasáin i rith na bliana, agus béim ar leith á leagan ar an leathanach baile, ionas go mbeadh sé níos éasca teacht ar eolas faoi chosaint radaíochta, ar nuacht agus ar eolas faoi ghníomhaíochtaí RPII. Déantar uasdátú agus monatóireacht ar ábhar an tsuímh gréasáin gach lá.
I measc na ngnéithe éagsúla ar an suíomh gréasáin tá léarscáil idirghníomhaíoch radóin mar ar féidir le cuairteoirí a seoladh baile a chur isteach chun a fháil amach an bhfuil cónaí orthu i limistéar ina bhfuil na leibhéil radóin ard. Is féidir freisin iarratas a chur isteach tríd an áis seo le go ndéanfaí tomhas radóin sa teach agus tá áis ann chun íoc as sin ar líne. Is féidir an dáileog radóin sa teach a mheas chomh maith ag úsáid an áireamháin dáileoige ar líne, amharc ar líonra monatóireachta radóin RPII agus teacht ar thorthaí an chláir monatóireachta comhshaoil. Chomh maith leis sin, is féidir le cuairteoirí fanacht ar an eolas faoi fhorbairtí sa chosaint radaíochta, clárú chun foláirimh a fháil, mar a gcuirtear daoine ar an eolas faoi fhoilseacháin nua, preaseisiúintí agus nuacht.

Le linn 2013, tugadh 69,000 cuairt ar shuíomh gréasáin RPII agus astusan ba chuairteanna uathúla 50,00 díobh. Ar an meán, chaith cuairteoirí trí nóiméad in aghaidh an tseisiúin ar an suíomh, ag amharc ar cheithre leathanach ar an meán. Tugann sé sin le fios go n-aimsíonn cuairteoirí a bhfuil á lorg acu agus go mbíonn an t-ábhar spéisiúil go leor dóibh. Thug tuairim is 78% de chuairteoirí cuairt ar an suíomh trí mheán an innill cuardaigh, tháinig 13% díobh chuig an suíomh go díreach agus atreoraíodh 9% ó shuíomhanna eile. I measc na rannóg is mó éileamh bhí an léarscáil radóin, faisnéis faoi radon, tomhas radóin, foilseacháin, an t-áireamhán dáileoige radóin, faisnéis faoi cheadúnú, stáisiúin mhonatóireachta, faisnéis faoi phleanáil éigeandála, foláirimh nuachta agus preaseisiúintí.

Seirbhísí corparáideacha (ar lean)

Tharla buaiceanna tráchta ar an suíomh gréasáin i gcomhthráth le gníomhaíocht sna meáin (Fíor 14):

- I mí Eanáir, tugadh 9,000 cuairt ar an suíomh tar éis píosa faoi radón a bheith ar an gclár teilifíse Eco Eye;
- I mí Aibreáin, tugadh breis is 6,000 cuairt ar an suíomh tar éis fhoilsiú thuarascáil RPII *Proposed nuclear power plants in the UK – potential radiological implications for Ireland*;
- I mí Dheireadh Fómhair, tharla breis is 6,000 cuairt mar thoradh ar ghadaíocht na gcoisctheoirí raideolaíocha tintrí; agus
- I mí Dheireadh Fómhair, tugadh breis is 12,000 cuairt ar an suíomh tar éis preaseisiúna agus feachtas réigiúnach faoi cheist an radóin i dtithe.

Ar an meán, eascraíonn 24% den trácht chuig an suíomh ó ghléasanna móibíleacha (fóin shoghluaiste agus táibléid) ach tagann ardú ar an gcéatadán sin nuair a bhíonn RPII á lua sna meáin (suas go 45 faoin gcéad i mí na Samhna, Fíor 14). Chuir RPII, ó 2012 i leith, leagan dá shuíomh gréasáin ar fáil atá inúsáidte ar ghléasanna móibíleacha.

Oideachas agus Teilifís

Chun feasacht a spreagadh i measc páistí scoile faoi radaíocht, ghlac RPII páirt i gcruthú acmhainn ilmheáin do scoileanna dara leibhéal trí urraíocht a chur ar fáil do cheacht ar an radaighníomhaíocht. Acmhainn í seo le húsáid sa seomra ranga, agus atá ag teacht leis an gcuraclam eolaíochta agus teicneolaíochta a mbaintear úsáid aisti i scoileanna dara leibhéal ar fud na tíre.

D'urraigh RPII cuid de chlár teilifíse Eco Eye, a craoladh i mí Eanáir 2013 agus bhí Príomhfheidhmeannach na heagraíochta, an Dr Ann McGarray, agus saincomhairleoir leighis riospráide faoi agallamh ar an gclár ag tabhairt léargais ar an dochar is féidir don radón a dhéanamh don tsláinte. Luadh ar an gclár gur féidir le sumpa radóin a shuiteáiltear sa teach laghdú go mór ar na leibhéil radóin.

Feachtais feasachta poiblí faoin radón

Reácháladh dianfheachtas faoin radón i gCo. Lú i mí Aibreáin. Áiríodh san fheachtas sin fógraíocht ar an raidió agus sna meáin chlóite, promóisin, straitéis dhigiteach agus gníomhaíochtaí caidrimh phoiblí. Dáileadh breis is 63,000 paca eolais ar thithe na tíre. Chomh maith leis sin, scaipeadh póstaeir agus pacaí eolais ar ghrúpaí pobail, ar ionaid sláinte agus ar ghairmithe sláinte. Bhí plé ann freisin le páirtithe leasmhara, amhail polaiteoirí, údaráis áitiúla, na meáin agus grúpaí pobail agus gnó.

Fíor14: Líon na gcuairteoirí chuig suíomh gréasáin RPII ó Ríomhairí Deisce agus ó ghléasanna móibíleacha



I mí na Samhna 2013, díríodh na preaseisiúintí náisiúnta agus réigiúnacha maidir le saincheist an leibhéil arda radóin i dtithe ar chontaetha inar reáchtáladh dianfheachtais cheana: Sligeach, Ceatharlach, Port Láirge, Tiobraid Árann Theas, Gaillimh, Ciarraí, Loch Garman agus Lú. Craoladh teachtaireacht shainoiriúnaithe ar stáisiún áitiúil raidió i ngach contae ag tathant ar dhaoine tástáil radóin a dhéanamh ina dtithe. Tugadh amach roinnt tástálacha radóin saor in aisce mar chuid de chláir cúrsaí reatha maille le hagallaimh le saineolaithe ar radón ó RPII. Baineadh leas as na meáin shóisialta, go háirithe Twitter, le linn sheachtain an fheachtais chun an teachtaireacht a threisiú, chun úsáideoirí a mhealladh chuig an suíomh gréasáin agus chun teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an bpobal agus leis na meáin.

Foilseacháin

Baineann RPII úsáid go príomha as modhanna leictreonacha chun foilseacháin a scaipeadh agus níl ach líon teoranta dá fhoilseacháin a chuirtear i gcló. Tá gach foilseachán le fáil le híoslódáil ón suíomh gréasáin. I measc na bhfoilseachán nua i mbliana tá siad seo a leanas:

Tuarascálacha RPII

Natural radioactivity in bottled water produced in Ireland, Nollaig 2013.

Proposals for a graded authorisation model for the use of ionising radiation in Ireland, Mean Fómhair 2013.

Radioactivity levels in groundwater sources in Ireland, Lúnasa 2013.

A survey of tritium in Irish seawater, Iúil 2013.

Proposed nuclear power plants in the UK – potential radiological implications for Ireland, Bealtaine 2013.

RPII Inspection and licensing activities and annual inspection programme for 2013, Márta 2013.

Nótaí treorach/bileoga eolais

Guidelines for reporting radiological incidents to the Radiological Protection Institute of Ireland, Lúnasa 2013.

Temporary operational protocol for making safe and managing orphaned or seized radioactive sources, Lúnasa 2013.

Ailt in irisí, páipéir chomhdhála agus póstaeir

(Cuirtear réiltín le baill foirne RPII sa liosta seo.)

Connan, O., Smith, K.*, Organo, C.*, Solier, L., Maro, D., Hebert, D., (2013). Comparison of RIMPUFF, HYSPLIT, ADMS atmospheric dispersion model outputs, using emergency response procedures, with 85Kr measurements made in the vicinity of nuclear reprocessing plant. *Journal of Environmental Radioactivity*. 124, (Deireadh Fómhair.2013) lgh. 266-277.

Casey, M., Smith, K.*, (2013). Assessment of the Radiological Impacts on Ireland of a Hypothetical Severe Nuclear Accident in Europe. Submitted to the *ERR 2013Conference, Baile Átha Cliath, Meán Fómhair* 2013.

Comhpháirtíocht

Glacann foireann, lucht bainistíochta agus ionadaithe na gceardchumann páirt san anailís agus réiteach saincheisteanna a mbíonn ar RPII aghaidh a thabhairt orthu. Déantar é seo trí mheán Coiste Comhpháirtíochta.

Le linn 2013, pléadh dhá phríomhréimse sa Chomhpháirtíocht:

- Soláthar plean gníomhaíochta don chumasc idir RPII agus EPA, agus
- Comhairliúchán faoi chur i bhfeidhm Chomhaontú Bhóthar Haddington.

Tháinig an coiste le chéile 11 uair in 2013, agus bhí gá le roinnt cruinnithe sa bhreis chun déileáil leis an dá phríomhréimse atá luaite thuas. Bhain ceann de na cruinnithe sin le comhchruinniú idir an Chomhpháirtíocht agus a coibhéis, Meitheal, in EPA le linn Nollaig 2013.

Ar na saincheisteanna eile a phléigh an Chomhpháirtíocht le linn 2013 bhí siad seo a leanas:

- Athbhreithniú ar a théarmaí tagartha (Athbhreithniú ar Ionadaíocht na Comhpháirtíochta);
- Athbhreithniú ar riachtanais traenála do bhaill na Comhpháirtíochta agus
- Athbhreithniú ar Chóras Bainistíochta agus Forbartha Oibre-Comhroinnte.

Seirbhísí corparáideacha (ar lean)

Airgeadas

Ioncam an RPII don bhliain 2012 ná €5.884m, comhdhéanta de dheontas €3.084m do chuspóirí reatha, deontas infhaighte €1.167m chun críche pinsin, faoi mar a éilítear faoi FRS 17, agus tuilleamh €1.241m ó mhuirir cheadúnais agus ó dháileogmhéadracht, deimhniú táirgí, tomhas radóin agus seirbhísí eile. Ón deontas caipitil, rinneadh €0.393 a amúchadh don bhliain. Fuair an RPII deontas caipitil €0.200m chun uasghrádú agus cothabháil a dhéanamh ar a gcuid trealaimh. Chuaigh caiteachas don bhliain os cionn an ioncaim le €0.063m.

Íoc Pras Cuntas

Tagann an RPII faoi raon an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, atá i bhfeidhm ó 2 Eanáir, 1998, agus faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála) 2002. Tugann an méid seo a leanas cuntas ar chleachtais íocaíochtaí RPII don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013.

Tá sé mar pholasaí ag RPII a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras. Cuimsítear rialuithe cuntasaíochta agus ríomhaire i gcóras rialaithe inmheánaigh na heagraíochta chun a chinntiú go ndéantar na sonraisc agus conarthaí atá le híoc a íoc laistigh de 30 lá faoi mar a éilítear san acht. Cruthaíonn Rannóg na gCuntas tuarascáil ina sonraítear na híocaíochtaí atá déanta, agus déantar an tuarascáil seo a thabhairt chun dáta go rialta. Bhí trí cinn d'íocaíochtaí déanacha a sháraigh an dáta dlite don íocaíocht faoi 170 lá ar an meán. Luach iomlán na n-íocaíochtaí déanacha sin ba ea €1089. Bhí pionós de €10.59 ag gabháil leis na híocaíochtaí déanacha sin chomh maith le táille chúitimh de €120. B'ionann na híocaíochtaí déanacha sin agus 0.62% de na híocaíochtaí iomlána do sholáthraithe in 2013.

Ó mhí Iúil 2011, agus de réir théarmaí an Phlean Téarnaimh Náisiúnta 2011–2014 agus Clár Tacaíochta an EU / IMF d'Éirinn, tá de cheangal ar an RPII socruithe a chur i bhfeidhm chun gach sonrasc bailí a íoc laistigh de 15 lá ón dáta faighte. Déantar dul chun cinn in aghaidh an riachtanais seo a thuairisciú ar bhonn rathúil do DECLG agus foilsítear é ar shuíomh gréasáin an RPII. Le linn na bliana 2013, íocadh 86% de gach sonrasc laistigh de 15 lá.

Comhairleoirí agus sainchomhairleoirí

Comhairleoir	An cineál seirbhíse a soláthraíodh
AG Services	Forbairt ábhar oideachasúil do scoileanna
Arekibo	Dearadh agus forbairt gréasáin
Astron Consulting	Athbhreithniú ar phróiseas gnó agus dearadh córais
Deloitte	Seirbhísí iniúchóireachta inmheánaí
Fabrik Creative Media	Seirbhísí dearaidh agus priontála
Forfás	Seirbhísí creidiúnaithe
An Dr Keith Faulkener	Measúnuithe RPA
Public Health England	Athbhreithniú ar chórais ceadúnaithe agus cigireachta
An Dr Christopher Hone	Measúnuithe RPA
An tOll. Pat Horton	Measúnuithe agus cigireachtaí RPA
Seirbhísí Pinsin na nÚdarás Áitiúil	Ríomh ar Dhliteanas Pinsin
An Foras Riaracháin	Clár forbartha foirne
Integrity Solutions	Slándáil Teicneolaíochta Faisnéise
Metrology Systems	Pleanáil Iniúchóireachta
Mooney O'Sullivan and Associates	Comhairle dlí
Murray Consultants	Tacaíocht chumarsáide
Norton and Associates	Cuntasaíocht
System Action	Tacaíocht Teicneolaíochta Faisnéise
Grúpa Bainistíochta SIA	Pleanáil Straitéiseach
Willis Risk Services	Comhairle a bhaineann le Pinsin

Acmhainní Daonna agus Soláthar Foirne

Ceann de na mórdhúshláin in 2013 ab ea cur i bhfeidhm Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013-2016 nó Comhaontú Bhóthar Haddington (HRA) mar a thugtar air. I measc na mbeart a tugadh isteach faoi HRA bhí méadú ar na huaireanta caighdeánacha oibre; laghdú ar thuarastail dar luach breis is €65,000 agus siarchur ar ardú céime. Sa mhéid go raibh na bearta casta agus gur cuireadh iad i bhfeidhm go héagsúil do bhaill foirne éagsúla, cuireadh ráiteas pearsanta ar fáil do gach ball foirne ag cur síos ar an gcaoi a rachadh na bearta i bhfeidhm orthusan.

Mar chuid den Phlean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, i mí na Samhna 2012, bheartaigh an Rialtas RPII agus EPA a chumasc. Forbraíodh plean gníomhaíochta inar leagadh amach na bearta ba ghá chun cumasc a bhaint amach ar fud raon leathan téamaí, lena n-áirítear acmhainní daonna. In 2013 cuireadh tús leis an obair chun an dá eagraíocht a chónascadh, ó thaobh na nithe seo a leanas de: struchtúir ghrádúcháin; róil agus freagrachtaí agus tuarastail, liúntais saoire agus téarmaí agus coinníollacha eile oibre.

Sular fógraíodh an cumasc, thosaigh EPA ar thionscadal chun bunachar sonraí comhtháite Acmhainní Daonna a thabhairt isteach a chuimseodh taifid phearsanta, pinsin, párolla, am agus tinreamh, taisteal agus cothabháil agus oiliúint agus forbairt. Ag ullmhú don chumasc ghlac RPII páirt san fhoireann feidhmithe don tionscadal seo.

Laghdaíodh ar an líon ball foirne mar gur éirigh beirt as. Dá bharr sin, laghdaíodh an líon foirne go dtí 42, thíos ó 52 in 2010.

Sláinte agus Sábháilteacht

Faoi chlár Sláinte agus Sábháilteachta 2013 arna bhunú faoin gCóras um Bainistiú Sábháilteachta ag RPII rinneadh athbhreithniú ar shábháilteacht dóiteáin agus, go háirithe, an prótacal freagartha éigeandála le haghaidh na n-oifigí nua. Rinneadh ceapacháin nua sa ról mar mhaor dóiteáin, agus rinneadh athbhreithniú agus uasdátú ar an bplean aslonnaithe dóiteáin.

Cheannaigh an Coiste um Chomhordú Sábháilteachta dífhibrileoir agus shocraigh go gcuirfí oiliúint ar an bhfoireann ar conas é a úsáid.

Ní raibh aon "teagmhais intuairiscithe" ná aon tarluithe dainséaracha in 2013.

Comhionannas

Tá RPII tiomanta de cloí le beartas um dheiseanna comhionanna. Cé go bhfuil earcaíocht teoranta faoi láthair, cuireann RPII rochtain chomhionann ar fáil don fhoireann go léir le go bhféadfaidís dul chun cinn sa ghairm a dhéanamh. Tacaíonn RPII le tionscnaimh a thacaíonn leis an teaghlach mar shampla uaireanta oibre solúbtha agus comhroinnt oibre, sa mhéid go bhfuil siad bunriachtanach don chothromaíocht phraiticiúil oibre is saoil.

Cóiríocht agus úsáid fuinnimh

In 2013, d'áirigh úsáid fuinnimh RPII tuairim is 50% de leictreachas agus 50% d'úsáid gáis nádúrtha. Is ar théamh is mó a théann an tomhaltas gáis, agus baintear úsáid as leictreachas don soilsiú, roinnt téimh uisce agus chun cumhacht a sholáthar do threalamh TF agus saotharlainne. Baineadh úsáid as 465MWh d'fhuinneamh, agus d'áirigh sé sin 229MWh de ghás nádúrtha agus 236 MWh de leictreachas.

Teicneolaíocht Faisnéise

In 2013, leanadh den obair chun feabhas a chur ar bhonneagar líonra RPII. Rinneadh measúnú agus atheagraú ar bhaisceanna faisnéise, rinneadh uasghrádú ar naisc sheachtracha chumarsáide ionas go mbeadh an toilleadh níos mó agus dréachtaíodh sraith leasaithe de bheartais faisnéise slándála. Mar thoradh ar na bhfógra go ndéanfaí RPII agus EPA a chumasc socraíodh ar thosaíochtaí nua sna gníomhaíochtaí oibre agus bhí fócas suntasach ar fhorbairt gnéithe TF de phlean gníomhaíochta cumaisc RPII/EPA.

Bainistiú Taifead

In 2013, lean RPII dá chlár chun cleachtais mhaithe bainistithe taifead a fhorbairt ar fud na hinstitiúide. Is éard a bhí i gceist leis an tionscnamh sin oiliúint a chur ar an bhfoireann go léir, a thosaigh in 2012, agus cuireadh é sin i gcrích go sásúil in 2013. D'eirigh go maith leis sin, agus tá feabhas tagtha arís ar an mbainistiú taifead. Cinntíodh go gcuimseofaí gach ball foirne sa choinneáil leictreonach taifead, agus cuireadh an tionscadal i gcrích go sásúil in 2013.

Seirbhís do Chustaiméirí

Tá RPII tiomanta de seirbhís den chéad scoth a chur ar fáil dá chustaiméirí uile agus tá mar aidhm aige seirbhís chuiditheach, bhéasach, éifeachtach a sholáthar do chuile dhuine a théann i dteagmháil leis an eagraíocht. Cuirtear síos, i gcairt seirbhíse do chustaiméirí RPII arna fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin, ar chaighdeán na seirbhíse ar féidir le custaiméirí a bheith ag súil leis ó RPII. Áiríonn RPII bearta ina phlean gnó atá dírithe ar fheabhas leanúnach a chur ar an tseirbhís do chustaiméirí agus déanann an institiúid athbhreithniú ar éifeachtacht na mbeart sin gach bliain. Le linn 2013, tháinig RPII agus a lán comhlachtaí poiblí eile faoi scáth Oifig an Ombudsman.

Ár rialachas

Tá creat rialachais an RPII bunaithe go príomha ar riachtanais an Achta um Chosaint Raideolaíoch (1991), faoinar bunaíodh an RPII, agus ar an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit a foilsíodh i 2009. Leanann an RPII treoir na Roinne Airgeadais maidir le rialacha agus gnásanna i ndáil le feidhmeanna airgeadais an phárolla; pinsin; ceannach agus buiséadú.

Tuairiscíonn an RPII do bhord atá tacaithe ag trí choiste chomhairleacha: an Coiste Iniúchóireachta, a thugann comhairle maidir le hairgeadas, rialachas agus riosca eagraíochta; an Coiste Comhairleach um Radaíocht Ianúcháin, atá ina chomhlacht comhairleach ardleibhéil maidir gach ní a bhaineann le radaíocht ianúcháin, agus an Coiste Comhairleach Cumarsáide, a thugann comhairle maidir le straitéisí cumarsáide. Tá comhaltaí an bhoird agus na gcoistí sonraithe sna coda a leanas.

Tá an RPII faoi réir iniúchóireacht bhliantúil ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chomh maith le hiniúchóireacht inmheánach.

An Coiste Iniúchóireachta

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta le chéile ceithre huaire in 2013. I measc na nithe a ndearna siad athbhreithniú orthu, bhí bainistíocht chuntas agus ráiteas airgeadais; buiséid; riosca; sláinte agus sábháilteacht; taisteal agus cothabháil; saoire bhreoiteachta; cuirí chun tairisceana agus Pleananna Gníomhaíochta faoi Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh.

Cuireann an coiste comhairle ar an mbord faoi chúrsaí airgeadais, rialachais agus riosca eagraíochtúil.

Cathaoirleach: Patrick Gilligan

Darina Muckian

James Fitzmaurice

An tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh

Rúnaí: Glenda Griffin

An Coiste Comhairleach Cumarsáide

Áirítear i measc bhaill an Choiste Chomhairligh Cumarsaide (CAC) baill bhoird RPII agus baill sheachtracha a bhfuil spéis acu i gcúrsaí cumarsáide agus saineolas acu ar na cúrsaí sin. Cuireann CAC comhairle ar fáil do CAC i ndáil le pleanáil agus cur i bhfeidhm clár agus plé leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara eile. Thosaigh Annette Cahalane, Oifigeach Clár, i bhfeighil Cúrsaí Cumarsáide agus Meáin sa Ghníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, mar bhall den Choiste chun cuidiú leo ó thaobh na feidhme tacaíochta agus comhtháite cumarsáide idir EPA agus RPII i gcomhthéacs an chumaisc atá beartaithe idir an dá eagraíocht. Tháinig an coiste le chéile trí huaire le linn 2013.

Cathaoirleach: James Fitzmaurice

Annette Cahalane

Darina Muckian

John O'Dea

Brian Trench

Rúnaí: Linda Coyne

An Coiste Comhairleach um Radaíocht Ianúcháin

Is éard atá i gCoiste Comhairleach um Radaíocht Ianúcháin RPII ná foras comhairleach ardleibhéil eolaíochta a chuireann treoir ar fáil do bhord agus d'fheidhmeannas RPII faoi chúrsaí a bhaineann le radaíocht ianúcháin a chuireann bord nó feidhmeannas RPII faoina bhráid, le béim ar leith ar chúrsaí sláinte poiblí. Áirítear i measc na 16 bhall boird ar an gcoiste saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus cuimsítear raon leathan disciplíní, lena n-áirítear cosaint radaíochta; sláinte phoiblí, eipidéimeolaíocht, freagra éigeandála agus fisic an leighis. Le linn 2013, tháinig an coiste le chéile dhá uair chun raon topaicí a phlé a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo, lena n-áirítear an measnú ar thionchar stáisiúin nua sa Ríocht Aontaithe agus Sellafield; taighde chun tacú le cur i bhfeidhm NRCS; cosaint radaíochta sa chomhshaol agus plean straitéiseach RPII ag cuimsiú an aistrithe ó RPII chuig Oifig um Chosaint Raideolaíoch EPA (2014 go 2015).

Cathaoirleach: An Dr Paraic James

An Dr Michael Casey

An Dr James McLaughlin

An Dr Harry Comber

An Dr Jill Meara

An Dr Peter Finnegan

An tOllamh Peter Mitchell

An Dr Maurice Fitzgerald

An Dr Neil O'Donovan

An Dr Jean Luc Godet

An Dr Geraldine O'Reilly

Seán Hogan

An Dr Jane Renehan

An tOllamh Ian McAulay

An tOllamh Wil Van Der Putten

An tOllamh Brendan McClean

Rúnaí Eolaíochta: Stephanie Long

Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí

Tharla athchóiriú suntasach sa tseirbhís phoiblí faoi Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014, agus thar na blianta sin, rinne RPII a chion costais a laghdú agus acmhainní a roinnt chun luach níos fearr ar airgead a bhaint amach. Cibe scéal é, bheartaigh an Rialtas go raibh gá le bearta breise chun bonn is taca a thabhairt do sholáthar seirbhíse piblí a bheadh níos comhtháite, níos éifeachtaí agus níos éifeachtúlaí. Chuige sin, in 2013 foilsíodh Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2013-2016, ar a dtugtar Comhaontú Bhóthar Haddington (HRA).

Faoin gcomhaontú seo, legadh amach bearta breise inbhuanaithe athchóirithe le cur i bhfeidhm sna réimsí seo a leanas: ciorruithe sa tsaoire bhliantúil agus socruithe pá, athimlonnú, bainistiú feidhmíochta, socruithe solúbtha oibre, socruithe maidir le romhroinnt oibre agus athstruchtúrú an fhórsa oibre.

Vótáil baill chearchumainn RPII glacadh le téarmaí HRA agus cuireadh an comhaontú i bhfeidhm de réir mar ba chuí d'fhoireann uile RPII.

Mar thoradh ar an gcomhaontú, thug foireann AD in RPII athruithe isteach i ngach ceann de na reimsí thuasluaite.

- Gearradh pá agus saoire bhliatúil na foirne. Bhain méid na gciorruithe sin le páscálaí agus liúntais.
- I gcás gur tháinig folúntas d'Oifigeach Cléireachais chun cinn, bogadh foireann timpeall sa státseirbhís chuig RPII. Shábháil sé seo ar chostais earcaíochta agus laghdaigh sé ar an mbrú ó thaobh líon na ndaoine fostaithe sa státseirbhís.
- Leasaíodh an córas um bainistiú feidhmíochta, a bhí ag feidhmiú go maith faoi RPII cheana féin, ionas go bhféadfaí athbhreithniú foirmiúil bliantúil a dhéanamh ar shocruithe comhroinnte oibre. Mar thoradh air sin, tá bainistiú breise ann don leithdháileadh teann acmhainní foirne in RPII.
- Cuireadh i bhfeidhm lá oibre níos faide agus tugadh isteach srianta ar shocruithe d'uaireanta solúbtha oibre. Ciallaíonn sé seo go n-oibríonn an fhoireann lá oibre níos faide d'fhonn freastal ar éilimh, agus tá teorainn níos mó leis an méid saoire is féidir leo a 'éileamh ar ais'. Bíonn tionchar aige seo ar an líon uaireanta oibre a dhéantar gach seachtain.
- Bhí socruithe comhroinnte oibre cheana féin de réir cheanglais HRA agus mar sin ní raibh gá aon athruithe a dhéanamh.
- Ní dhearnadh aon athstruchtúrú ar leith ar an bhfórsa oibre in 2013. An chúis leis sin ná go raibh RPII i lár an chumaisc le EPA, agus bhí sé sin ina athstruchtúrú fórsa oibre ann féin. Meastar go gcuimseoidh an plean nua athstruchtúraithe fórsa oibre ceanglais HRA.

Chuir RPII Plean Comhtháite um Athchóiriú faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, inar leagadh amach pleananna agus dul chun cinn i dtreo bhaint amach an chláir oibre athchóirithe ar fud raon réimsí téamacha. Díol suntais ina leith seo an méid a dhéanfaidh an cumasc le EPA do laghdú ar chostais dhúbailte agus sinéirgí a bhaint amach ag eascairt ó chomhroinnt eolais agus saineolais chun níos mó a sholáthar mar eagraíocht chumaiscthe ná mar a d'fhéadfaí le dhá eagraíocht ar leithligh.

Ár rialachas (ar lean)

Mar thoradh ar na bearta thuasluaite d'éirigh leis an bhfoireann níos mó a chur ar fáil ar níos lú agus dá bharr sin laghdaíodh ar chostais; cibe scéal é, i ngníomhaireacht bheag, ní bhíonn an t-aschur méadaithe mar thoradh ar na hathruithe sin chomh follasach céanna.Tá sé seo fíor ach go háirithe ó thaobh RPII sa mhéid go bhfuil an fhoireann faoi bhrú suntasach cheana féin a fheidhmeanna a chomhlíonadh, ó tharla sé gur gearradh siar ar líon na mball foirne mar thoradh ar an moratóir ar earcaíocht atá i bhfeidhm ó bhí 2010 ann.

Baill an Bhoird

Tháinig an bord le chéile seacht n-uaire le linn na bliana. Taispeántar thíos an líon cruinnithe ar fhreastail gach ball boird orthu, agus taispeántar idir lúibíní an líon cruinnithe a raibh an ball boird i gceist i dteideal freastal orthu. Chomh maith leis sin, taispeántar ainm an duine/na heagraíochta a d'ainmnigh iad agus dáta an chéad cheapacháin.

Ainm	**Ainmnithe ag**	**Dáta an Chéad Cheapacháin**	**Cruinnithe ar freastalaíodh orthu le linn 2013**
An tOll. William Reville, *Chairman*	An tAire Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil	Eanáir 2012	7(7)
An Dr Patricia Cunningham	Comhairle na nDochtúirí Leighis	Feabhra 2012	7(7)
An Dr Maurice Fitzgerald	An Chomhairle Fiaclóireachta	Iúil 2008	5(7)
James Fitzmaurice	An tAire Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil	Aibreán 2002	6(7)
Patrick Gilligan	Cumann na nEolaithe Fisice sa Leigheas	Lúnasa 2006	6(7)
An Dr Paraic James	An tAire Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil	Eanáir 2012	1(7)
An Dr Kevin Kelleher	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	Meán Fómhair 2007	1(7)
Darina Muckian	An tAire Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil	Aibreán 1997	7(7)
John O'Dea	An tAire Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil	Samhain 2009	5(7)
Adi Roche	An tAire Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil	Meitheamh 1997	4(7)
An Dr Stephanie Ryan	Dámh na Raideolaithe RCSI	Iúil 2010	4(7)

An tOllamh William Reville (Cathaoirleach)

Ceapadh an tOllamh Reville ina Chathaoirleach ar an RPII sa bhliain 2011. Bhí an tOllamh Reville i measc na mball a bhunaigh an RPII sa bhliain 1991 agus d'fhóin sé ar an mbord ar feadh seacht mbliana. Tá sé in Ollamh Emeritus le Bithcheimic ag an gColáiste Ollscoile Corcaigh (UCC), áit a raibh sé ag obair ó bhí 1975 ann. Bhí sé ag feidhmiú mar Oifigeach Cosanta Radaíochta na hOllscoile ag UCC idir 1978 agus 2011. D'fhóin sé ar dhá bhord náisiúnta eile: Cumann Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta na hÉireann agus Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath. Tá a lán ábhair foilsithe ar obair an Ollaimh Reville i réimse bhithcheimic na matán agus sa mhicreascópacht leictreonach. Scríobhann sé ábhar go minic freisin don *Irish Times*. Chomh maith leis sin, tá sé ina Oifigeach Feasachta Poiblí Eolaíochta ag UCC agus eagraíonn sé an tSraith Bhliantúil de Léachtaí Poiblí Eolaíochta.

An Dr Patricia Cunningham

Tá an Dr Cunningham ina Raideolaí Comhairleach in Ospidéal Muire Máthair, an Uaimh, Droichead Átha.

An Dr Maurice Fitzgerald

Cháiligh an Dr FitzGerald ó UCC sa bhliain 1989 agus tá sé ag obair mar chleachtóir fiaclóireachta ginearálta i Sligeach. Fuair sé MSc sa Raideolaíocht Fiaclóireachta sa bhliain 2000 ó Ollscoil Londain agus tá sé ar bhord an RPII mar ainmní na Comhairle Fiaclóireachta, ar a bhfuil sé mar bhall tofa.

James Fitzmaurice

Ceapadh James Fitzmaurice ar an mBord sa bhliain 2002. Tá sé ina Chathaoirleach ar Choiste Comhairleach Cumarsáide an RPII agus tá sé ina bhall den Choiste Iniúchta freisin. Tá sé ina Stiúrthóir Bainistíochta ar an nGrúpa Foilsitheoireachta Bradan a fhoilsíonn an Public Sector Times agus nuachtáin éagsúla áitiúla. Tá sé ina bhall d'Institiúid Chairte na nIriseoirí agus tá céim aige sa Bhainistíocht, BA (Mgmt); agus MBA. Ar na poist a bhí aige roimhe seo áirítear Cathaoirleach ISME; Uachtarán Chomhlachas Tráchtála Bhré; agus Cathaoirleach ar Dhamhachtainí R-Sheirbhísí Rialtas na hÉireann. Bhí sé ar líon mór tascfhórsaí gnólachtaí beaga agus coistí, chomh maith le bheith ina bhall fadtéarmach de Choiste Polasaí Straitéiseach um Chomhshaol agus Dhramhaíl de Chomhairle Contae Chill Mhantáin.

Patrick Gilligan

Ceapadh Mr Gilligan ar an mBord sa bhliain 2006. Is Príomhfhisicí é a chuireann seirbhísí cosanta radaíochta agus saineolas fisice leighis ar fáil d'Ospidéal Príobháideach an Mater. Tá sé ina iar-Chathaoirleach ar Chumann na nEolaíochtaí Fisice i gCúrsaí Leighis agus tá sé ina bhall den Choiste Radaíochta Ianúcháin Leighis den Chomhairle Leighis é.

An Dr Paraic James

Is Léachtóir Sinsearach é an Dr James i Scoil na nEolaíochtaí Ceimice in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Is céimí é d'Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, NUIG Gaillimh, áit ar bronnadh céimeanna BSc agus PhD air.

An Dr Kevin Kelleher

Ceapadh an Dr Kevin Kelleher ar an mBord sa bhliain 2007. Tá an Dr Kelleher ina Stiúrthóir Cúnta Náisiúnta do Shláinte an Daonra – Cosaint Sláinte, ag bainistiú na seirbhísí sláinte poiblí do HSE. Tá spéis ar leith aige in éifeachtaí an chomhshaoil ar shláinte an duine.

Darina Muckian

Is céimí Fisice í Darina Muckian a ceapadh ar an mBord sa bhliain 1997 agus tá níos mó ná deich mbliana taithí aici sna tionscail leictreonaice agus bogearraí agus rinne sí stocaireacht ar shaincheisteanna comhshaoil.

John O'Dea

Ceapadh John O'Dea ar an mBord sa bhliain 2009 tar éis bheith ag obair mar mhúinteoir/léachtóir fisice, eolaíochta comhshaoil agus oideachais. D'fhoilsigh sé sna réimsí radaíochta go hacadúil agus don phobal i gcoitinne. Bhí sé rannpháirteach le fada i ngníomhaíochtaí sóisialta agus cultúrtha lena n-áirítear tréimhsí mar chathaoirleach ar CND Shligigh, Féile Ealaíne Shligigh agus Ionad Samhlach na nEalaíon.

Adi Roche

Agus í ceaptha ar an mBord sa bhliain 1997, is Bunaitheoir/POF í Ms Roche ar Chernobyl Children International, an phríomheagraíocht idirnáisiúnta do leanaí a bhfuil stádas NGO den Náisiún Aontaithe aige agus a chuireann cláir leighis, dhaonnúla, shóisialta agus oideachais ar fáil ar fud na réigiún Chernobyl. Tá a lán gradam idirnáisiúnta cáiliúil buaite aici agus dochtúireachta oinigh bronnta uirthi, is údar bisiúil í, agus bhí sé ar roinnt clár faisnéise teilifíse faoi Chernobyl.

An Dr Stephanie Ryan

Ceapadh an Dr Stephanie Ryan ar an mBord sa bhliain 2010. Is Raieolaí í an Dr Ryan in Ospidéal Ollscoile na Leanaí, Sráid Temple, Baile Átha Cliath. Is ball de Dhámh na Raideolaithe í freisin agus is ball coiste í de Choiste Radaíochta Ianúcháin Leighis den Chomhairle Leighis.

Struchtúr na Foirne

Ann McGarry
Príomhfheidhmeannach

Tom Ryan
Stiúrthóir:
Rialáil agus Bainistiú Faisnéise

David Pollard
Stiúrthóir:
Radón agus Airgeadas

Ciara McMahon
Stiúrthóir:
Faireachas Comhshaoil
agus Measúnú

Barbara Rafferty
Stiúrthóir:
Forbairt Chorparáideach

Foireann RPII 2013

Sarah Baker	Eileen Hayden	Máirín O'Colmain
Bella Bolger	Kevin Kelleher	Catherine Organo
Olivia Cluskey	Marie Kelly	David Pollard
Linda Coyne	Tanya Kenny	Sheila Powell
Noeleen Cunningham	Pamela Lennon	Barbara Rafferty
Ashley Curran	Stephanie Long	Tom Ryan
Lorraine Currivan	Ann Lyng	Catherine Scully
David Dawson	Jack Madden	Amy Sheridan
Lucy Doody	Ciara Maguire	Veronica Smith
Jarlath Duffy	Ann McGarry	Killian Smith
Stephen Fennell	Paul McGinnity	Stephen Somerville
David Fenton	Alison Dowdall	David Spain
Paul Fitzgerald	Leo McKittrick	Hugh Synnott
Rachel Flynn	Ciara McMahon	Rose Timmins
Glenda Griffin	Michael Murray	Sharon Wade
Olwyn Hanley	Collette O'Connor	Jennie Wong

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais na hInstitiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013 iniúchta agam faoin Acht um Chosaint Raideolaíoch (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004. Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis sin, comhdhéanta den Ráiteas ar Bheartas Cuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus na nótaí ghaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm a bhí forordaithe in Alt 16 den Acht um Chosaint Raideolaíoch 1991 agus de réir na gcleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leo in Éirinn.

Freagrachtaí na hInstitiúide agus na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil

Tá freagracht ar an Institiúid as na ráitis airgeadais agus as a chinntiú go dtugann siad léargas fíorcheart, ar chaoi ghnóthaí na hInstitiúide agus ar a ioncam agus caiteachas, agus as rialtacht idirbheart na hInstitiúide a chinntiú.

Díscaoileadh an Institiúid an 1 Lúnasa 2014 agus aistríodh a sócmhainní agus a dliteanas chuig an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, de réir mar atá sonraithe sa ráiteas maidir le beartais chuntasaíochta.

Tar éis dhíscaoileadh na hInstitiúide, is í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil a bhí freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, de réir Alt 11 den Acht um Chosaint Raideolaíoch (Forálacha Ilghnéitheacha) 2014.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

An fhreagracht atá ormsa ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a thabhairt trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit.

Déanaim iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hiniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta.

Raon an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Mar chuid den iniúchadh faighim fianaise faoi shuimeanna agus faisnéisiú sna ráitis airgeadais, ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. Áirítear leis seo measúnú a dhéanamh ar

- cibé acu an raibh na beartais chuntasaíochta iomchuí do chúinsí na hInstitiúide nó nach raibh agus ar cuireadh iad i bhfeidhm go seasta agus ar tugadh faisnéis iomleor ina leith
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Lorgaím freisin, le linn m'iniúchta, fianaise faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir cleachtais chuntasaíochta a nglactar leo go coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí na hInstitiúide ag 31 Nollaig 2013 agus ar a hioncaim agus ar a caiteachas don bhliain dar chríoch 2013.

Is é mo thuairim gur choinnigh an Institiúid leabhair chuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Nithe a dTuairiscím Orthu trí Eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht sna cásanna seo a leanas

- Mura bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a bhí ag teastáil uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- I gcás gur tháinig sé chun solais le linn m'iniúchta go raibh aon chás inar úsáideadh airgead ar chúiseanna seachas na cúiseanna a bhí beartaithe don airgead sin nó i gcás go raibh idirbhearta ann nach raibh ag teacht leis an údarás ag gabháil leo, nó
- I gcás nár léirigh an ráiteas um rialú inmheánach airgeadais go raibh an Institiúid ag cloí leis an gCód Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- I gcás go dtugaim faoi deara aon nithe ábhartha eile i ndáil leis an gcaoi a reáchtáladh gnó poiblí.

Níl aon ní le tuairisciú agam i ndáil leis na cúrsaí a mbíonn gá tuairisciú orthu trí eisceacht.

Patricia Sheehan
Thar ceann agus ar son an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

An 22 Nollaig 2014

Ráiteas maidir le Rialuithe Inmheánacha Airgeadais

De réir mar a foráladh san Acht um Chosaint Raideolaíoch (Forálacha Ilghnéitheacha) 2014, díscaoileadh an Institiúid um Chosaint Raideolaíoch ar an 1 Lúnasa 2014 agus aistríodh a sócmhainní, a dliteanais agus a foireann chuig an nGníomhaireacht um Chosaint Raideolaíoch. Go dtí an dáta sin bhí an Institiúid um Chosaint Raideolaíoch freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht chóras um rialú inmheánach airgeadais na hInstitiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch.

Déanaimse, mar Ard-Stiúrthóir na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, na ráitis seo a leanas bunaithe ar obair an Chathaoirligh agus an iar-Phríomhfheidhmeannaigh den Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch, atá anois ina bhall de Bhord na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil.

Le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2013 go dtí an 31 Nollaig 2013 bhí Bord na hInstitiúide um Chosaint Raideolaíoch freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar chóras um rialú inmheánach airgeadais na heagraíochta agus as éifeachtacht an chórais in a chinntiú.

Níl ar chumas an chórais ach forchinntiú réasúnta seachas forchinntiú iomlán a thabhairt, go ndéantar cosaint ar shócmhainní, go ndéantar taifead ar aon idirbheart agus go mbíonn sé údaraithe, agus go dtugtar faoi deara nó go gcuirtear stop le haon mhírialtacht ábhartha, laistigh de thréimhse réasúnta.

Príomhghnáthaimh don Rialú Éifeachtach Inmheánach Airgeadais

i) Tá céimeanna glactha ag Bord na hInstitiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch le suíomh cuí rialaithe a chinntiú san Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch ar na bealaí seo a leanas:

- Ráiteas Straitéise RPII 2011-2013 a fhoilsiú. Cuimsíonn an Straitéis sin an tréimhse go dtí 2013 agus leagtar amach ann spriocanna eagraíochtúla RPII. Déantar monatóireacht ar chur i bhfeidhm na Straitéise agus cuirtear tuairisc ar fáil do Bhord RPII go tréimhsiúil ina leith sin.
- Aontú ar chlár sonrach oibre le haghaidh gach bliana agus monatóireacht is meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an chláir oibre ar bhonn rialta.
- Cruinnithe rialta Boird agus cruinnithe míosúla bainistíochta a reáchtáil ag a mbeadh clár oibre mar a bpléifí nithe amhail Rialachas Corparáideach agus Bainistiú Airgeadais.
- Glacadh le sraith de ghnáthaimh airgeadais chun gnéithe suntasacha de ghnó RPII a rialú agus iadsan a fhoilsiú i Lámhleabhar an Fhostaí.
- Sceideal cuimsitheach de bharántachtaí a chothabháil chun leasa RPII a chosaint.
- Coiste um Iniúchadh Inmheánach a bhunú, agus iniúchóir inmheánach a cheapadh mar chuid den athbhreithniú córasach leanúnach ar an timpeallacht inmheánach agus ar ghnáthaimh rialachais laistigh de RPII.
- Beartas agus Creat Bainistithe Riosca a bhunú.
- Freagrachtaí bainistíochta a shainiú go soiléir ag tarmligean feidhmeanna cuí, agus athbhreithniú is faomhadh a dhéanamh ar bheartais agus gnáthaimh lárnacha RPII.
- Glacadh le Cód Iompair Gnó do Stiúrthóirí agus don Fhoireann de réir cheanglais an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.
- A chinntiú go bhfuiltear ag cloí leis na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí agus le Paragraf 21 den Chéad Sceideal d'Acht RPII 1991 i ndáil le Dearbhú agus Faisnéisiú Leasa.

ii) Le linn na tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2013 rinneadh athbhreithniú ar Chláir Riosca na hInstitiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch de réir Bheartas Bainistithe Riosca na hInstitiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch agus ullmhaíodh Clár um Riosca Corparáideach.

iii) Tá an córas um rialuithe inmheánacha airgeadais bunaithe ar chreat d'fhaisnéis rialta bainistíochta, ar chóras tarmligin agus cuntasachta agus ar ghnáthaimh riaracháin a áiríonn scagadh dualgas. Áiríonn sé go háirithe:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil, a athbhreithníonn agus a fhaomhann an Bord.
- Sannadh buiséad agus d'údarás buiséid agus freagracht as feidhmeanna sonracha do bhainisteoirí roghnaithe sinsearacha.
- Srianadh a dhéanamh ar an údarás chun údarú a dhéanamh ar íocaíochtaí de chuid na hInstitiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch agus teorainneacha a shocrú do na suimeanna a údaraítear.

Ráiteas maidir le Rialuithe Inmheánacha Airgeadais (ar lean)

- Athbhreithnithe rialta arna ndéanamh ag an mBord ar fhaisnéis agus tuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla (lena n-áirítear cuntais bhainistíochta), a chuireann in iúl conas mar atá an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis na buiséid.
- Córas rialaithe ar fhaomhadh foriomlán na gconarthaí caipitil agus comhairleoireachta.

iv) Déantar na himpleachtaí airgeadais a bhaineann le rioscaí gnó a bhreithmheas trí phróiseas foirmiúil de mheasúnú riosca gnó agus de réir mar atá Pleananna Iniúchta Inmheánaigh á n-ullmhú don Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch. Eisíodh gnáthaimh chun rialú a dhéanamh ar ghnéithe suntasacha de ghnó na hInstiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch, agus shocraigh an Bord teorainneacha údaraithe le haghaidh ceannacháin.

v) Bhí triúr ball boird ar Choiste Iniúchóireachta na hInstitiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch chomh maith le duine amháin seachtrach ag a raibh saineolas airgeadais agus iniúchóireachta.

I mí Samhna 2013 rinne Deloitte athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais i ndáil leis an mbliain airgeadais 2013. Ní raibh aon thorthaí criticiúla ag eascairt ón iniúchadh sin. Rinne Coiste Iniúchóireachta san Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch athbhreithniú ar an tuarascáil sin i mí Feabhra 2014 agus d'fhaomh Bord na hInstitiúide é sin dhiaidh sin.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Rinne an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch athbhreithniú ar éifeachtach an chórais um rialú inmheánach i ndáil leis an mbliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013 thar ceann an Bhoird.

Sínithe thar ceann an Bhoird



Laura Burke
Ard-Stiúrthóir (EPA)

16 Nollaig 2014

Ráiteas maidir le freagrachtaí na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil

Bunaíodh an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch in 1992 de réir an Achta um Chosaint Raideolaíoch, 1991. Ba é an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch an eagraíocht náisiúnta a raibh an fhreagrach air a chinntiú go mbeadh an comhshaol agus pobal na hÉireann cosanta ó éifeachtaí díobhálacha na radaíochta ianúcháin. Chomhlíon an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch a shainchúram trí rialáil láidir éifeachtach a chur ar fáil dóibhsean go léir a bhaineann úsáid as foinsí radaíochta san obair agus trí obair i gcomhar le húdaráis rialála eile.

Rinne an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch monatóireacht ar a mhéid a bhí pobal na hÉireann nochta don radaíocht ó fhoinsí ina ngairmeacha agus foinsí sa chomhshaol. Chomh maith leis sin, chuir an Institiúid comhairle ar fáil don phobal agus don Rialtas maidir le foinsí radaíochta agus faoin mbaol a bhain leosan agus conas iad a bhainistiú.

Bhí ról lárnach ag an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch ina chinntiú go mbeadh Éire ullamh d'éigeandáil i gcás timpiste núicléach thar lear agus bhí freagrach as forbairtí i ndáil le cumhachtstáisiúin núicléacha thar lear.

I measc fheidhmeanna na hInstitiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch bhí siad seo:

- Comhairle a sholáthar don Rialtas, don Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus d'Airí eile faoi chúrsaí a bhaineann le sábháilteacht raideolaíoch.
- Eolas a sholáthar don phobal faoi chúrsaí a bhaineann le sábháilteacht raideolaíoch.
- Saotharlann náisiúnta a chothabháil agus a fhorbairt chun leibhéil radaighníomhaíochta a thomhas sa chomhshaol agus chun measúnú a dhéanamh ar shuntas na leibhéal sin do phobal na hÉireann.
- Bheith i bhfeighil an rialaithe le ceadúnas ar sheilbh, úsáid déantús, iompórtáil, iompar, dáileach easpórtáil agus diúscairt substaintí radaighníomhach, gléasanna ionradaíochta agus foinsí eile de radaíochta ianiúcháin.
- Cuidiú le forbairt pleananna náisiúnta d'éigeandálaí ag eascairt ó thimpistí núicléacha agus tacaíocht a sholáthar do na pleananna sin.
- Taighde a dhéanamh agus a chur chun cinn i réimsí cuí.
- Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí thar lear maidir le stáisiúin núicléacha agus sábháilteacht núicléach i gcoitinne agus an Rialtas a choinneáil ar an eolas faoi aon impleachtaí a bheadh acusan d'Éirinn.
- Comhoibriú leis na húdaráis chuí i stáit eile agus le heagraíochtaí iomchuí idirnáisiúnta.
- Feidhmiú thar ceann an Stáit ar fhorais idirnáisiúnta a bhaineann le sábháilteacht raideolaíoch.
- Feidhmiú mar an t-údarás inniúil faoi choinbhinsiúin idirnáisiúnta maidir le cúrsaí núicléacha.
- I gcás gur iomchuí é, seirbhísí speisialtóireachta radaíochta a sholáthar nó maoirseacht a dhéanamh ar a soláthar, amhail dáileogmhéadracht phearsanta, tomhas radaighníomhaíochta, calabrú uirlisí, tomhais radóin agus teastasú táirgí.

Freagrachtaí na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil

Díscaoileadh an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch ar an 1 Lúnasa 2014 faoi ionstraim reachtúil de bhun an Achta um Chosaint Raideolaíoch (Forálacha Ilghnéitheacha) 2014. Ar an lá sin aistríodh a fheidhmeanna go léir chomh maith lena sócmhainní, a dliteanais, agus a foireann chuig an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

Tá sé de cheangal ar an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil faoi Alt 11 den Acht um Chosaint Raideolaíoch (Forálacha Ilghnéitheacha) 2014 cuntais deiridh a ullmhú, a thugann léiriú fíorcheart ar an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíocht (díscaoilte anois) agus ar a ioncam agus a chaiteachas don tréimhse. Mar thoradh air sin, tá se de cheangal ar an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil cuntais a ullmhú don tréimhse an 1 Eanáir 2013 go dtí an 31 Nollaig 2013 agus na cuntais scoir a ullmhú a chuimsíonn an tréimhse an 1 Eanáir 2014 go dtí an 1 Lúnasa 2014. Ní raibh aon fhreagracht rialachais ná oibríochtúil ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil as an Institiúid Éireanach um Chosaint Raideolaíoch le linn thréimhse na gcuntas. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú tá sé de cheangal ar an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Beartais cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnata agus stuama.
- Ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh.
- Nochtadh a dhéánamh ar aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin infheidhmithe cuntasaíochta.

Ráiteas maidir le freagrachtaí na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (ar lean)

Tá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil tar éis cloí leis na ceanglais thuasluaite agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

D'fhaomh Bord na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil na ráitis airgeadais an 16 Nollaig 2014.

Laura Burke
Ard-Stiúrthóir (EPA)

Dara Lynott
Ball Boird

16 Nollaig 2014

Ráiteas ar pholasaithe cuntasaíochta

1. Bunús na Cuntasaíochta

Lánscor na hInstitiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch

Foráladh san Acht um Chosaint Raideolaíoch (Forálacha Ilghnéitheacha) 2014 go ndéanfaí lánscor ar an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch. Aistríodh a feidhmeanna, a sócmhainní agus a dliteanais go léir chuig an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ar bhonn gnóthais leantaigh, agus ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ag baint úsáide as an modh fa bhraithe cuntasaíochta, ach amháin áit atá léirithe thíos, agus faoin choinbhinsiún costais stairiúil, de réir cleachtas a nglactar leis go coitianta. Baintear úsáid as na caighdeáin le tuairisciú ar airgeadais a mholann comhlachtaí cuntasóireachta, nuair a thagann siad i bhfeidhm. Ainmnítear na ráitis airgeadais leis an Euro.

Go dtí an dáta ar lánscoradh í ní raibh aon fhreagracht ar an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil as an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch.

Tá na Ráitis Airgeadais san fhormáid atá faofa ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, le comhaontú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

2. Ioncam

Seasann an t-ioncam atá léirithe sna Ráitis Airgeadais faoi dheontais Oireachtais d'fháltais airgid thirim iarbhír le linn na bliana.

Aithnítear táillí ceadúnais mar ioncam de réir théarmaí na gceadúnas. Déantar táillí a fhaightear roimh ré a aithint mar réamh-ioncam.

3. Sócmhainní Seasta

Cuirtear síos ar Shócmhainní Seasta ag a gcostas, lúide aon díluacháil carntha. Déantar díluacháil a ríomh ar bhunús líne dírí trí thagairt a dhéanamh do tréimsí maireachtála ionchais na sócmhainní I gceist. Úsáidtear na rátaí mar seo leanas:

Oifig agus Saotharlann, Troscán agus Trealamh : 20%

Déantar feabhsúcháin léasa a dhímheas thar shaolré an léasa.

4. Aoisliúntas

Tá scéim pinsin le sochar sainithe i bhfeidhm ag an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoctar mar a úsáidtear ó airgid arna sholáthar ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus ó ranníocaíochtaí a baineadh ó thuarastail na foirne.

Léiríonn costais phinsin na buntáistí pinsin a shaothraigh fostaithe le linn an tréimhse agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin na foirne, a choinníonn an Institiúid. Aithnítear méid atá comhfhreagrach leis an táille pinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála, agus go bhfuil sé frithairithe le deontais a fuarthas le linn na bliana chun íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn ar dhliteanais scéime sa Ráiteas maidir leis na Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta agus aithnítear ceartúchán comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Léiríonn íocaíochtaí pinsin luach reatha íocaíochta pinsin sa todhchaí a shaothraigh an fhoireann go dtí seo. Seasann maoiniú iarchurtha pinsin don sócmhainn comhfhreagrach atá le haisghabháil sa todhchaí ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Rinneadh gach sochar, costas agus dliteanas a tháinig chun cinn agus a d'fhabhraigh ó Scéim Phinsin na hInstitiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch a aistriú chuig an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil le héifeacht ón 1 Lúnasa 2014 de réir aistriú na foirne nó fhorálacha an fhorais lánscortha faoin Acht um Chosaint Raideolaíoch 2014.

5. Cuntas Caipitil

Seasann an Chuntas Caipitil don méid ioncam neamhamúchta a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach.

6. Soláthar do Dhiúscairt Foinsí Riadeolaíocha

Bhí roinnt foinsí i seilbh na hInstitiúide, roinnt díobh a bheidh ina seilbh ar feadh roinnt blianta. Sholáthair an Institiúid don chostas a bheadh ar dhiúscairt an ábhair I rith na bliana ina bhfuarthas foinsí nua.

Cuntas ioncaim agus caiteachais

don bhliain dar críoch 31 nollaig 2013

2012 €		Nótaí	2013 €
	IONCAM		
3,499,000	Deontas ón Stát	1a	3,283,859
961,512	Glanmhaoiniú Iarchurtha do Phinsin	9b	1,166,538
263,301	Aistrithe ó/(chuig) Cuntas Caipitil	3	192,736
4,723,813			4,643,133
401,880	Seirbhís Dáileogmhéadrachta agus Calabrúcháin	1c	49,286
145,317	Seirbhís Tomhais Radóin		130,815
337,497	Seirbhís Monatóireachta Radaíochta		275,018
768,640	Seirbhís Rialála		769,419
25,506	Ioncam Ilghnéitheach/Conartha		16,496
1,678,840			1,241,034
6,402,653			5,884,167
	CAITEACHAS		
2,964,059	Tuarastail	5	2,860,403
1,389,422	Pinsean	9c	1,397,018
36,877	Seirbhís Dáileogmhéadrachta agus Calabrúcháin	1c	5,145
55,432	Seirbhís Tomhais Radóin		30,567
117,382	Seirbhís Monatóireachta Radaíochta		119,646
77,613	Seirbhís Rialála		57,579
188,703	Faisnéis Phoiblí & Cumarsáid		176,125
51,335	Sábháilteacht Núicléach & Pleanáil d'Éigeandálaí		31,267
66,162	Bainistíocht Leabharlainne agus Doiciméid		48,825
600,210	Cóiríocht agus Árachas		591,106
116,137	Taisteal agus Cothú		111,697
73,319	Earcaíocht agus Oiliúint		44,202
58,914	CFB, TF agus Seirbhís Custaiméara		70,161
57,863	Postas, Teileafón agus Soláthairtí Oifige		49,071
11,515	Táillí Iniúchta		11,515
49,010	Táillí Gairmiúla & Ilghnéitheach		32,023
571,768	Dímheas		392,736
15,112	Drochfhiacha		(3,503)
(850)	(Brabús) ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta	1c	(45,490)
102,000	Soláthar do dhiúscairt foinsí radaighníomhacha	12	(33,343)
6,601,983			5,946,750
(199,330)	FARASBARR / (EASNAMH) DON BHLIAIN		(62,583)
691,375	Iarmhéid amhail 1 Eanáir		492,045
492,045	Iarmhéid amhail 31 Nollaig		429,462

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta agus na nótaí 1 go 15.

Laura Burke
Ard-Stiúrthóir

Dara Lynott
Ball Boird

An 16 Nollaig 2014

Ráiteas maidir leis na gnóthachain agus caillteanais uile

don bhliain dar críoch 31 nollaig 2013

2012 €		Nótaí	2013 €
(199,330)	Farasbarr /Easnamh don bhliain		(62,583)
(635,000)	(Caillteanais)/Gnóthachain ó thaithí ar dhliteanais scéime phinsin		(675,000)
3,475,000	Athrú ar thoimhdiú faoi bhun luach reatha dhliteanais scéime phinsin		(763,000)
2,840,000	(Gnóthachain)/Caillteanais Achtúireacha ar dhliteanais scéime phinsin	*9(f)*	(1,438,000)
(2,840,000)	Coigeartuithe le Maoiniú Iarchurtha Pinsin		1,438,000
(199,330)	Iomlán na nGnóthachain/(gCaillteanas) don bhliain		(62,583)

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta agus na nótaí 1 go 15.

Laura Burke
Ard-Stiúrthóir

Dara Lynott
Ball Boird

An 16 Nollaig 2014

Clár comhardaithe

ag 31 nollaig 2013

2012 €		Nótaí	2013 €
1,025,862	SÓCMHAINNÍ SEASTA	*2*	766,255
	SÓCMHAINNí REATHA		
1,080,021	Airgead Tirim ar Láimh agus sa Bhanc		1,280,988
351,208	Féichiúnaithe	*10*	156,518
1,431,229			1,437,506
	CREIDIÚNAITHE - méideanna iníoctha laistigh de bhliain		
258,138	Creidiúnaithe	*11*	155,001
125,556	Soláthar do Dhiúscairt Foinsí Radaighníomhacha	*12*	24,600
555,490	Réamhioncam	*1(b)*	761,572
-	Deontas Caipitil Réamhíoctha	*13*	66,871
939,184			1,008,044
492,045	GLANSÓCMHAINNÍ REATHA		429,462
1,517,907	SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIS REATHA		1,195,717
23,075,603	Maoiniú Iarchurtha Pinsin	*9(d)*	22,805,141
(23,075,603)	Dliteanas Pinsin	*9(e)*	(22,805,141)
1,517,907	GLANSÓCMHAINNÍ		1,195,717
	Maoinithe ag:		
492,045	Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	*4*	429,462
1,025,862	Cuntas Caipitil	*3*	766,255
1,517,907			1,195,717

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta agus na nótaí 1 go 15.

Laura Burke
Ard-Stiúrthóir

Dara Lynott
Ball Boird

An 16 Nollaig 2014

Nótaí ag Gabháil leis an Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013

1. Ioncam

(a) Deontais ón Stát

Cuirtear an Deontas Oireachtais ar fáil faoi alt 15 den Acht um Chosaint Raideolaíoch,1991.An méid den deontas a cuireadh ar fáil le riar ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil faoi fho-mhírcheann C.4 ab ea €2,205,859 (2012 €2,421,000).

Fuarthas méid de €1,078,000 (2012 €1,078,000)ón gCiste Comhshaoil.

(b) Ioncam Réamhíoctha

Áitítear san ioncam réamhíoctha scair de na táillí ceadúnais a fhaightear a bhaineann le téarma neamhéagtha na gceadúnas ag deireadh na bliana. Cuirtear na táillí ceadúnais san áireamh in ioncam ar bhonn míosúil de réir mar a éagann téarma na gceadúnas. Cuirfear ioncam réamhíoctha san áireamh sna cuntais sna blianta 2014-2016 mar atá léirithe thíos.

	€
2014	541,676
2015	151,199
2016	51,112
	743,987

Áiríonn sé freisin ioncam I ndáil le tionscadal maoinithe AE ar a dtugtar PREPARE a bhfuil RPII ina rannpháirtí ann. Aithnítear an t-ioncam sin thar shaolré an tionscadail, a bheidh ar bun go dtí Eanáir 2016.

	€
2014	8,441
2015	8,441
2016	703
	17,585

(c) Seirbhís Dáileogmhéadrachta agus Calabrúcháin

Chuir RPII deireadh lena sheirbhís dáileogmhéadrachta i mí na Nollag 2012.Eisíodh na sonraisc dheiridh don tseirbhís seo i mí Eanáir 2013.

Ba é €45,490 an brabús ar dhiúscairt a d'eascair ó dhíol an trealaimh dáileogmhéadrachta agus faisnéisíodh é sin sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Nótaí ag Gabháil leis an Ráitis Airgeadais (ar lean)

2. Sócmhainní Seasta

	Feabhsúcháin Léasa €	Troscán & Trealamh Oifige agus Saotharlainne €	Iomlán €
Costas:			
Amhail an 1 Eanáir 2013	788,301	7,807,692	8,595,993
Breiseanna	-	133,129	133,129
Diúscairtí *	-	(2,560,058)	(2,560,058)
Amhail an 31 Nollaig 2013	788,301	5,380,763	6,169,064
Dímheas:			
Amhail an 1 Eanáir 2013	634,628	6,935,503	7,570,131
Muirear don bhliain	25,617	367,119	392,736
Ar dhiúscairt		(2,560,058)	(2,560,058)
Amhail an 31 Nollaig 2013	660,245	4,742,564	5,402,809
Glanluach Leabhar			
An 31 Nollaig 2013	128,056	638,199	766,255
Glanluach Leabhar			
An 31 Nollaig 2012	153,673	872,189	1,025,862

Rinneadh stocáireamh 2013 agus mar thoradh air sin baineadh gach mír as úsáid ón gClár de Shócmhainní Seasta. Bhí glanluach leabhar de náid ag na Sócmhainní Seasta sin.

3. Cuntas Caipitil

	2013 €	2013 €	2012 €	2012 €
Iarmhéid an 1 Eanáir 2013		1,025,862		1,289,163
Leithdháilte chun sócmhainní seasta a fháil	200,000		308,467	
Amúchta de réir dímheasa	(392,736)		(571,768)	
Aistrithe (chuig) Cuntas Ioncaim & Caiteachais		(192,736)		(263,301)
Aistrithe ó/(chuig) Cuntas Caipitil Roimh Ré (Nóta 13)		(66,871)		-
		766,255		1,025,862

4. Barrachas Carntha

	2013 €	2012 €
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2013	492,045	691,375
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain	(62,583)	(199,330)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2013	429,462	492,045

D'fhaomh an Bord caiteachas riachtanach le linn 2013 a raibh easnamh pleanáilte mar thoradh air le haghaidh 2013.

5. Tuarastail agus Pinsin

	2013 €	2012 €
Olltuarastail	2,715,440	2,820,644
ASPC an Fhostóra	144,963	143,415
	2,860,403	2,964,059

Fuair an Príomhfheidhmeannach íocaíochtaí tuarastail de €141,114 in 2013 (2012 - €145,952). Fuair an Príomhfheidhmeannach aisíoc de speansais taistil agus cothabhála de €11,268 in 2013. Tá an Príomhfheidhmeannach mar bhall de scéim um sochar sainithe neamh-mhaoinithe san earnáil phoiblí agus ní théann a teidlíochtaí pinsin thar na gnáth-theidlíochtaí sa scéim aoisliúntais sochair shainithe san earnáil phoiblí.

Asbhaineadh €180,970 as tuarastail na foirne mar thobhach pinsin agus íocadh é sin leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Ba é 46 (2012 - 46) an meánlíon d'fhostaithe lánaimseartha sa bhliain airgeadais, baill an Bhoird as an áireamh.

6. Ceangaltais agus Oibleagáidí Léasa – léasanna oibríobhctúla

3 Cearnóg Chluain Sceach

Is ionann na ceangaltais léasa sa tréimhse dhá mhí dhéag amach anseo agus €300,000 ar bhonn na rátaí reatha cíosa agus cuimsíonn siad íocaíochtaí cíosa ar léas ruílse. Éagann an téarma ar an 1 Deireadh Fómhair 2018. Tá an cíos faoi réir athbhreithnithe gach cúig bliana. Beidh an chéad athbhreithniú eile ann ar an 1 Deireadh Fómhair 2018.

1 Cearnóg Chluain Sceach

Is ionann na ceangaltais léasa sa tréimhse dhá mhí dhéag amach anseo agus €140,000 ar bhonn na rátaí reatha cíosa agus cuimsíonn siad íocaíochtaí cíosa ar léas ruílse 20 bliain. Tá an cíos faoi réir athbhreithnithe gach cúig bliana. Beidh an chéad athbhreithniú eile ann in 2018.

7. Ceangaltais Chaipitil

B'ionann luach na gceangaltas caipitil údaraithe an 31 Nollaig 2013 agus €0.

Nótaí ag Gabháil leis an Ráitis Airgeadais (ar lean)

8. Leas Bhaill an Bhoird

Ghlac an Bord le gnáthaimh de réir na dtreoirlínte arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i ndáil le nochtach leasa bhaill an Bhoird agus cloíodh leis na gnáthaimh sin le linn na bliana. Ní raibh aon idirbhearta ann i rith na bliana a raibh aon suntas ag baint leo i ndáil le gníomhaíochtaí na hInstitiúide a raibh aon leas sochrach ag aon bhall boird iontu. Seo a leanas miondealú ar na táillí a íocadh le baill an Bhoird le linn 2013:

	€		€
An tOllamh W. Reville (Cathaoirleach)	11,970	D Muckian	7,695
M Fitzgerald	7,695	A Roche	7,695
J Fitzmaurice	7,695	P Gilligan	7,695
J O'Dea	5,771		
S Ryan	6,525		

B'ionann an méid a thabhaigh an Bord le linn 2013 i speansais taistil & cothabhála agus €8,602.

9. Pinsin

(a) Scéim phinsin

Ullmhaíodh an fhaisnéis thíos don Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch (RPII) i ndáil le sochair is iníoctha ó Scéim Aoisliúntais na hInstitiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch ("an Scéim").

Is Scéim de shochar sainithe an scéim seo, ag soláthar sochair scoir bunaithe ar an tuarastal deiridh, de réir shamhailrialacha na hEarnála Poiblí. Tá an Scéim maoinithe gach bliain ar bhonn íoc mar a théir le hairgead arna sholáthar ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus ó ranníocaíochtaí a asbhaintear ó thuarastal na foirne.

Bunaíodh an luacháil le haghaidh fhaisnéisiú FRS17 ar mheasúnú iomlán ar dhliteanais na Scéime amhail an 31 Nollaig 2013. Rinneadh luachanna reatha na hoibleagáide sochair shainithe, na costais seirbhíse bhainteacha agus aon chostais iarsheirbhíse a mheas ag úsáid an mhodha d'aonad creidmheasa réamhtheilgthe.

Seo thíos na toimhdí a d'úsáid na hachtúirí cáilithe neamhspleácha chun na dliteanais faoi FRS17 a thomhas:

	Ag deireadh na bliana 31/12/13	**Ag deireadh na bliana 31/12/12**	**Ag deireadh na bliana 31/12/11**
Ráta lascaine	3.75%	3.75%	5.30%
Toimhde boilscithe	2.00%	2.00%	2.00%
Méaduithe Tuarastail Amach Anseo	3.00%	3.00%	3.25%
Méaduithe Pinsin Amach Anseo	2.50%	2.75%	3.25%

(b) Glanmhaoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsean sa Bhliain

	Bliain go dtí 31/12/13 €'000s	**Bliain go dtí 31/12/12 €'000s**	**Bliain go dtí 31/12/11 €'000s**
Maoiniú In-aisghabhála i ndáil leis an mBliain Reatha			
Costais Phinsin	1,588	1,574	1,523
Deontas Stáit Úsáidte chun Pinsin a Íoc	(421)	(612)	(389)
	1,167	962	1,134

9. Pinsin *(ar lean)*

(c) Anailís ar Chostais Iomlána Pinsin Curtha de Mhuirear Caiteachais

	Bliain go dtí 31/12/13 €'000s	Bliain go dtí 31/12/12 €'000s	Bliain go dtí 31/12/11 €'000s
Costais Seirbhíse Reatha	704	547	522
Costas Úis	884	1,027	1,001
Ranníocaíochtaí na bhFostaithe	(191)	(185)	(197)
Costas Iomlán	1,397	1,389	1,326

(d) Sócmhainn Iarchurtha Maoiniúcháin le haghaidh Pinsean

Aithníonn RPII méideanna atá dlite dó ón Stát don dliteanas neamh-mhaoinithe iarchurtha pinsean ar bhonn roinnt imeachtaí a tharla roimhe seo. I measc na n-imeachtaí sin tá tacaíocht reachtúil don scéim aoisliúntais agus beartas is cleachtas i ndáil le maoiniú pinsin na seirbhíse poiblí lena n-áirítear an próiseas bliantúil meastachán. Cé nach bhfuil aon chomhaontú foirmiúil ann agus dá bhrí sin aon ráthaíocht maidir leis na suimeanna sainiúla seo leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, ní aon fhianaise ag RPII nach leanfaidh an beartas maoiniúcháin seo ag fónamh go céimneach don tsuim seo de réir an chleachtais reatha. B'ionann an tsócmhainn iarchurtha maoiniúcháin le haghaidh pinsean amhail an 31 Nollaig 2013 agus €22,805 milliún (2012: €23,076 milliún).

(e) Gluaiseacht sa Ghlandliteanas Pinsin le linn na Bliana Airgeadais

	Bliain go dtí 31/12/13 €'000s	Bliain go dtí 31/12/12 €'000s	Bliain go dtí 31/12/11 €'000s
Glandliteanais Pinsin amhail an 1 Eanáir	23,076	19,274	18,137
Costais Seirbhíse Reatha	704	547	522
Costas Úis	884	1,027	1,001
Sochair íoctha sa bhliain	(421)	(612)	(389)
(Gnóthachain)/caillteanais achtúireacha ar dhliteanais *	(1,438)	2,840	3
Iarchostais Seirbhíse			
Socraíochtaí			
Settlements			
Glandliteanas Pinsin amhail an 31 Nollaig	22,805	23,076	19,274

**áiríonn sé seo tionchar na n-athruithe ar na toimhdí*

(f) Stair na nGnóthachan agus na gCaillteanas Taithí

	Bliain go dtí 31/12/13 €'000s	Bliain go dtí 31/12/12 €'000s	Bliain go dtí 31/12/11 €'000s
(Gnóthachain)/cailteanais taithí ar dhliteanais na scéime - méid:	(675)	(635)	(768)
Mar chéatadán de luach reatha dhliteanais na scéime	(2.95%)	(2.75%)	(4.00%)
Iomlán na ngnóthachan/(caillteanas) aitheanta in STRGL	1,438	(2,840)	(3)
Mar chéatadán de luach reatha dhliteanais na scéime	6.30%	(12.30%)	(0.00%)
Méid carntha na ngnóthachan/(gcaillteanas) aitheanta in STRGL^	(2,359)	(3,797)	(957)

^ léiríonn seo gnóthachain/caillteanais charntha ó 31/12/2002

Nótaí ag Gabháil leis an Ráitis Airgeadais (ar lean)

9. Pinsin *(ar lean)*

Tá na toimhdí mortlaíochta bunaithe ar tháblaí de mhortlaíocht chaighdeánach a chuireann san áireamh feabhsuithe ar mhortlaíocht sa todhchaí. Ceadaíonn an bonn mortlaíochta seo go sainiúil do fheabhsauithe i leibhéil mortlaíochta amach anseo, ionas go mbraithfidh an t-ionchas saoil ar scor do dhuine ar an mbliain a dtéann siad ar scor(aois 65). Léirítear sa tábla ionchas saoil do bhaill a bhaineann amach aois 65 in 2013 agus 2033.

Bliain a mbaintear amach aois 65	**2013**	**2033**
Ionchas Saoil - Fireann	87.5	90.0
Ionchas Saoil - Baineann	88.9	91.0

10. Féichiúnaithe

	2013 **€**	**2012** **€**
Féichiúnaithe le haghaidh Seirbhísí	48,092	138,108
Soláthar do Dhrochfhiacha	(4,345)	(15,112)
Réamhíocaíochtaí	112,771	228,212
	156,518	351,208

11. Creidiúnaithe

	2013 **€**	**2012** **€**
Creidiúnaithe agus Fabhraithe	123,735	219,817
Coimisinéirí Ioncaim	31,266	38,321
	155,001	258,138

12. Soláthar do dhiúscairt foinsí radaighníomhacha

	2013 **€**	**2012** **€**
Iarmhéid tosaigh	125,556	23,556
Úsáidte	(67,613)	
Soláthartha		102,000
Rósholáthar sa Bhliain roimh ré	(33,343)	
Soláthar deiridh	24,600	125,556

13. Deontas caipitil íoctha roimh ré

Áirítear anseo na Deontais Chaipitil arna bhfáil i ndáil le tionscadail nach raibh críochnaithe le linn na bliana:

	2013	2012
	€	€
Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir	-	-
Aistrithe (chuig)/ón gCuntas Caipitil	66,871	-
	66,871	-
Cuimsíonn an figiúr seo:		
Caiteachas Caipitil don Bhliain	(133,129)	-
Deontas Faighte	200,000	-
	66,871	-

14. Cumasc idir RPII agus EPA

Amhail an 1 Lúnasa 2014 díscaoileadh an Institiúid Éireanach um Chosaint Raideolaíoch agus na sócmhainní go léir a bhain leis agus aistríodh feidhmeanna uile RPII chuig an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ón dáta sin de réir na reachtaíochta.

15. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais an 16 Nollaig 2014.

Giorrúcháin agus Acrainmneacha

ADS	Approved Dosimetry System (Córas Faofa Dáileogmhéadrachta)
AGR	Advanced Gas-cooled ReacItors (Ard-Imoibreoirí Gás-fhuaraithe)
ALARA	As low as reasonably achievable (Chomh híseal is atá indéanta go réasúnta)
ARGOS	Accident Reporting and Guiding Operational System (Córas Oibríochtúil um Thuairisciú agus Treorú Tubaiste)
Bq/l	becquerels per litre (beicireilí do gach lítear)
Bq/m³	becquerels per cubic metre (beicireilí do gach méadar ciúbach)
BSS	EURATOM Basic Safety Standard (Bunchaighdeán Sábháilteachta Euratom)
C&AG	Comptroller and Auditor General (An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste)
CAC	Communications Advisory Committee (Coiste Comhairleach Cumarsáide)
CBRN	Chemical-Biological-Radiological-Nuclear (Ceimiceach-Bitheolaíoch-Raideolaíoch-Núicléach)
ConvEx	Conventions (on International Notification and Assistance in the event of a nuclear accident) Exercise (Cleachtadh Coinbhinsiún (um Fhógairt agus Cúnamh Idirnáisiúnta má tharlaíonn timpiste núicléach)
CRPPH	Committee on Radiation Protection and Public Health (An Coiste um Chosaint Radaíochta agus Sláinte Phoiblí)
DECLG	Department of the Environment, Community & Local Government (An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil)
EAN	European ALARA Network (Líonra AlARA na hEorpa)
ECURIE	European Community Urgent Radiological Information Exchange (Malartú Faisnéise Práinní Raideolaí An Chomhphobail Eorpaigh)
EMERCON	Emergency Convention (IAEA emergency notification system) Coinbhinsiún Éigeandála (córas fógra éigeandála an IAEA)
ENSREG	European Nuclear Safety Regulators Group (Grúpa Rialaitheoirí Eorpacha um Shábháilteacht Núicléach)
EPA	Environmental Protection Agency (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil)
FANC	Federal Agency for Nuclear Control – Belgium (An Ghníomhaireacht Fheidearálach do Rialú Núicléach – an Bheilg)
FSAI	Food Safety Authority of Ireland (Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann)
GDA	Generic Design Assessment (Measúnú um Dhearadh Cineálach)
GIS	Geographic Information System (Córas Faisnéise Geografaí)
HASS	High Activity Sealed Sources (Foinsí Séalaithe Ardghníomhaíochta)
HERCA	Heads of European Radiation Competent Authorities (Ceannasaithe na nÚdarás Inniúil um Radaíocht san Eoraip)
HSA	Health and Safety Authority (An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta)
HSE	Health Service Executive (Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte)
IAEA	International Atomic Energy Agency (An Ghníomhaireacht Náisiúnta Fuinnimh Adamhaigh)
IBCI	Irish Building Control Institute (An Institiúid um Rialú Foirgníochta)
IBEC	Irish Business and Employers Confederation (Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann)
ICRP	International Commission on Radiological Protection (An Coimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint Raideolaíoch)
ICTU	Irish Congress of Trade Unions (Comhdháil na gCeardchumann)
INAB	Irish National Accreditation Board (Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú)
IRAC	Ionising Radiation Advisory Committee (Coiste Comhairleach um Radaíocht Ianúcháin)
IUNI	Irish Universities Nutrition Alliance (Comhghuaillíocht Cothúcháin Ollscoileanna na hÉireann)
LIMS	Laboratory Information Management System (An Córas um Bainistiú Faisnéise Saotharlainne)
LLWR	Low Level Waste Repository (Taisclann do Dhramhaíl Íseal-leibhéil)

MHRA	Medical and Healthcare products Regulatory Agency (An Ghníomhaireacht um Rialáil táirgí Leighis agus Cúraim Sláinte)
MoU	Memorandum of Understanding (Meabhrán Tuisceana)
mSv	millisievert (millisíveart)
NCPU	National Crime Prevention Unit (Aonad Náisiúnta Coiscthe Coireachta)
NCRRP	National Centre of Radiology and Radiation Protection – Bulgaria (Ionad Náisiúnta um Chosaint Raideolaíoch agus Radaíochta – an Bhulgáir)
NDR	National Dose Register (An Clár Náisiúnta Dáileog)
NEA	Nuclear Energy Agency (An Ghníomhaireacht um Fhuinneamh Núicléach()
NEA-WPNEM	NEA Working Party on Nuclear Emergency Matters (Páirtí Oibre an NEA maidir le Cúrsaí Éigeandála Núicléiche)
NEPNA	National Emergency Plan for Nuclear Accidents (Plean Náisiúnta Éigeandála do Thimpistí Núicléacha)
NIEA	Northern Ireland Environment Agency (Gníomhaireacht Chomhshaoil Thuaisceart Éireann)
NPP	Nuclear Power Plant (Stáisiún Núicléach)
NRCS	National Radon Control Strategy (Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin)
NUIG	National University of Ireland Galway (Ollscoil na hÉireann, Gaillimh)
OECD	Organisation for Economic and Corporate Development
OPW	Office of Public Works (Oifig na nOibreacha Poiblí)
OSPAR	Oslo-Paris Convention (Coinbhinsiún Osló Pháras)
PRA	Probabilistic Risk Assessment (Measúnú Dóchúlachta Riosca)
PRMG	Personal Radiation Monitoring Group (An Grúpa um Monatóireacht Radaíochta Pearsanta)
RADPAR	Radon Prevention and Remediation (Cosc agus Leasú Radóin)
RPA	Radiation Protection Adviser (Comhairleoir um Chosaint Radaíochta)
RPII	Radiological Protection Institute of Ireland (An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch)
SI	Statutory Instrument (Ionstraim Reachtúil)
SMS	Safety Management System (Córas Bainistithe Sábháilteachta)
UCD	University College Dublin (Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliaht)
UK-BRE	UK Building Research Establishment (Foras Taighde Foirgníochta na Ríochta Aontaithe)
UK-DECC	UK Department of Energy and Climate Change
UK-EA	UK Environment Agency (Gníomhaireacht Chomhshaoil na Ríochta Aontaithe)
UK-NDA	UK Nuclear Decommissioning Authority (Údarás na Ríochta Aontaithe um Dhíchoimisiúnú Núicléach)
UK-ONR	UK Office for Nuclear Regulation (Oifig na Ríochta Aontaithe um Rialú Núicléach)
UNSCEAR	UN Scientific Committee on the effects of Atomic Radiation (Coiste Eolaíochta na Náisiún Aontaithe maidir le héifeachtaí na Radaíochta Adamhaí)

Teorainneacha dáileoige agus leibhéil tagartha

Is é 1 mSv in aon tréimhse 12 mhí dhéag an teorainn dáileoige do bhall den phobal.
Is é 20 mSv in aon tréimhse 12 mhí dhéag an teorainn dáileoige do dhuine a oibríonn le radaíocht. Tá teorainneacha eile i bhfeidhm má bhíonn ball ar leith den chorp faoi lé níos mó radaíochta.
Is é 200 Bq/m^3 an leibhéal tagartha radóin i dtithe.
Is é 400 Bq/m^3 an leibhéal tagartha radóin i láithreacha oibre.
Is é 200 Bq/m^3 an leibhéal tagartha radóin i scoileanna.

Radiological Protection Institute of Ireland

An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch

Déan Teagmháil Linn

An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch
3 Cearnóg Chluain Sceach
Baile Átha Cliath 14
Éire

Teil: 01 2680100
Facs: 01 2697437
R-phost: info@epa.ie
Gréasán: www.epa.ie

Uaireanta oscailte: 9:00-5:00

Clóite ar pháipéar athchúrsáilte